www.gaelsceal.ie

**Iarrthóirí DnaG Thiar Theas agus a gcuid polasaithe**
L. 20

**An cibear-spás agus an cibear-síceolaíocht**
L. 25

**Agallamh Eisiach le Gerry Adams**
L. 3



ISSN 2009-3055

# Gaelscéal

An nuachtán is fearr dearadh san Eoraip

19.11.2010

€1.65 (£1.50)
Uimh. 35

# Rialtas chun leathmhilliún a chaitheamh chun €28,000 a shábháil

## Achomharc le déanamh ar chás cúirte faoin Ghaeilge sa státseirbhís

**Meadhbh Ní Eadhra**

TÁ an chuma ar an scéal go bhfuil cinneadh déanta ag an Aire Iompair, ag an Aire Airgeadais agus ag an rialtas achomharc a dhéanamh ar chás Íde de Búrca, an Gaeilgeoir agus státseirbhíseach a bhuaigh cás cúirte san Ardchúirt ar an 29 Deireadh Fómhair, áit ar cinneadh damáistí €28,000 a thabhairt di.

Rialaigh an Breitheamh Mary Laffoy go dtabharfar an t-airgead seo d'Íde mar gheall nár tugadh bónas Gaeilge di agus í san iomaíocht le haghaidh poist sa Bhruiséil, rud a bhí i gcoinne na gciorclán a bhain le harduithe céime sa státseirbhís.

Mar gheall ar chás Íde, agus mar gheall go raibh an bua aici, léiríodh do chách go raibh "leath na Ranna Rialtais ag teacht salach ar an dlí le 35 bliain anuas i dtaobh na Gaeilge de", mar a dúirt an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, le Gaelscéal.

*Ar lean ar leathanach 2*

## Olli Rehn, Gobharnóir na hÉireann?

**An Coimisinéir Eorpach do Pholasaithe Eacnamaíochta, Olli Rehn. An leis-ean nó le muintir na hÉireann ardcheannas an stáit amach anseo má ghlactar le hairgead 'tarrthála' na hEorpa? Deir Brian Lenihan nach amhlaidh atá sé ach arbh fhéidir cur síos a dhéanamh ar Phoblacht na hÉireann mar thír neamhspleách dhaonlathach muna mbeadh cumhacht againn ar chúrsaí airgeadais na tíre?** PIC. MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

## Gaelscéal anois aitheanta mar cheann de na páipéir is fearr san Eoraip ó thaobh dearadh de

BHAIN Gaelscéal, páipéar nach bhfuil ach ocht mí ar an saol 'duais aitheantais speisialta' ag na '***2010 European Design Awards***' an tseachtain seo caite.

Seo a bhí le rá ag na breithiúna, "*The very small crew of three editorial and one designer shows what one can do with good design and concept : a very modern newspaper.*"

Deir Colm McSherry, dearthóir Gaelscéal, "Is onóir ollmhór é seo a bheith curtha san áireamh i measc cuid de na dearaí is fearr san Eoraip agus a bheith aitheanta ag na dearthóirí clúiteacha seo - go hairithe agus gan muid ar an saol ach ar feadh ocht mí."

Dúirt duine de na breithiúna, Fergus Kelly, "Ní féidir liom ach samhlú conas a bhraitheann siad agus tá éad orm - buaicphointe mo shlí beatha féin go dtí seo ná nuair a bhain mé an phríomhdhuais do Nuachtáin Áitiúla in 2007."

Bronnfar na 12ú Duaiseanna Eorpacha Nuachtán le linn na Comhdhála Eorpaí Nuachtán i Vín, príomhchathair na hOstaire, mí Aibreáin seo chugainn.

Beidh foireann *Gaelscéal* ar an ardán ansin leis na buaiteoirí móra eile ó '*Diario de Noticias*' as Madeira na Portaingéile, '*Bergens Tidende*' ón Iorua, '*Politiken*' na Danmhairge, an '*Sunday Herald*' as Albain agus '*Frankfurter Rundschau*' na Gearmáine.

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

## Doherty chun tosaigh

**Treasa Bhreathnach**

I DTOGHCHEANTAR Dhún na nGall Thiar Theas fuair Fianna Fáil 50% de sciar an vóta san olltoghchán in 2007 ach ní féidir leo a bheith ag súil le toradh chomh dearfach sin an babhta seo.

Cé gur iarrthóir maith é Brian Ó Domhnaill d'Fhianna Fáil sa ceantar, is é an dearcadh forleathan i leith réamh-fhaisnéis an toghcháin ná gur ag Pearse Doherty atá an buntáiste.

*Ar lean ar leathanach 4*

## Máire Killoran, 'Stiúrthóir na Gaeilge'

**Treasa Bhreathnach**

IS í Máire Killoran atá ceaptha mar 'Stiúrthóir na Gaeilge' sa Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Dar leis an Roinn is iad na cúramaí a bheidh ar Mháire ina post nua ná, "polasaí Gaeilge agus Gaeltachta na Roinne, an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge san áireamh."

*Ar lean ar leathanach 4*

## Dráma réamhshocraithe Rialtais?

**Treasa Bhreathnach**

LE seachtain anuas bhí an Taoiseach ag rá linn, "Ní bheidh aon '*bailout*' ann," Coimisiún na hEorpa ag rá, "níl aon ghá le '*bailout*' d'Éirinn," agus an tAire Airgeadais ag rá, "níl sé cinnte an mbeidh '*bailout*' againn." Inné thug saineolaithe de chuid Choimisiún na hEorpa, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus Banc Ceannais na hEorpa, cuairt orainn chun '*bailout*' a phlé agus méid an airgid tarrthála a chinntiú. *Ar lean ar leathanach 4*

# 1 NUACHT NÁISIÚNTA

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge
Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

## Seirbhísí Gaeilge na nÚdarás Áitiúil i mbaol

**Treasa Bhreathnach**

DE bharr an bhaic atá ar earcaíocht sa státseirbhís tá an baol ann go mbeidh seirbhísí Gaeilge sna hÚdaráis Áitiúla fágtha in áit na leathphingine. Tá roinnt Údaráis Áitiúla a bhfuil oifigí Gaeilge buana fostaithe acu agus níl aon bhaol sna hÚdaráis Áitiúla sin nach mbeidh fáil ag an mórphobal ar seirbhísí Gaeilge ach tá roinnt eile atá fostaithe ar chonradh nó ar bhonn seachtrach agus níl todhchaí na nOifigí Gaeilge úd in aon bhealach cinnte.

Deir oifigeach Gaeilge amháin, nach bhfuil ag iarraidh a bheith ainmnithe, "Táim ar chonradh 3 bliana agus tiocfaidh sé seo chun deiridh go luath sa bhliain seo chugainn. Nuair a chuir mé ceist faoi athnuachan mo chonradh, tugadh an líne dom, 'ó thaobh an dlí ní féidir linn athnuachan a dhéanamh ar chonradh.' De bharr an méid daoine atá tar éis na Comhairlí Contae seo a fhágáil ar phinsean luath, níl aon duine eile fágtha anseo le Gaeilge a bheadh in ann na cúramaí teanga a ghlacadh orthu féin."

Deir Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga, "Níl dualgas ar an Údarás Áitiúil go mbeadh oifigeach teanga lánaimseartha fostaithe acu chomh fada agus go gcuireann siad seirbhísí Gaeilge ar fáil. Tá sé molta ag an Roinn Comhshaoil dóibh go bhfostófar oifigigh Ghaeilge agus cinnte tá sé tairbheach agus bheadh muid á mholadh ach níl sé de chumhacht againn a rá gur gá oifigeach Gaeilge a bheith fostaithe acu."

I gComhairle Contae Mhuineacháin is é Pól Ó Cléirigh atá mar oifigeach Gaeilge ach é ag glacadh cúramaí Gaeilge na Comhairle Contae chomh maith lena chúramaí innealtóireachta. Bhí cúntóir teanga ag obair leis ar chúramaí Gaeilge ach de bharr an bhaic ar earcaíocht, nuair a chríochnaigh an conradh sin, níor líonadh arís é. Deir Pól, "Ba mhaith liom dá mbeadh oifigeach Gaeilge lánaimseartha ar ais. Tá post anseo do dhuine éigin ar a laghad do dhá lá go leith sa tseachtain."

Mar atá i gcás na státseirbhíseach ar fad, tá an córas fostaíochta sna hÚdaráis Áitiúla beagán casta. Mar oifigeach cléireachais tá an fostaí ar Ghrád a 3 agus faigheann siad íocaíocht ghrád a 3 ach mar oifigeach Gaeilge táthar ar Ghrád a 5. Bhí roinnt de na hoifigigh Ghaeilge ag feidhmiú mar Ghrád 5 sa chaoi is go mbeadh siad in ann cúramaí oifigeach Gaeilge a thabhairt orthu féin. Ach, dar le hoifigeach Gaeilge eile nach bhfuil ag iarraidh a bheith ainmnithe, "Dúradh linn nach bhfuil 'acting grád 5' ceaptha a bheith ag tarlú níos mó." Ciallaíonn sé seo, mura bhfuil sé ceaptha a bheith ag tarlú, go mbeidh Údarás Áitiúil amháin, ar a laghad, gan oifigeach Gaeilge má chloíonn siad le treoracha na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

**Chomh fada agus a bhaineann sé leis an oifig seo níl muid ag iarraidh go mbeadh seirbhísí teanga mar 'rogha bhreise' agus go mbeadh gá le maoiniú seachtrach dó.**

Ní hamháin go bhfuil an baol ann nach ndéanfaí conradh oifigigh Ghaeilge a athnuachan, ní líontar roinnt de na poist seo agus daoine amuigh ar shaoire mháithreachais, mar aon le poist eile sa státseirbhís. Is é seo mar a tharla le post an oifigigh Ghaeilge i gComhairle Contae Chorcaí nuair a d'imigh Orla Ní Ghliosáin amach ar shaoire mháithreachais an dara huair, rud a d'fhág an Chomhairle Contae gan oifigeach Gaeilge ar feadh timpeall 6 mhí.

Is ar Úna Ní Chuinn atá cúramaí oifigeach Gaeilge mar aon lena cúramaí eile mar oifigeach cléireachais pobail agus fiontraíochta i gComhairle Chontae Ros Comáin. Is é Dónal Mac Aodha a bhí fostaithe ag an gComhairle Chontae mar oifigeach Gaeilge lánaimseartha ach nuair a tháinig a chonradh chun críche 18 mí ó shin níorbh fhéidir athnuachan a dhéanamh air. Síleann Úna, "Ba cheart go mbeadh níos mó tacaíochta ó Fhoras na Gaeilge do na hÚdaráis Áitiúla agus iad ag iarraidh seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil.

Sílim go bhfuil daoine ag cailleadh amach mar nach bhfuil oifigeach Gaeilge lánaimseartha anseo, mar nuair a bhí, bhí i bhfad níos mó imeachtaí Gaeilge ar bun ar fud an chontae ag an am. Níl sé éasca teacht ar airgead in aon áit sna laethanta seo ach fós is fiú teacht timpeall ar an fhadhb seo, beidh brón ar dhaoine nuair a bheidh oifigigh Ghaeilge imithe agus caithfidh muid smaoineamh ar níos mó ná airgead sa chás seo."

Dar le Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga, "Chomh fada agus a bhaineann sé leis an oifig seo níl muid ag iarraidh go mbeadh seirbhísí teanga mar 'rogha bhreise' agus go mbeadh gá le maoiniú seachtrach dó. Bhí maoiniú ón Fhoras inmholta ag tús na scéime ach ba cheart go mbeadh seirbhísí Gaeilge mar chuid de na seirbhísí uile eile a chuireann na hÚdaráis Áitiúla ar fáil agus iad mar chuid den phríomhshruth."

**Ceann de na 33 míol mór a tháinig i dtír ar Inis Mhic an Doirn, Iarthar Dún na nGall, á thógáil ón trá maidin Déardaoin 18 Samhain tar éis a bhásaigh siad ó bheith triomaithe ar an gcladach os cionn coicís ó shin. (Pic : Eoin McGarvey)**

## Rialtas chun leathmhilliún a chaitheamh chun €28,000 a shábháil

*Ar lean ó leathanach a haon*

Anois tá díomá an domhain ar Íde agus ar mhórán daoine eile mar go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil sé beartaithe go ndéanfar achomharc ar an gcás. Cúpla seachtain ó shin, dúirt an Coimisinéir Teanga gur "gníomh ciniciúil" a bheadh ann dá ndéanfadh an rialtas a leithéid.

"Bhí na dlíodóirí sa chúirt ag plé costais dlí," a deir Pádraig de Búrca, fear céile Íde. "Baineadh geit asainn nuair a chuala muid go mbeadh achomharc á dhéanamh ar an gcás go dtí an Chúirt Uachtarach. Bhí ionadh ar gach duine, fiú ar ár gcuid dlíodóirí. Ní raibh muid ag súil go dtarlódh sé seo. Tá an Rialtas ag iarraidh ísliú céime a thabhairt don Ghaeilge sa Státseirbhís ag an am céanna go bhfuil an Straitéis 20 Bliain á plé acu, agus na fothoghcháin le tarlú go luath i nGaeltacht Thír Chonaill."

Tá dhá mhórcheist ag Pádraig maidir leis seo.

"Cén fáth a bhfuil an stát ag dul go dtí an Chúirt Uachtarach leis an gcás seo, ar chostas b'fhéidir leathmhilliún Euro, ar mhaithe le €28,000 a shábháil? Ní dhéanann sé ciall ar bith. Freisin, ní féidir dul go dtí an Chúirt Uachtarach gan botún dlí. Cén botún a bhí ann? Ní léir dúinn go raibh fadhb ar bith ann. Dar liom tá an Stát ag baint úsáide as airgead an cháiníocóra leis an duine beag a choinneáil síos."

Deir sé go bhfuil siad ag fanacht leis seo ar feadh ceithre bliana.

"An dtiocfaidh deireadh leis go brách? Tá an chosúlacht ann go mbeidh trí bliana eile caite sula mbeidh ar ranna Rialtais a gcuid rialacha féin a chur i bhfeidhm," ar sé. "Is céim siar é seo don rialtas i gcur chun cinn na Gaeilge . Níl cliú againn cad atá ag tarlú."

Bhí sé i gceist ag Íde scoláireacht Ghaeltachta a chur ar fáil don scoil ar ar fhreastail sí féin, ach tá sin go léir curtha siar anois. Beidh Íde ag bualadh lena cuid dlíodóirí go luath chun an chéad chéim eile sa scéal seo a phlé.

## Stephen Fry i Ros na Rún

**Dearbhaile Flynn**

DAR le Hugh Farley, léiritheoir sraithe ar Ros na Rún, nuair a cuireadh an glaoch air an chéad uair riamh ag fiosrú an mbeadh áit éigin ar sheit Ros na Rún ar fáil le haghaidh Stephen Fry, bhí sé sceiptiúil. Ach nuair a tháinig sé chun cinn gur fiosrúchán fíor agus dáiríre é bhí sé ríméadach. Beidh an t-aisteoir agus an láithreoir aithnidiúil, Stephen Fry, ag teacht ar cuairt chuig Ros na Rún an tseachtain ag tosú an séú lá de Nollaig. Tá sé cinnte go mbeidh páirt ag Fry, atá scríofa go speisialta don iomráiteach. Deir Farley go mbeidh an radharc iontach siamsúil agus greannmhar, le Fry ag plé le duine de na carachtair is mó a bhfuil gean air. Agus nochtann Farley go mbeidh comhthéacs an radhairc inchreidte.

Deir Farley go bhfuil sé sin ag tarlú ag an am ceart mar faoi láthair tá an sobaldráma níos fearr ná mar a bhí riamh le snáitheanna scéil atá thar barr. Chomh maith leis sin, toisc go mbeidh Fry ag scannánú ar chúlardán Ros na Rún mar chuid dá chlár faisnéise féin '*Planet Word*', beidh lucht leanúna domhanda tugtha isteach don sobaldráma. Craolfar an eipeasóid ar 3 Márta 2011.

# Ó Iarthar Bhéal Feirste go Contae Lú

Fógraíodh an tseachtain seo go mbeidh ceannaire Shinn Féin, **Gerry Adams**, ag seasamh i gContae Lú agus é ar thóir suíocháin sa Dáil. Labhair sé go hEISIACH le **Meadhbh Ní Eadhra** faoin gcinneadh ollmhór seo.

**Meadhbh Ní Eadhra**

"Bhí daoine i mbun díospóireachta fúmsa ag seasamh do shuíochán sa deisceart le deich mbliana anuas nó mar sin de," a mhíníonn Gerry Adams. "Ach bhí mise i gcónaí ag rá nach ndéanfadh mé é. Thosaigh mé ag smaoineamh go dáiríre faoi le sé mhí anuas nó mar sin de agus bhí rún dáiríre agam go mbeadh mé i mo sheasamh. Cinneadh pearsanta a bhí ann agus bhí orm labhairt le mo bhean chéile agus mo chlann ach shocraigh muid go ndéanfadh mé é seo dá mbeadh sé mar an rud ceart polaitiúil le déanamh. Má bhíonn mé mar TD i gContae Lú, caithfidh mé a bheith i mo chónaí ann, ach beidh mo bhaile, mo phobal, mo chlub CLG agus mo theach pobail in iarthar Bhéal Feirste i gcónaí."

Deir sé go gcaithfidh daoine a bheith ina seasamh in éadan an "drochrialtais" seo agus na "drochpholasaithe" atá acu.

"Bhí mé ag bualadh le daoine ar fud na tíre, i dTír Chonaill, i mBÁC, i nGaillimh, ar na sráideanna, agus tá daoine faoi bhrú. Tá daoine ag imeacht ón tír. Bhuail mé le daoine ar an eitleán an mhí seo caite agus dúirt siad nach mbeidh siad ar ais arís in Éirinn. Caithfear rud éigin a dhéanamh faoi seo."

Nuair a d'fhógair Arthur Morgan nach mbeadh sé ag seasamh arís, deir an tUasal Adams gur luaigh duine éigin ón Lú go bhféadfadh seisean áit Arthur a ghlacadh.

"Chuaigh mé go Tomás (Ó Searcaigh) agus Arthur Beag agus daoine eile mar sin a mbeadh meas orthu ar fud an chontae chun é a phlé," ar sé. "Chuaigh mé go daoine i mBéal Feirste freisin, mar tá grá mór agam do phobal Bhéal Feirste Thiar. Chuir mé dhá cheist ar dhaoine: Cad a shíleann tú faoin smaoineamh seo? Agus an síleann tú go mbeimid in ann an bua a fháil?"



Má éiríonn le hAdams suíochán a fháil sa Dáil, céim mhór chun tosaigh a bheidh ann do pháirtí Shinn Féin sa deisceart. Aontaíonn sé leis seo ach níl dearmad déanta ar rud éigin a dúirt an t-iarThaoiseach, Bertie Ahern, cúpla bliain ó shin.

"Mar ionadaí Bhéal Feirste Thiar, ba chóir go mbeinn ábalta caint sa Dáil ar aon chaoi, mar nuair a bhí muid páirteach i gComhaontú Aoine an Chéasta, dúirt Bertie Ahern go raibh sé sásta cead cainte a thabhairt d'ionadaithe tofa ó thuaidh," a mhíníonn sé.

An éireoidh leis an bua a fháil agus suíochán a bhaint amach?

"Níl a fhios agam," ar sé. "Níl aon chinnteacht ann ar chor ar bith. Beidh cogadh ann idir muid féin, Fianna Fáil, Páirtí an Lucht Oibre agus Fine Gael, agus beidh na páirtithe eile ag cur straitéisí le chéile. Cé nach bhfuil cinnteacht ann, ag an am céanna táim ag troid chun an bua a fháil, ní le go dteipfidh orm."

Mura n-éiríonn leis, cén todhchaí a bheidh ag SF ó dheas?

"Tá Mary Lou, Pearse, Pádraig agus a lán daoine eile ag obair go crua sa deisceart agus tá foireann SF ag fás. Ba mhaith liom dá mbeadh muid níos mó ná mar atá ag an bhomaite ach leanfaidh muid orainn agus tiocfaidh sin de réir a chéile," ar sé. "Tá rud greannmhar agus suimiúil ag tarlú ag an bhomaite. In áit amháin (An Lú), tá daoine ag rá go bhfuil siad brónach Arthur a chailleadh, agus in áit eile (Béal Feirste), tá daoine ag rá an rud céanna fúmsa. Tá sin deas agus corraitheach."

Luann sé an toghchán i dTír Chonaill agus deir sé gur suíochán Fhianna Fáil atá ann go traidisiúnta.

"Ach sin ár suíochán le buachan," ar sé. "Agus is iarrthóir iontach é Pearse (Doherty). Ní bheadh toghchán ann ar chor ar bith gan Pearse ag dul chun na hArdchúirte."

Feidhmíonn Sinn Féin ó thuaidh agus ó dheas agus deir Gerry go bhfuil sé sin deacair.

**"Rinne mé go leor agallaimh leis na meáin le cúpla lá anuas, agus bhí sé an-suimiúil, mar go raibh díospóireachtaí ann faoin teorainn, faoi Éire Aontaithe, faoi 'daoine ón tuaisceart', agus sílim nach raibh an díospóireacht sin ann le tamall, ó tharla an tubaiste eacnamaíochta."**

"Ach ag an am céanna, sin an rud ceart le déanamh, gan aon amhras," ar sé. "Cé go bhfuil airgeadas, polasaithe agus mar sin de difriúil ó thuaidh agus ó dheas, tá na fadhbanna céanna sa dá áit. Bím sa deisceart dhá lá gach seachtain ar aon chaoi."

Bhí go leor cainte le cúpla lá anuas faoi Gerry Adams ag aistriú ó cheantar tuaisceartach go ceantar sa deisceart. Mhothaigh sé go raibh sé seo suntasach.

"Rinne mé go leor agallaimh leis na meáin le cúpla lá anuas, agus bhí sé an-suimiúil, mar go raibh díospóireachtaí ann faoin teorainn, faoi Éire Aontaithe, faoi 'daoine ón tuaisceart', agus sílim nach raibh an díospóireacht sin ann le tamall, ó tharla an tubaiste eacnamaíochta."

Aistríonn baill de pháirtithe eile, leithéid Fhianna Fáil agus Fhine Gael, ó dháilcheantar amháin go dáilcheantar eile agus ní thugtar mórán suntais dó, ach an difríocht atá ann ná nach bhfuil siad ag trasnú na teorann.

Deir Gerry go ndéanfaidh sé a dhícheall an Ghaeilge a labhairt sa Dáil má éiríonn leis suíochán a fháil. Maidir lena shuíochán féin i mBéal Feirste Thiar, tá Pat Sheehan ainmnithe dó sin.

"Beimid ábalta daoine úra a chur sa tionól gan toghchán," a deir Adams. "Caithfidh toghchán a bheith ann chun MP a thoghadh ach is féidir fanacht leis sin."

**Is é Pat Sheehan a bheidh ag glacadh áit Gerry Adams i mBéal Feirste Thiar. Is Gaeilgeoir é Pat agus chaith sé 55 lá ar an dara stailc ocrais in 1981. Chaith sé beagnach fiche bliain sa phríosún agus le linn dó a bheith ann, fuair sé céim céad onóracha san Fhealsúnacht agus sa Pholaitíocht. Is iarimreoir contae é san iomáint agus is as Bóthar na bhFál in Iarthar Bhéal Feirste dó. Oibríonn sé le Coiste na nIarchimí agus tá sé mar bhall de CLG Naomh Gall. Beidh agallamh iomlán leis an Uasal Sheehan le léamh in Gaelscéal na seachtaine seo chugainn.**

## Tomás Ó Searcaigh faoi chinneadh Gerry Adams

**Meadhbh Ní Eadhra**

"Tá mé ar bís faoin gcinneadh seo! Táim chomh sásta le muc. Is rud iontach é go bhfuil Gerry Adams ag iarraidh seasamh i gContae Lú agus saol nua polaitíochta a chur sa tsiúl. Táim ag tacú leis. Luaigh Gerry cúpla mí ó shin liom é. Táim ar bís faoi seo. An bhfuil díomá orm nach mbeidh mé féin ag seasamh? Níl ar chor ar bith. Táim 34 bliain d'aois, agus tá neart ama agam go fóill. Chun an suíochán seo a bhuachan, beidh orainn iarracht mhór a dhéanamh sa chontae, agus glacadh leis go bhfuil muid ag tosú as an nua. Bhí mé ag caint le pobal Dhún Dealgan le cúpla lá anuas agus tá siad an-fhabhrach do Gerry. Tuigeann said go bhfuil athrú ag teastáil uathu agus ón tír ar fad."

# Seosamh Ó Cuaig agus grúpa ó Chonamara ag tacú le Catherine Connolly

**Meadhbh Ní Eadhra**

FÓGRAÍODH an tseachtain seo go mbeidh Catherine Connolly ag seasamh sa toghchán agus í ag lorg suíocháin Dála in iarthar na Gaillimhe. Tá Seosamh Ó Cuaig, fear a bhfuil an-aithne air mar ghníomhaí teanga agus sóisialta, comhairleoir agus polaiteoir, ag tacú léi. Atoghadh é go Comhairle Contae na Gaillimhe anuraidh do thoghcheantar Chonamara.

"Tá Catherine ag seasamh mar neamhspleách sa toghchán, agus creidim gur iarrthóir an-mhaith í," a deir Seosamh Ó Cuaig. Tá sé ag tacú go láidir léi agus ag feachtasaíocht ar a son amuigh i gConamara. Deir sé go bhfuil gaolta aici sa cheantar.

"Is as Maínis i gCarna do chuid de shinsir Catherine, chomh maith le Roisín na Mainiach i gCarna agus Inis Bearachain i gCeantar na nOileán," a deir sé. "Tá duine ag teastáil le labhairt amach ar son Chonamara, ar son na Gaillimhe, ar son an Iarthair go léir agus an Cúige agus fiú níos faide i gcéin. Ceapaim go bhfuil seans an-mhaith acu an toghchán a bhuachan. Tá aithne mhór uirthi agus bíonn sí i mbéal an phobail go minic."

Bhíodh Connolly mar mhéara na Gaillimhe agus is comhairleoir cathrach í go fóill.

"Tá sí ag seasamh go láidir ar son gnáthdhaoine, oibrithe agus daoine ar mheánioncam," a deir Ó Cuaig. "Bíonn sí ag labhairt amach i dtaobh seirbhísí sláinte freisin agus í in éadan ciorruithe an bhuiséid."

Deir an tUasal Ó Cuaig gur mhaith leis féin agus daoine eile Catherine a fheiceáil sa Dáil amach anseo.

Beidh cruinniú poiblí ann amárach in Óstán an Dóilín ar an gCeathrú Rua ag a dó a chlog sa tráthnóna, agus is féidir le duine ar bith ar spéis leis/léi tacú le Catherine agus a bheith mar chuid den ghrúpa seo, freastal ar an gcruinniú.

**Catherine Hastings (ar chlé), ó Bhaile Átha Cliath, le grianghraf dá hiníon Emma a fuair bás i dtimpiste bóthair in 2002 agus í 17 bliana d'aois. Ar dheis tá Donna Price ón Iarmhí le grianghraf dá mac Darren a fuair bás i dtimpiste agus é 18 bliana d'aois, in 2006. Chuidigh an bheirt mháthair leis an Lá Cuimhneacháin dóibh siúd a maraíodh ar na bóithe, a sheoladh. Beidh an Lá seo ar siúl De Domhnaigh agus is iad an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a d'eagraigh é.** PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND

# *'Direct Democracy Ireland'*

**Ciarán Mac Fhearghusa**

TÁ sraith cruinnithe á heagrú ag an eagraíocht nuabhunaithe *Direct Democracy Ireland* i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile chun an pobal a chur ar an eolas maidir lena gcuid aidhmeanna.

In agallamh le Gaelscéal dúirt urlabhraí ó *Direct Democracy Ireland*, Mark McCrystal, "Tá dul chun cinn mór déanta ag an eagraíocht le seachtainí anuas le coincheap an daonlathais dhírigh agus spriocanna na heagraíochta féin a chur os comhair an phobail."

Bunaíodh *Direct Democracy Ireland* i mí Iúil 2010 agus é mar aidhm acu córas daonlathach díreach a thabhairt isteach in Éirinn. Tá a mhacasamhail de chóras in úsáid cheana féin i dtíortha eile, an Eilvéis ina measc.

Tá sé mar sprioc ag *Direct Democracy Ireland* páirtí polaitiúil a chruthú agus iarrthóirí a chur san iomaíocht i ngach dáilcheantar sa chéad olltoghchán eile.

Beidh na chéad chruinnithe poiblí eile á reáchtáil sa Central Hotel ar Shráid an Chiste i mBaile Átha Cliath 2 ar 23 agus 30 Samhain agus tá breis eolais ar fáil ar an suíomh gréasáin directdemocracyireland.org.

# Dráma réamhshocraithe Rialtais?

*Ar lean ó leathanach a haon*

Bhí plé acu ar phlean airgeadais ceithre bliana an rialtais agus ar athstruchtúrú earnáil bhaincéireacht na tíre. Tagann an chuairt seo tar éis cruinnithe idir rialtas na hÉireann agus Airí Airgeadais na hEorpa sa Bhruiséil ar an gCéadaoin. Toisc go mbeidh ról chomh lárnach ag an Eoraip i dtodhchaí airgeadais na tíre, tá ceisteanna á n-ardú maidir le hardcheannas na tíre; an é go bhfuil muid á thabhairt don Eoraip tar éis na blianta a bheith caite againn ag troid ar a shon. Chiallódh a leithéid d'airgead tarrthála go mbeadh todhchaí na hÉireann ag brath go mór ar an Bhruiséil. Is cosúil go bhfuil an Bhreatain iomlán sásta iasacht de na billiúin a chur ar fáil d'Éirinn, dar leis an seansailéir George Osborne, a deir go raibh an Bhreatain, "réidh le tacú le hÉirinn."

Dúirt sé chomh maith go raibh eacnamaíocht na hÉireann mar leas náisiúnta don Bhreatain mar na comharsana is gaire dóibh.

Tá ceisteanna á n-ardú ag tráchtairí áirithe chomh maith, áfach, ar cé mhéad den phróiseas seo atá réamhshocraithe. Tá tuairimíocht láidir ann go bhfuil meaisín bolscaireachta an Rialtais tar éis na cruinnithe seo ar fad a bhainistiú chun go mbeidh glacadh níos éasca ag pobal na hÉireann leis an drochbhuiséad atá ar na bacáin acu.

Meastar go bhfuil €50 billiún ag teastáil uaidh na bainc chun maireachtáil, ach i gcúinní eile meastar go dteastóidh airgead tarrthála de €90 billiún de bharr níos mó féimheachta, riaráistí morgáiste, agus loiceadh iasachtaí sa tír. Dúirt rialtóir Bhanc Ceannais na hÉireann, Patrick Honohan, gur iasacht na mbilliún a bheidh i gceist agus go mbeidh ar an rialtas glacadh leis.

# Máire Killoran, 'Stiúrthóir na Gaeilge'

*Ar lean ó leathanach a haon*

Is ó Chontae Laoise ó dhúchas í Máire agus chaith sí seal ag obair mar iriseoir in TG4, mar cheannaire ar Chiste Craoltóireachta na Gaeilge sa tuaisceart agus in oifig an Choimisinéara Teanga roimhe seo. Tá an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge aontaithe anois ag an gComhchoiste Oireachtais agus é chun dul os comhair na Dála, táthar ag súil, roimh an Nollaig. Beidh sí freagrach as an Straitéis mar aon lena freagrachtaí eile teanga, mar sin beidh ualach mór oibre ar Mháire, a bhfuil a ceapachán níos airde i struchtúr bainistíochta na Roinne ná na príomhoifigigh. Chuir Gaelscéal roinnt ceisteanna ar an Roinn maidir leis an gceapacháin seo: Cén chaoi gur féidir post úr a chruthú sa Roinn nuair atá bac ar earcaíocht sa Státseirbhís? Is é an fhreagra a thug an Roinn ar an gceist seo ná, "Cheadaigh an Roinn Airgeadais an post úr ar iarratas ón Roinn seo a bhí bunaithe ar chás gnó agus i bhfianiase an choimitmint atá tugtha ag an Rialtas maidir le feidhmiú Straiteis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge." Faraor ní raibh an Aire Carey ar fáil chun ráiteas a dhéanamh ar an dá cheist eile: " Cén chaoi gur féidir le pobal na Gaeilge muinín a bheith acu as Stiúrthóir na Gaeilge i bhfianaise a ráitis phoiblí in agallamh le beo.ie i mí Lúnasa 2005, "Tá mé go mór in amhras mar gheall ar pháistí a thógáil le Gaeilge, mura gcintíonn tú go mbeidh Béarla den chéad scoth acu freisin." Leis an gcóras oideachais agus Gaelscolaíochta mar chroílár na Straitéise, an mbeidh Stiúrthóir na Gaeilge in ann dul i bhfeidhm ar Ghaelscoileanna agus an caighdeán oideachais atá ar fáil iontu. San agallamh céanna dúirt sí go raibh sí "go mór in amhras faoin chaighdeán oideachais a bheadh le fáil," i nGaelscoileanna. Agus Gaelscéal ag dul i gcló ní raibh aon fhreagra le fáil ón Roinn maidir leis na ceisteanna úd.

# Doherty chun tosaigh

*Ar lean ó leathanach a haon*

De réir an pobalbhreith is déanaí (Red C), tá Doherty ar 40% den vota céadrogha, tá Ó Domhnaill i bhfad siar 19%.

Tá seisear iarrthóir ag seasamh san fhothoghchán; Brian Ó Domhnaill (FF), Barry O'Neill (FG), Frank McBrearty Jnr (LO), Pearse Doherty (SF), Thomas Pringle (NS) agus Ann Sweeney (NS).

Táthar ar fad i mbun feachtasaíochta le coicís anuas, ag cnagadh ar dhoirse, ag croithead lámha, ag déanamh geallúintí agus ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar na hiarrthóirí eile.

I dtoghcheantar Dhún na nGall Thiar Theas is é 60,829 líon na dtoghthóirí agus tá trí shuíochán i gceist.

Is ar an Luan beag seo (22 Samhain) a bheidh deis ag muintir na n-oileán a vóta a chaitheamh, muintir Árainn Mhór, Thoraí, Inis Bó Finne, Inis Fraoigh, agus Ghabhla. Beidh deis vótála ag an chuid eile de na toghthóirí ar an Déardaoin seo chugainn (25 Samhain).

Beidh tionchar ag an bhfothoghchán seo ar pholaitíocht na tíre agus ar an rialtas mar atá. Mura mbuann Fianna Fáil an suíochán beidh dhá shuíochán as trí cinn acu sa cheantar ach beidh impleachtaí aige seo ar thacaíocht do bhuiséad an rialtais.

Beifear ag brath ar gach uile vóta Dála le cinntiú go n-éireoidh leis an mbuiséad. Go hiondúil is iad Fianna Fáil a thógann dhá shuíochán as na trí cinn sa cheantar. Ó thoghchán Barack Obama mar uachtarán Mheiriceá agus an bealach cliste ar úsáid sé na láithreáin shóisialta ar líne, shílfeá go raibh feachtasaíocht toghchán athruithe go mór ar fud an domhain.

Tá sé ráite ag Ann Sweeney go mbeidh sí féin ag rith a feachtais i 'cyber space' mar gheall ar easpa airgid.

Ach, mar sin féin, níl cuntas Twitter ach ag duine amháin de na hiarrthóirí, is é sin Pearse Doherty – na tweets ar fad i mBéarla cosúil leis an gceann deireanach seo, "*Just off the Frontline programme. Believe somebody was tweeting from my account while I was on air*," ach ar an taobh eile de, is é an t-aon duine é atá ag baint úsáid iomlán as feachtasaíocht ar líne.

# Bás brúidiúla a fuair Rodolfo Walsh

Tá ceangal Éireannach le scéal an Aimiréil Emilio Massera, 85 bliain d'aois, a fuair bás in Buenos Aires Dé Luain na seachtaine seo caite. Fuiliú ceirbreach a mharaigh é in ospidéal de chuid an chabhlaigh.

**Tomás Mac Síomóin**

Ba cheannaire é Massera, maille leis na Ginearáil Jorge Videla agus Orlando Agosti, ar an junta míleata a dhíbrigh an tUachtarán Isabel Perón, baintreach Juan Perón, ar 24 Márta 1976.

Bhunaíodar deachtóireacht fhuil-teach san Airgintín. Le linn na deachtóireachta seo, ar thit an tóin aisti in 1983, maraíodh 30,000 duine ar a laghad. Don chéad dá bhliain den deachtóireacht, ba é an tAimiréal Massera, ceannaire Chabhlach na hAirgintíne, a threoraigh an ghné mhíleata de ghnóithe na deachtóireachta. Ba eisean a thionscnaigh agus a threoraigh Scoil Mheicneoirí an Chabhlaigh, an ESMA, in Buenos Aires. Ba é a bhí sa "scoil" seo, dáiríre, ná príosún rúnda inar céasadh na mílte príosúnach polaitiúil go brúidiúil go dtí gur athbhunaíodh an daonlathas san Airgintín. Thugadh Massera cuairt ar an bpríosún seo go rialta le treoir a thabhairt do na céastúnaigh. Dhéantaí éigniú go rialta ar phríosúnaigh bhaineanna. Tar éis dóibh a bheith céasta, ba é a bhíodh i ndán do na príosúnaigh seo ná "eitiltí an bháis". Chuirtí na príosúnaigh in eitleáin a d'eitlíodh amach go hard os cionn na farraige. Chaití na príosúnaigh amach astu ansin, ba chuma beo nó marbh iad. Cuireadh na mílte chun báis sa mbealach brúidiúil seo.

Mar a dúirt an staraí Airgintíneach Osvaldo Bayer ar agallamh raidió nuair a scaipeadh scéal bhás Massera. "Bhí sé (Massera) ar an duine ba oilbhéasaí riamh i stair ár dtíre... Feallmharfóir srathach a bhí ann gan dabht ar bith. Thapaigh sé a éide chabhlaigh le cumhacht agus airgead a ghnóthú dó féin."

Feadhain ón ESMA, ar orduithe díreacha an amhais seo, Emilio Massera, a mharaigh an t-iriseoir Gael-Airgintíneach cáiliúil, Rodolfo Walsh, ar 25 Márta 1977. Ba de shliocht na nÉireannach an Rodolfo Walsh seo, a bhformhór ó chontaetha na hIarmhí agus Loch Garman, a chuaigh ar imirce chun na hAirgintíne sa 19ú céad. Tá scéal na n-imirceoirí seo inste go mion ag an údar Mícheál de Barra ina leabhar *Gaeil i dTír na bnGauchos* (Coiscéim 2009). Tá na Gael-Airgintínigh seo, tuairim is 400,000 acu atá ann inniu, ar an bpobal is mó den sliocht Éireannach taobh amuigh de dhomhan an Bhéarla. Ghlac cuid den phobal seo páirt ghníomhach sa troid in aghaidh na deachtóireachta, fear darbh ainm Rodolfo Walsh ina measc.

Rodolfo Walsh, a bhí mar chuid den phobal ag a raibh páirt ghníomhach acu sa troid in aghaidh na deachtóireachta san Airgintín.



An tAimiréil Emilio Massera.

Iar-Uachtarán an Airgintín, Néstor Carlos Kirchner.

Tar éis do Rodolfo a chuid meánscolaíochta a fháil ó shagairt Éireannacha in Buenos Aires, rinne sé staidéar ar an bhfealsúnacht in ollscoil na cathrach údan. Ba ghearr gur thréig sé teibíochas, áfach, le haghaidh a thabhairt ar iriseoireacht a bhí dírithe ar choiriúlacht pholaitiúil na tíre a thabhairt chun solais. Thaistil sé go Cúba in 1959 le bheith páirteach i mbunú an Prensa Latina, nuacht-áisíneacht a thug – agus a thugann fós –guth neamhspleách do thíortha Mheiriceá Theas. Fad is bhí sé in Havana bhí comhrá aige leis an nGael-Airgintíneach ba chlúití riamh, Che Guevara Lynch.

Scríbhneoir agus drámadóir aitheanta san Airgintín a bhí ann. Bhí sé as cuimse bródúil as a chúlra Éireannach. Baineann gearrscéal amháin dá chuid, Irlandeses detrás de un gato (Éireannaigh taobh thiar de chat) le hógánaigh de bhunadh na nGael san Airgintín. Ach thréig sé cumadóireacht ficsin le gníomhú go lánaimseartha sna grúpaí treallchogaíochta a bhí ag cur in aghaidh na deachtóireachta. Bhí sé páirteach i ngleiceanna armtha. D'eagraigh sé an Agencia Clandestina de Noticias y la Cadena Informativa in 1976, nuacht-áisíneacht rúnda a sháraigh an chinsireacht dhocht a bhí á cur i bhfeidm ag na deachtóirí. Thuigeadar siúd go gcaithfí an glór cumasach seo a chur ina thost. Nuair a mharaigh an t-arm iníon dá chuid, Maria Victoria, a bhí ina hoifigeach sna Montoneros, bail a compánaigh Alberto Molina, ar 29 Meán Fómhair 1976, thuig Rodolfo go rabhthas sa dian-tóir air. Nuair a timpeallaíodh an lanúin seo, bíodh is go raibh a lámha in airde acu mar chomhartha géillte, tugadh urchar sa gcloigeann dóibh beirt. Saol an Scarlet Pimpernel a bhí ag Rodolfo ina dhiaidh sin, bréagriocht á chaitheamh aige agus b'annamh sa leaba chéanna é dhá oíche i ndiaidh a chéile. Ach tháinig amhais ESMA aníos leis faoi dheireadh, a bhuí le duine dá lucht aitheantais a sceith air. Ní raibh an gunnán .22 a bhí aige le cosaint a chur air féin in ann do mheaisínghunnaí a naimhde. Bhí a chorp ar taispeáint san ESMA mar chomhartha rabhaidh do na príosúnaigh pholaitiúla a bhí á gcoinneáil sa bpríosún úd. D'imigh an corp céanna ar throigh gan tuairisc ina dhiaidh sin.

Nuair a tháinig deireadh leis an deachtóireacht, a bhuíochas le hiarrachtaí Rodolfo Walsh agus a chairde, gabhadh Emilio Massera. Chuir cúirt Airgintíneach príosúnacht saoil air i ngeall ar a choireanna iomadúla in aghaidh na daonnachta, dúnmharú Rodolfo Walsh san áireamh.

Ach scaoileadh saor é in 1990 nuair a thug an tUachtarán Menem do Emilio Massera maithiúnas do cheannairí na muirthéachta míleata. Ba ar mhaithe le "hathmhuintearas" a rinneadh é seo. Ach chuir an pardún seo olc ar chuid mhaith de mhuintir na hAirgintíne.

Níor tháinig aiféala riamh, go lá a bháis féin, ar Emilio Massera as a raibh déanta aige. "Ní gá domsa a bheith cosantach as a ndearna mé sa gcogadh in aghaidh na sceimhlitheoireachta" a phort siúd.

Ciontaíodh arís é in 1998 as leanaí na bpríosúnach polaitiúil a ghoid, coir nach raibh clúdaithe ag pardún Menem. A dhrochshlainte a choinnigh as an bpríosún é. Creidtear go forleathan san Airgintín gur cur i gcéill uilig a bhí i "dtinneas" seo Massera, fearacht ghalar úd an díchuimhne a bhíodh ar Ghinearál Pinochet na Síle.

In 2005, agus an Airgintín á riar ag an Uachtarán Néstor Kirchner (cailleadh eisean ar 27 Deireadh Fómhair), d'fhógair Ard-Chúirt na tíre go raibh pardúin a bhronn an tUachtarán Menem ar na coirpigh seo frithbhunreachtúil. Ach, arís, "Alzheimers" Massera a choinnigh as an bpríosún é. Bhíodh eiseachadadh Massera á lorg ag na tíortha seo a leanas, an Spáinn, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Fhrainc. Chuireadar ina leith go raibh saoránaigh dá gcuid curtha chun báis ar a orduithe siúd.

# Cosc ar ghníomhaí cearta daonna taisteal go hÉirinn

**Meadhbh Ní Eadhra**

CUIREADH cosc ar ghníomhaí cearta daonna ón bPalaistín, Shawan Jabarin, taisteal go hÉirinn an tseachtain seo. Bhí Ionad na hÉireann um Chearta Daonna (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) le duais a bhronnadh ar an Uasal Jabarin inniu ach chuir údaráis Iosrael cosc air taisteal. Is é Shawan an chéad phríosúnach coinsiasa (prisoner of conscience) de chuid Amnesty International.

Ainmníodh é do ghradam speisialta as a fheabhas is a bhí sé mar chéimí ón ollscoil. Bhí an gradam le bronnadh air mar chuid de cheiliúradh deich mbliana an ionaid.

Is léachtóir dlí cearta daonna é an Dr Shane Darcy san ionad, agus tá sé i ndiaidh imní a léiriú faoin mbealach nach raibh cead á thabhairt do Shawan taisteal ón mBruach Thiar go hÉirinn don ócáid bronnta inniu. Is é an tUasal Jabarin atá mar stiúrthóir ar an eagraíocht neamhrialtais Al-Haq, a oibríonn ar son cearta daonna na bPalaistíneach.

Chaith sé tréimhsí sa phríosún agus céasadh é de bharr a chuid tuairimí. Chaith sé bliain san ionad in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ó 2004 go 2005, áit a ndearna sé staidéar ar dhlí cearta daonna idirnáisiúnta.

Tá dlíodóir Jabarin i ndiaidh dúshlán an choisc a thabhairt.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 19 Samhain, 2010

# An Fornáisiúnachas san Eoraip – Ré Nua Polaitíochta?

## Cé hiad Liga Nord, an UKIP, Jobbik, Le Front National, FPÖ na hOstaire, Partij Voor de Vrijheid na Beilge agus páirtithe eile nach iad ar fud an Aontais Eorpaigh?

**Diarmuid Johnson**

Polaitíocht dhá eite a bhí san Eoraip go dtí le deireanas. Lucht an rachmais ar dheis, agus an lucht oibre ar clé. Ach tá an déacht sin á briseadh. Is idir grúpaí eile atá an teannas anois: idir pobail dhúchais iarthar na hEorpa agus imirceánaigh ón Afraic, ón Tuirc agus ó oirthear na hEorpa. Idir an stát agus an réigiún. Idir seanpháirtithe móra an dá eite agus mionpháirtithe radacacha, fornáisiúnacha, nua.

Cé hiad na páirtithe seo? I dtuaisceart na hIodáile, tá an *Liga Nord* ag iarraidh breis neamhspleáchais do réigiún *Padania* – abhantrach Po. Is é an tríú páirtí is mó san Iodáil é. I láthair na huaire, tá sé i gcomhrialtas le Forza Italia Berlusconi. Cuireann siad an-bhéim ar an scoilt idir an Iodáil Thuaidh agus an Iodáil Theas. Is mian leo an tír a roinnt ina dhá limistéar rialacháin. Is ó 1996 i leith atá fás suntasach tagtha ar an bpáirtí. I dtoghcháin na bliana sin, fuair siad 10% den vóta náisiúnta, agus 35% den vóta i gceantar Lombardia. Bhunaigh siad buíon gardaí dá gcuid féin – Na Léinte Glasa. Go hoifigiúil, is gardaí gan airm iad seo, ach bítear á samhlú leis Na Léinte Dubha a bhí ann le linn Mussolini.

Bunaíodh an *United Kingdom Independence Party* (UKIP) in 1993. Tá 27,000 ball ann. Mímhuinín san Eoraip is briathar dóibh. I dtoghcháin na hEorpa in 2009, fuair an UKIP 16.8% de vóta na tíre, agus 13 shuíochán sa Pharlaimint Eorpach. Dá réir sin, is é an dara páirtí is láidre ón mBreatain san Eoraip é.

*Jobbik* is ainm do pháirtí fornáisiúnach na hUngáire. Bunaíodh é sa mbliain 2003. Luann siad cúrsaí cirt agus creidimh leis an dearcadh atá acu ar shaol na tíre. Is iad Jobbik an tríú páirtí is mó i bparlaimint na hUngáire i láthair na huaire.

Is í athghabháil chríocha na Sean-Ungáire is sprioc dóibh. I mbliana, d'éirigh leo 12.2% de na vótóirí a mhealladh. Tá 47 teachta parlaiminte acu. In 2007, bunaíodh Gardaí na hUngáire, craobh pharaimíleata de chuid Jobbik. Cuireadh cosc orthu seo in 2009, ach bunaíodh as an nua iad ó shin faoin ainm Gardaí Nua na hUngáire. Feidhmíonn siad de réir mhodhanna forairdill (*vigilante*) san áit a bhfuil 'fadhbanna sóisialta' dar leo féin.

Sin samplaí de thrí pháirtí fhornáisiúnacha atá gníomhach san Eoraip faoi láthair. Tá patrún ag roinnt leo. Is le scór bliain anuas a bunaíodh iad, sin nó is le linn an ama sin a tháinig borradh mór faoin tacaíocht atá acu.

Sna toghcháin náisiúnta, is é an patrún atá ann gur suas le 15% den vóta náisiúnta a bhíonn acu. Fágann sé sin cuid acu ar an tríú páirtí is mó. An 15% den vóta náisiúnta atá acu, is ionann é agus sciar i bhfad níos mó ná sin den vóta réigiúnda san áit is treise iad. I gcás na Fraince, mar shampla, ní mionpháirtí atá sa *Front National* in oirdheisceart na Fraince.

Is leis an *Front National* suas leis an tríú cuid den vóta in áiteacha. Dá réir sin, tá an *Front National* ar an tríú páirtí polaitiúil is mó agus is cumhachtaí sa cheantar triantánach ó Lyon go Marseille go Perpignan.

Tá an tríú snáth sa bpatrún seo. Is fearr a éiríonn leis na páirtithe fornáisiúnacha i dtoghcháin na hEorpa ná sna toghcháin náisiúnta. Cén fáth é sin?

Bíonn tábhacht ar leith le ceist an náisiúin i gcomhthéacs na hEorpa. Agus is deis a bhíonn i dtoghcháin na hEorpa le hagóid a dhéanamh in aghaidh na bpríomhpháirtithe rialtais agus freasúra. Dá réir sin, vótáil muintir na hÉireann in aghaidh Fhianna Fáil nuair a vótáil siad in aghaidh Chonradh Liospóin.

Agus ar an ábhar céanna ní mian leis na Tóraithe ná an leis an Lucht Oibre reifreann a ghairm sa mBreatain maidir leis an Euro.

I measc na bpáirtithe fornáisiúnacha eile atá ag méadú leo i dtíortha na hEorpa faoi láthair tá *Partij Voor de Vrijheid* sa mBeilg, *Freiheits-Partei Österreich* san Ostair, *Pro Deutschland* sa nGearmáin, agus *Dansk Folkeparti* sa Danmhairg.

Níl amhras ach go bhfuil ré nua linn. Le fiche bliain anuas bhí eochair na cumhachta ag na mionpháirtithe glasa ar clé, agus ag na mionpháirtithe nua-liobrálacha ar dheis – Na PDs agus an FDP in Éirinn agus sa nGearmáin faoi seach, cuir i gcás. Ach san am atá romhainn, is iad na páirtithe fornáisiúnacha a bheidh ina bpáirtithe comhrialtais leis na príomhpháirtithe.

Dá bharr sin agus eile, beidh claonadh ann in aghaidh leas na gcomharsan, agus is ag fuarú a bheas an bráithreachas trasteorann ar de bhunphrionsabail an Aontais Eorpaigh é ó aimsir Willie Brandt agus Giscard d'Estaing i leith.

### Gaeltacht na hAlban

## Gaeltacht faoi bhagairt ag ciorruithe Westminster

**Anton Mac Cába**

TÁ Gaeltacht na hAlban faoi bhagairt ó chiorruithe rialtais Westminster. Tá Comhairle nan Eilean Siar ag iarraidh ar gach ball foirne cur isteach ar iomarcaíocht.

Rinneadh an t-iarratas mar go bhfuil an Chomhairle ag súil go mbeidh ciorruithe £5 mhilliún (€5.888 milliún) sa bhliain thar chúig bliana. Tá buiséad £123 milliún (€144,850,487.69) sa bhliain ag an Chomhairle.

Tá na hEileanan Siar (nó na hInse Gall) ar an Ghaeltacht is láidre in Albain. Tá Gaeilge ag 60% den phobal ar fad.

Tá an Chomhairle ar an bhfostóir is mó sna hoileáin. Tá 2,250 as daonra 26,200 ag obair leis. Tá saol na n-oileán faoi bhagairt ó na ciorruithe; tá 45% orthu siúd fostaithe san earnáil phoiblí.

San earnáil phoiblí, tá an meán-tuarastal cuid mhaith níos airde ná mar atá san earnáil phríobháideach. Tá fadhbanna cheana féin leis an gheilleagar. Ar an 121 ceantar sa Ríocht Aontaithe, is sna hEileanan Siar atá an tríú meán-ioncam is lú. Dar le tuarascáil rialtais, tá 25% de theaghlaigh bocht. Tá sin níos measa ná Glaschú agus Dùn Dèagh, ainneoin go bhfuil sé amuigh orthu gur cathracha bochta iad.

Dúirt urlabhraí thar ceann na Comhairle gur dhiúltaigh siad d'iomarcaíocht riachtanach. "Tá sé mar aidhm againn seirbhísí duine le duine a chosaint," ar seisean. Tá imní ar an Chomhairle faoina bhfuil i ndan don phobal: "Má cailltear postanna, bogfaidh daoine. Agus níl teanga ann gan daoine. Sin an fáth go bhfuil sé mar aidhm ag an Chomhairle pobal a choinneáil." Dar leis go gcuireann ciorruithe an aidhm sin i mbaol.

## Sarah Palin ag machnamh faoin Uachtaránacht

**Meadhbh Ní Eadhra**

BHÍ go leor cainte agus díospóireachta ann an tseachtain seo faoi Sarah Palin ag rith sa rása do thoghchán uachtaránachta na Stát Aontaithe in 2012. Tá sé ráite go poiblí aici anois go gceapann sí go bhféadfadh sí an bua a fháil ar an Uachtarán Barack Obama in 2012, comhartha go bhfuil spéis aici rith don Uachtaránacht amach anseo.

Is í Sarah Palin a bhí mar ainmní Leas-Uachtaránachta John McCain in 2008 agus bhíodh sí mar ghobharnóir ar Alaska. Deir sí go bhfuil sí ag iarraidh a oibriú amach an rud maith é don tír, dá teaghlach, agus mar sin de, sula ndéanann sí cinneadh ar bith faoin Uachtaránacht.

Tá Poblachtaigh eile ann freisin atá ag smaoineamh faoi rith d'ainmniúchán a bpáirtí in 2012, mar dhúshlán don Uasal Obama. San áireamh tá iar-Ghobharnóir Massachusetts, Mitt Romney, Gobharnóir Minnesota atá ag dul as oifig, Tim Pawlenty, Newt Gingrigh, Haley Barbour agus Seanadóir South Dakota, John Thune. Dúirt an tUasal Gingrigh le tuairisceoirí in Iowa ar an Máirt go ndéanfadh sé cinneadh i mí Feabhra nó i mí an Mhárta maidir leis seo. Tá an chéad díospóireacht Uachtaránachta le reáchtáil san Earrach i Leabharlann Uachtaránachta Ronald Reagan in California.

## Iosrael ag diúltú stop a chur le tógáil ar an mBruach Thiar

**Meadhbh Ní Eadhra**

TÁ sé ráite anois go bhfuil Iosrael ag diúltú síneadh a thabhairt don chosc tógála ar an mBruach Thiar agus ar thalamh na bPalaistíneach, a chríochnaigh ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Is mar gheall ar an gceist tógála agus lonnaíochtaí gur cuireadh stop leis na cainteanna idir an Phalaistín agus Iosrael agus níl réiteach tagtha ar an bhfadhb go fóill.

Tá Mahmoud Abbas, Príomhcheannaire Údaráis na bPalaistíneach, i ndiaidh cruinniú práinneach a iarraidh leis an Léig Arabach chun plé a dhéanamh ar na cainteanna díreacha le hIosrael ar chlis orthu.

Ag tús na seachtaine seo, dúirt Saeb Erekat, idirbheartaí ar son Údaráis na bPalaistíneach, go raibh Abbas ag iarraidh bualadh le hoifigigh ón Léig Arabach sula ndéanfar cinneadh oifigeach maidir leis na cainteanna, atá á stiúradh ag na Stáit Aontaithe.

Dúirt sé freisin nach raibh oifigigh ó na Stáit Aontaithe i ndiaidh sonraí a thabhairt dóibh faoina dtairiscint chuig Iosrael, a cinntíodh idir an Príomh-aire Benjamin Netanyahu agus Státrúnaí na Stát Aontaithe, Hilary Clinton, i Nua-Eabhrac. Tá sé á thuairisciú go bhfuil pleananna ag Washington cros (*veto*) a chur ar aon réiteach fríth-Iosraelach i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Tá na tairiscintí nua ó SAM ag tarlú chun iarracht a dhéanamh síneadh a thabhairt don aontú go stopfadh Iosrael ag tógáil ar an mBruach Thiar.

# Todhchaí na Gaeilge in Acaill le plé

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH cruinniú poiblí dátheangach ar siúl i Halla Acla Dé Máirt seo chugainn (23 Samhain), ag 8.00in. Aidhm an chruinnithe ná stádas agus todhchaí Ghaeltacht Acla a phlé, agus tuairimí a bhailiú ón bpobal maidir leis an nGaeilge sa cheantar.

Deir urlabhraí ón gceantar go bhfuil siad leathbhealach trí phlean Gaeilge, plean a cuireadh le chéile in 2008. Roimhe sin, bhí plean Gaeilge acu ó 2003 go 2007.

"Slat tomhais a bheidh sa chruinniú seo chun a fháil amach cá bhfuil muid faoi láthair i dtaobh an phlean de. Beimid in ann tuairimí phobal Acla a fháil faoi cá bhfuil muid ag iarraidh a bheith, agus moltaí a chloisteáil ó ghnáthdhaoine ar mhaith leo ionchur a bheith acu. Go pearsanta, ceapaim go bhfuil dearcadh níos dearfaí ag muintir na háite i dtreo na Gaeilge ná mar a bhíodh.

Tá grúpaí pobail ag déanamh níos mó oibre ar a son," arsa an t-urlabhraí.

Tá naoi mbunscoil agus dhá mheánscoil i gceantar Acla. Astu siúd, tá cúig scoil Ghaeltachta.

**"Tá stádas Gaeltachta ag cuid de pharóiste Acla, ach níl ag an gcuid eile," a deir an t-urlabhraí. "Tá an ceantar nach bhfuil sa Ghaeltacht an-láidir i dtaobh na Gaeilge de. Tá na scoileanna atá suite lasmuigh den cheantar Gaeltachta an-bháúil i dtreo na Gaeilge. D'éirigh le dhá scoil Gradam GLEO a bhuachan anuraidh."**

Gaeltacht Oifigiúil Mhaigh Eo. Ar an drochuair tá an fhírinne níos seirbhe ná an mapa i dtaca le labhairt na Gaeilge i Maigh Eo inniu.

Is gradam é seo a bhronnann Foras na Gaeilge ar scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla ach atá an-dearfach agus báúil don Ghaeilge. Tá naíonra ann freisin, chomh maith le réamhscoil dhátheangach.

An bhfuil Gaeltacht Acla i mbaol?

"Tá, ach tá gach uile Ghaeltacht i mbaol," a deir an t-urlabhraí. "Tá brú orthu go léir. An difríocht atá ann maidir linne, is dócha, ná go raibh brú orainne le fada. Bhí deighilt ann i gcónaí sa pharóiste, idir an ceantar Gaeltachta agus Galltachta. Táimid ag lorg aitheantas Gaeltachta don pharóiste ina iomláine, sin an sprioc atá againn."

An bhfuil sé sin indéanta?

"Tá cinnte. Chualathas caint le déanaí faoi áiteanna ar nós Baile Munna i mBaile Átha Cliath a d'fhéadfadh a bheith ag obair i dtreo stádas Gaeltachta. Is féidir teorainneacha na Gaeltachta a athrú, ag brath ar dhearcadh an phobail," ar sí.

Tá fíorbheagán teaghlach in Acaill ag fáil an deontais iomláin ó Scéim Labhairt na Gaeilge. Ní bhfuair ach naoi dteaghlach an deontas iomlán faoin scéim in 2009/2010, sin dhá theaghlach níos lú ná mar a fuair an deontas siar in 1999/2000.

# Plé cuimsitheach ar na meáin chlóite agus idirlín

Tomaí Ó Conghaile

DÚSHLÁIN agus dóchas. Sin dhá fhocal a rithfeadh le haon duine a bhí i láthair ag seimineár ar thodhchaí na meán Gaeilge clóite agus ar líne, a reáchtáladh in Institiúid na hÉireann don Léann Daonna, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (COBÁC), Dé Sathairn seo caite.

Faoi láthair tá straitéis nua do na meáin scríofa á beartú ag Foras na Gaeilge agus eagraíodh an seimineár chun tuairimí na hearnála féin a fháil ar riachtanais na meán Gaeilge don tréimhse amach romhainn.

Ba é an phearsa aitheanta, Páidí Ó Lionáird, a chuir tús le gnó an lae le haitheasc inár cheistigh sé spleáchas na meán Gaeilge ar mhaoiniú stáit agus, ina dhiaidh sin, rinne ionadaithe ó sciar suntasach de na meáin chlóite agus idirlín plé cuimsitheach ar riocht reatha na hearnála agus ar na bealaí ar féidir leis na meáin Ghaeilge dul chun cinn a dhéanamh sa todhchaí.

Thug ionadaithe ó *Gaelscéal*, *Foinse*, *The Irish Times*, *The Irish News*, *Metro Éireann* agus *Goitse*, nuachtán áitiúil neamhmhaoinithe as Gaeltacht Dhún na nGall, thug siad léargas ar na dúshláin éagsúla a bhaineann le pobal léitheoireachta Gaeilge a bhaint amach - bíodh sé trí nuachtán ar leith ann féin nó trí fhorlíonadh nó leathanaigh taobh istigh d'fhoilseachán Béarla - agus leagadh béim ar an ghá le margaíocht leanúnach a dhéanamh chun an pobal a chur ar an eolas faoi, agus a mhealladh chuig, na seirbhísí atá ar fáil.

Dr Regina Uí Chollatáin

Ba iad *Feasta*, *Beo* agus *nós** na hirisí clóite agus idirlín a bhí i láthair agus rinneadh tagairt go minic do thábhacht na teicneolaíochta agus an idirlín i gcur chun tosaigh na meán Gaeilge - go háirithe chun léitheoirí óga agus idirnáisiúnta a spreagadh - agus fosta don fhiúntas a bhaineann le comhoibriú níos suntasaí a chothú idir na tograí meán ar fad. Mar bharr na ndaoine a oibríonn leis na foilseacháin agus na suíomhanna féin, labhair painéal d'oideoirí ó institiúidí tríú leibhéal as gach cearn den tír ar na riachtanais oiliúna atá ag croí cheist thodhchaí na meán Gaeilge agus luadh nach dtiocfadh an fás cuí ar na meáin gan daoine a thraenáil i mbunscileanna na hiriseoireachta agus na foilsitheoireachta.

I measc na bpointí eile a ardaíodh ar an lá bhí cinneadh Fhoras na Gaeilge gan an conradh le haghaidh nuachtán seachtainiúil a bhronnadh ar an fhoireann a d'oibrigh le Foinse nuair ba nuachtán maoinithe é agus cuireadh ceisteanna chomh maith faoin loighic a bhaineann le hiarraidh ar fhoilseacháin cur isteach ar mhaoiniú arís gan ach tréimhse sách gairid bheith acu chun a láithreacht san earnáil a fhorbairt.

Is í an Dr. Regina Uí Chollatáin ó COBÁC atá mar stiúrthóir ar an taighde do straitéis nua an Fhorais agus úsáidfear ábhar an tseimineáir sa straitéis chríochnaithe.

# TUV dubh i gcoinne oideachas lán-Ghaeilge i gcónaí

Meadhbh Ní Eadhra

AG Comhdháil Bhliantúil an TUV (Traditional Unionist Voice) le déanaí, labhair ball ón bpáirtí, Kaye Kilpatrick, go láidir in aghaidh oideachas trí mheán na Gaeilge.

Dúirt sé go gcuireann a pháirtí in aghaidh maoiniú poiblí ar Ghaelscoileanna agus go bhfuil sé "thar am" dóibh siúd ar mhaith leo go mbeadh a gcuid páistí á dteagasc trí mheán na Gaeilge, íoc as. Luaigh sé an tAthbhreithniú ar Oideachas trí mheán na Gaeilge, a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais anuraidh, agus deir sé gur chuir an rialtas lear mór airgid amú ar an nGaelscolaíocht.

Is Páirtí Aontachtach é an TUV ó thuaidh.

Cruinniú Poiblí i Halla Acla

Beidh Cruinniú Poiblí dátheangach i Halla Acla
ar an Mháirt an 23ú Samhain 2010 ag tosnú
ag 8.00i.n le stádas agus todchaí Gaeltacht Acla
a phlé agus an paróiste uilig a bheith faoi bhrat Gaeltachta.

Tá seacht mbliana againn le cruthú go bhfuil muid i ndáiríre Catagóir C
a bhaint amach leis an stadas Gaeltacht a choinneáil

CFÁA

Fáilte is fíche roimh gach éinne

Fón 098 43292 Faics 098 43058
www.acaill.com



# 2 NUACHT RÉIGIÚNACH

## CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Reáchtáil Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gcomhar le Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an ócáid 'Do Ghairm trí Ghaeilge' i dTéatar Uí Chearbhalláin in Áras na Gaeilge OÉ Gaillimh, ar an Déardaoin 11 Samhain. Is ócáid í seo a chuir eolas ar fáil faoi chúrsaí agus faoi ghairmeacha trí mheán na Gaeilge. Aoi-chainteoirí Do Ghairm trí Ghaeilge ó chlé: Kevin de Barra, Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Nóilín Ní Iarnáin, Feidhmeannach sa Lár-Aonad Aistriúcháin, an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4 agus Siobhán Seoighe, Feidhmeannach le Fóras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge.

### Cathair na Gaillimhe

## Do Ghairm trí Ghaeilge

**Meadhbh Ní Eadhra**

REÁCHTÁIL Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gcomhar le Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an ócáid 'Do Ghairm trí Ghaeilge' i dTéatar Uí Chearbhalláin in Áras na Gaeilge OÉ Gaillimh Déardaoin 11 Samhain. Is ócáid í seo a chuir eolas ar fáil faoi chúrsaí agus faoi ghairmeacha trí mheán na Gaeilge.

Thug an ócáid seo deis do mhic léinn ollscoile agus don phobal eolas a fháil ar na deiseanna atá ann maidir le cúrsaí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus na deiseanna fostaíochta atá ar fáil in earnáil na Gaeilge.

Is iad na haoi-chainteoirí a bhí i láthair ar an lá ná Siobhán Seoighe, Feidhmeannach le Fóras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge, Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4, Kevin de Barra, Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Nóilín Ní Iarnáin, Feidhmeannach sa Lár-Aonad Aistriúcháin, an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

Chomh maith leis na cainteanna spreagúla faoi ghairmeacha trí Ghaeilge bhí seastáin éagsúla ann chun gach saghas eolais faoi chúrsaí agus faoi ghairmeacha Gaeilge a sholáthar do mhic léinn agus don phobal.

Tá súil ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an ócáid seo a reáchtáil ar bhonn bliantúil as seo amach.

**Scoil Chuimsitheach Chiaráin**

**ARDTEIST '86**

Tá iarscoláirí ARDTEISTE 1986 i S.C.C. An Cheathrú Rua ag teacht le cheile idTigh Josie ar an 03/06/2011. Má tá suim agat freastal ar an ócáid seo dean teagmháil le duine den coiste

Michael 087 4154962.
Treasa 087 9530216
Baba 087 9024601
Carmel 087 2405739

## Margadh na Nollag i nGaillimh

**Treasa Bhreathnach**

IS inniu a chuirfear tús le margadh na Nollag i nGaillimh. Is é seo an chéad bhliain a bhfuil a leithéid de mhargadh ar siúl sa chathair agus é á reáchtáil go dtí 19 Nollaig. Is é seo an chéad uair a bhfuil margadh de stíl Mhór-Roinn na hEorpa ann aon áit ar chósta an Iarthair. Beidh os cionn 70 stainnín ann ó os cionn 28 tír agus iad ag díol earraí éagsúla mar bhréagáin adhmaid, coinnle, seodra lámhdhéanta, hataí, puipéid agus maisiúcháin Nollag. Beidh trádálaithe i láthair ó thíortha chomh fada i gcéin leis an Rúis, Peiriú, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tSín chomh maith le riar maith tíortha Eorpacha. Mar aon leis seo ar fad beidh bia agus deoch ar díol, ispíní, pióga mionra, beoir Ghearmánach agus scailtín fíona (mulled wine). Is trádálaithe eachtrannacha a bheidh i mbun timpeall dhá thrian de na stainníní. Beidh Fochla Dhaidí na Nollag ann chomh maith agus rachaidh gach brabús a dhéanfar chun sochar Enable Ireland agus Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC). Is iad na hamanna oscailte ná Luan go Céadaoin 10rn-8in; Déardaoin go Satharn 10rn-10in; agus Domhnach 1in-6in.

### Scéalta Chonamara

## "Féile Phléaráca Chonamara 2011"

**Dearbhaile Flynn**

TÁ Pléaráca Chonamara Teo ag iarraidh iarratas faoi láthair ó eagraíochtaí agus ó choistí a mbeadh suim acu Féile Phléaráca Chonamara a bheith ag dul ar aghaidh ina gceantar in 2011. Bheadh an fhéile ar siúl ó 20 go 22 Bealtaine ach bhraithfeadh sé sin ar mhaoiniú. Bhí an fhéile ar siúl anuraidh i gCnoc, Indreabhán agus b'iontach an rath a bhí uirthi. Is éard atá i gceist leis an fhéile ná féile ealaíne ina n-úsáidtear réimse leathan d'imeachtaí ealaíne traidisiúnta agus comhaimseartha chun ceiliúradh a dhéanamh ar an Ghaeilge - ó thaobh na teanga, an chultúir agus an phobail. Bíonn na himeachtaí oiriúnach do gach aoisghrúpa.

Is eagraíocht í Pléaráca Chonamara Teo a oibríonn chun "glór, ról agus páirtíocht an phobail Ghaeltachta" a fhorbairt trí mheán na n-ealaíon. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le hiarratas a dhéanamh cuir glao ar 091-574346 nó tabhair cuairt ar www.plearaca.ie.

### Scéalta Mhaigh Eo

## 'Lá na nGairmeacha Cruthaitheacha'

**Treasa Bhreathnach**

TÁ Comhairle Contae Mhaigh Eo ag eagrú lá eolais do dhaoine atá ag iarraidh a bheith ag obair ar stáitse nó ar chúl stáitse san earnáil chruthaitheach. Trí fhreastal ar an lá seo beidh deis agat casadh le healaíontóirí, ceoltóirí, teicneoirí fuaime, stiúrthóirí scannán, scríbhneoirí agus neart ceardaithe eile

# Fear Charna faighte neamchiontach

**Ann Healy**

FUAIR giúiré ag Cúirt Chuarda na Gaillimhe fear 26 bliain d'aois ó Charna i nGaeltacht Chonamara neamhchiontach an tseachtain seo, i ndiaidh trialach a mhair dhá lá. Bhí líomhaintí gcur ina aghaidh maidir lena chol ceathrair a ionsaí lasmuigh de theach tábhairne, ag déanamh damáiste do thrí cinn dá chuid fiacla. Shéan Máirtín Ceoinín (Jennings) as Leitir Ard sa Chaiseal gur ionsaigh sé Simon Ceoinín (Jennings), atá 37 bliain d'aois, as Roisín na Mainiach i gCarna, lasmuigh de Thigh Mheaic i gCarna ar an 13 Meán Fómhair 2009.

Dúirt sé go raibh sé ag déanamh féinchosaint nuair a bhuail sé Simon Ceoinín chun na talún. Ach dúirt Simon gur ionsaí pionóis a bhí ann, agus gur náiríodh go poiblí é an oíche sin. Is Oifigeach Cabhlach Trádála é agus dúirt sé go raibh sé sa bhaile ar saoire nuair a tharla an t-ionsaí. Dar leis, d'ól sé 10 nó 11 pionta an oíche sin agus chríochnaigh sé i dTigh Mheaic. Deir sé go ndeachaigh sé lasmuigh chun toitín a chaitheamh agus go bhfaca sé Máirtín ina sheasamh os a chomhair. Deir Simon gur shiúil sé ina threo agus gur bualadh go tobann é ar thaobh a aghaidhe. Ag freagairt don abhcóide ionchúisitheach, Conor Fahy, dúirt Máirtín Ceoinín go raibh "deacrachtaí" ann idir a mháthair, Catherine, agus clann Folan, faoi chás cúirte maidir le cairéal (quarry). Deir sé gur lena chlann féin, chomh maith le clanna eile, na cearta ar choimíneacht i gCarna, ach in 2005, mhaígh clann Folan gur leo an choimíneacht.

"Bhí siad ag iarraidh deireadh a chur lenár gceart don choimíneacht agus ceannasaíocht a thógáil ar an áit, mar chairéal," ar sé leis an ngiúiré de cheathrar fear agus ochtar ban.

Dúirt sé gur thóg clanna áitiúla eile cás sibhialta in aghaidh chlann Folan in 2007 agus, mar thoradh air sin, dúradh leo an t-áitreabh a fhágáil.

"Dúradh leo fágáil roimh mhí Feabhra 2008. Thug mo mháthair fianaise sa triail nár thaitin le clann Folan," a deir sé.

Nuair a cheistigh an t-abhcóide cosanta, Francis Comerford, é, dúirt Simon Ceoinín nach raibh sé ardnósach i dtreo a chol ceathrair thar na blianta, ná nár bhreathnaigh sé anuas air. Dúirt sé nach ndeachaigh sé go Tigh Mheaic, ar le Clíodhna Folan é, agus é buacach mar gheall gur chaill siad an cás sibhialta agus mar go raibh orthu an cairéal a fhágáil.

Dúirt Máirtín Ceoinín leis an ngiúiré nach raibh braon ólta aige an oíche sin agus go bhfaca sé Simon ag siúl ina threo. Dúirt sé gur cheap sé go raibh Simon chun é a bhualadh agus mar sin bhuail sé ar dtús é, mar fhéinchosaint.

Dúirt sé go raibh brón air faoin ionsaí.

"Níor cheart dom é a bhualadh ach tharla sé. Mura mbualfainn é, bhuailfeadh seisean mise," ar sé.

Shéan sé go raibh an cás cúirte faoin gcairéal bainteach leis an ionsaí. Ghlac sé beagán os cionn trí huaire an chloig ar an ngiúiré teacht ar bhreithiúnas ag 7 a chlog oíche Dé Céadaoin.

nach iad. Is ar 18 Samhain a reáchtálfar an lá agus é ar siúl ó 2in-6in in Amharclann Ríoga agus Ionad Imeachtaí Chaisleán an Bharraigh. Is ar an aos óg atá an lá seo dírithe agus é mar chuid de chlár imeachtaí éagsúla atá á eagrú ag an gComhairle Contae d'aos óg an cheantair. Ar an Aoine 19 Samhain i Stiúideo an Teach Custaim beidh saineolaithe i láthair a chabhróidh leat d'fhillteán tionscadal a eagrú más mian leat freastal ar choláiste ealaíne. Is caint idirghníomhach a bheidh i gceist agus beidh deis agat ceisteanna a chur ar an bpainéal chomh maith. Is féidir áit a chur in áirithe do na seisiúin seo trí ghlaoch a chur ar oifig ealaíon na Comhairle Contae ar 094-9047558 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig mayoarts@mayococo.ie

# Uachtarán nua ar Chumann Trádála Chathair na Mart

TOGHADH Maurice Mellotte mar Uachtarán nua ar Chumann Trádála Chathair na Mart an tseachtain seo. Tá blianta caite ag Maurice ag obair leis an Permanent TSB ar an mbaile agus tá aithne ag go leor air. Dúirt Maurice gur onóir dó glacadh leis an ról tábhachtach seo agus go bhfuil sé ag tnúth go mór le bheith ag obair agus ag cur chun cinn na ngnólachtaí agus na monarchana ar an mbaile.

Thug sé ardmholadh do Danny McLaughlin as ucht a chuid oibre le dhá bhliain anuas mar Uachtarán agus ghuigh sé gach rath air agus ar a chlann agus é ag éirí as.

Dúirt Maurice go bhfuil dushlán mór roimh an lucht gnó faoi láthair agus go bhfuil cuid mhór tacaíochta agus spreagtha de dhíth orthu. Tá sé mar sprioc aige tuilleadh ball a earcú agus teagmháil a dhéanamh le daoine a bhfuil smaointe nua acu le gnólachtaí a bhunú ar an mbaile. Dúirt sé go bhfuil sé ríthábhachtach a bheith dearfach faoi láthair agus tacú lena chéile chun teacht slán as an lagtrá eacnamaíochta.

Dúirt Mellotte go raibh sé ag tnúth go mór leis an ócáid mhór bhliantiúil 'Westport Shop 'n Spraoi na Nollag' agus go raibh sé ag súil leis na sluaite a bheith ar an mbaile arís don mhargadh mór traidisiúnta amuigh faoin aer ón 10ú go 12ú Nollaig.

# Slad Caorach ar Oileán Acla

**Le Piaras Ó Raghallaigh**

TÁ na Gardaí ar Oileán Acla i mbun fiosraithe faoi eachtra inar mharaigh madraí fiáine cuid mhór caorach le déanaí i nGob a' Choire. Maraíodh seacht gcaora ar an toirt agus bhí ar an bhfeirmeoir áitiúil ceithre cinn eile a chur síos de bharr na n-ionsaithe. Bhí cúig chaora is tríocha sa pháirc nuair a tharla an t-ionsaí agus, dar leis an bhfeirmeoir Antoine Ó Catháin, bhí siad uilig trína chéile.

An tseachtain seo, thug na Gardaí foláireamh d'fheirmeoirí agus do phobal Acla i gcoitinne a gcuid madraí a choinneáil faoi smacht, go háirithe le linn na hoíche.

# Oíche oscailte i Maigh Eo ag OÉ, Gaillimh

**Treasa Bhreathnach**

TÁ Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun oíche eolais a reáchtáil i gCaisleán an Bharraigh i Maigh Eo dóibh siúd ar mhaith leo freastal ar an ollscoil agus dá dtuismitheoirí agus caomhnóirí. Tosóidh an oíche le roinnt cainteanna gairide faoi Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus na cineálacha cúrsaí ar féidir a dhéanamh ann. Beidh mic léinn ón ollscoil, chomh maith le hionadaithe ó chúig rannóg san ollscoil i láthair chun ceisteanna a fhreagairt agus eolas bunúsach a thabhairt faoi lóistín, táillí ollscoile, scoláireachtaí agus na cláir nua ar féidir leas a bhaint astu. Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir leis an oíche oscailte ó Ghráinne Dunne grainne.dunne@nuigalway.ie

# Laithreoirí ag teastáil do Westcoast FM

TÁ an staisiún nua raidió pobail Westcoast FM ag lorg laithreoirí agus léiritheoirí faoi láthair. Beidh an stáisiún nua ar an aer go luath sa bhliain úr agus tá an coiste forbartha atá taobh thiar den smaoineamh anois ag lorg smaointe do chláracha agus ag iarraidh ar láithreoirí agus daoine a bhfuil suim acu i gcúrsaí fuaime dul i dteagmháil leo.

Déanfar Westcoast FM a sheoladh go hoifigiúil san Earrach agus beidh neart deiseanna ag pobail na háite dul ar an aer den chéad uair.

Dúirt Stiúrthóir Westcoast FM Michael Kelly go bhfuil neart smaointe tagtha chun cinn cheana féin agus anois go bhfuil siad ag lorg daoine le hiad a chur ar an aer. Dúirt Kelly gur deis iontach é seo don lucht gnó sa bhaile mar go mbeidh an staisiún ag craoladh beo ar an idirlíon chomh maith leis na tonnta aeir áitiúla.

**An t-ealaíontóir Dara Magee, sa lár, an ceoltóir Vinnie Kilduff, ar chlé, agus an scéalaí Darach Ó Tuairisg a léirigh an seó, "An Rón Dall" beo os comhair slua in Óstán na Páirce, An Spidéal, Co na Gaillimhe, Dé hAoine. Reáchtáladh an seó agus ceant ealaíona agus ceolchoirm The Molly Hicks chomh maith ar son Ealaíontóirí Chois Fharraige.** (PIC: SEÁN Ó MAINNÍN)

# LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Neart ar bun sa Chlub!

**Oisín Mac Donnacha**

TÁ neart le déanamh i gClub Chonradh na Gaeilge an geimhreadh seo le himeachtaí de gach cineál agus do gach cineál.

Bíonn ciorcal comhrá ar siúl ann gach Luan don té atá ag iarraidh deise chun a c(h)uid Gaeilge a chleachtadh. Bíonn tuairim is deichniúr ann ar a laghad agus pléitear cúrsaí litríochta/filíochta i measc rudaí eile. Tosaíonn an Ciorcal ag a 9 in.

Ar an Mháirt bíonn Oíche na Mac Léinn ar siúl sa Chlub. Tá clú agus cáil ar an oíche chéanna agus is deis iontach é seo do mhic léinn Bhaile Átha Cliath chun casadh ar a chéile agus bíonn neart craic agus spraoi ar siúl i rith na hoíche agus bíonn slua breá ann i gcónaí.

Tá costas €3 ar an doras ach is beag an costas é ar a bhfuil ar fáil ó 9in go dtí déanach san oíche - ach más ball den Chlub thú bíonn sé saor in aisce i gcónaí, mar sin de is fiú go mór clárú.

Beidh an Club Sonas ar siúl anocht agus tá costas €5 ar an doras don oíche sin.

Dé Aoine seo chugainn, 26 Samhain, beidh Rince Briotánach ar siúl le neart ceoil agus rince i rith na hoíche. Cuirfear tús leis na himeachtaí ag 9.30in.

### Baile Átha Cliath

## Alice Milligan agus athbheochan chultúrtha na hÉireann

**Anton Mac Cába**

OSCLAÍODH taispeántas inné (Déardaoin) sa Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath 'Alice Milligan and the Irish Cultural Revival'. Tá an taispeántas le bheith sa Leabharlann go mí Feabhra. Rachaidh sé ar chamchuairt na tíre ansin.

Bhí an file Ultach Alice Milligan ar dhuine do phearsana móra na hAthbheochana. Sna 1890idí, bhí sí chomh tábhachtach sin go luaití í san aon abairt le WB Yeats agus Dubhghlas de hÍde.

Ag tús an chéid seo caite, dúirt Thomas McDonagh, file agus duine de cheannairí 1916: "Alice Milligan is the most Irish of Irish poets, and therefore the best." Ba é AE (George Russell) a d'fhoilsigh an chéad chnuasach filíochta léi, 'New Songs'. Ba é Jack Yeats, deartháir WB Yeats agus duine d'ealaíontóirí móra na hÉireann, a rinne na léaráidí. Léiríodh dráma léi in Amharclann Liteartha na hÉireann (mar a bhí ar Amharclann na Mainistreach ina hóige). Agus í ina heagarthóir ar an iris 'The Shan Van Vocht' d'fhoilsigh sí altanna le James Connolly. B'shin nuair a chéad- tháinig an Conghaileach go hÉirinn.

Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge i mBéal Feirste. Ní Gaeilgeoir cois teallaigh a bhí inti, bhailigh sí scéalta agus amhráin ina contae dúchais, Tír Eoghain.

Rugadh í in 1865 ar an Ómaigh. Ba den mheán-aicme Módhach an teaghlach. Fuair sí oiliúint i Methodist College, Béal Feirste. Chaith sí blianta le hiriseoireacht agus le scríbhneoireacht. Bhí sí sáite sa pholaitíocht náisiúnach, chomh maith leis an athbheochan chultúrtha. Bhí sí mór ach go háirithe le Ruairí Mac Easmainn.

Bhí saol fada aici; fuair sí bás in 1951. Tar éis 1916, b'fhéidir nach raibh sí iomlán compordach leis an chor a tháinig sa stair. Ba bhriseadh croí di Cogadh na gCarad. Thráigh tobar na filíochta. Sna blianta deireanacha dá saol d'fhulaing sí bochtanas agus droch-shláinte.

## Gradam Speisialta an Bhéil Bhinn le bronnadh ar Nuala Nic an Iomaire

**Meadhbh Ní Eadhra**

BEIDH Féile Drámaíochta agus Ceoil úrnua ar siúl i Halla na Saoirse i mBaile Átha Cliath ón Aoine 26 Samhain go dtí an Domhnach 28 Samhain. Seo í an chéad uair riamh don fhéile seo a bheith ann agus deir Colm Ó Foghlú, Stiúrthóir Ealaíne an Bhéil Bhinn, atá ag eagrú na féile, go bhfuil siad ag dúil go mór leis an ócáid.

"Tá rud éigin ann do gach duine," ar sé. "Ní gá go mbeadh Gaeilge líofa agat chun páirt a ghlacadh san fhéile seo. Deis atá ann an Ghaeilge a chloisteáil agus a chleachtadh agus cé gur féile bheag go leor a bheidh ann, beidh daoine mór le rá i láthair."

Beidh 32 aisteoir, 67 amhránaí, 18 ceoltóir agus 143 páiste páirteach san fhéile. Beidh Club na Féile ann dhá oíche, seolfar dlúthdhiosca, beidh coirm cheiliúrtha agus 6 dhráma agus imeacht ceoil le cumadóirí na linne seo ar stáitse den chéad uair.

Is í Niamh de Búrca, bean a dhéanann sár-obair le Gael Linn i measc rudaí eile, a bheidh i gceannas ar imeachtaí na hoíche ag an bhféile, is é sin Club na Féile agus gach a bhaineann leis.

Beidh idir cheoltóirí gairmiúla agus amaitéaracha, aisteoirí agus oirfidigh, daltaí bunscoile agus iarbhunscoile ag teacht le chéile chun saothair nua le cumadóirí, scríbhneoirí agus léiritheoirí na tíre seo a chur inár láthair.

Beidh Aisteoirí Bulfin ag cur dráma ar an stáitse oíche Dé hAoine agus beidh Scléip na nÓg ar siúl Dé Sathairn, le trí scoil éagsúil, dhá bhunscoil agus meánscoil amháin, ag glacadh páirte ann. Beidh Gradam speisialta an Bhéil Bhinn á bhronnadh oíche Dé Sathairn.

"I mbliana, is scéilín bróin agus ceiliúrtha atá againn maidir leis an nGradam seo," a deir an tUasal Ó Foghlú. "Shocraigh muid an Gradam a bhronnadh ar Nuala Nic an Iomaire, go ndéana Dia grásta uirthi. D'imigh sí ar shlí na fírinne níos luaithe i mbliana. Beidh ceolchoirm ar siúl i rith na hoíche mar ba mhaith linn ceiliúradh a dhéanamh ar shaol Nuala. Thaitin an ceol, an comhluadar agus an chraic go mór léi agus deis a bheidh anseo teacht le chéile agus a bheith ag cuimhneamh uirthi ar bhealach dearfach."

Is é Pádraig, fear céile Nuala, a bheidh ag glacadh leis an nGradam, agus beidh iníon agus teaghlach Nuala i láthair ag an ócáid.

Ní orthu siúd amháin atá líofa sa Ghaeilge atá an fhéile seo dírithe. Fáiltítear rompu siúd nach bhfuil acu ach "cúpla focal". Eagras deonach lonnaithe i mBré is ea An Béal Binn a bhfuil sé d'aidhm acu na healaíona béil a chur chun cinn. Déanann Foras na Gaeilge urraíocht ar a gcuid imeachtaí.

Is cinnte go mbeidh neart daoine ag súil go mór leis an ócáid úrnua seo agus gach seans go mbeidh sé linn arís an bhliain seo chugainn!

### Baile Átha Cliath

## Teacht le chéile do Mhic léinn ó gach cearn den tír

**Meadhbh Ní Eadhra**

BHÍ ócáid mhór ann Déardaoin seo caite sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, nuair a tháinig os cionn 70 duine le chéile ó sé ollscoil éagsúil ar fud na hÉireann.

"Spreagadh iontach a bhí ann do na mic léinn," a deir Clár Ní Bhuachalla, Oifigeach Gaeilge ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. "Deis a bhí ann foghlaim faoi na hollscoileanna eile, smaointe a mhalartú agus spraoi a bheith acu ag an am céanna."

Mic léinn ó scéimeanna cónaithe na nollscoileanna ar fad a bhí i gceist. Bhí mic léinn ó UCD, TCD, DIT, OÉ Má Nuad, UCC agus UL i láthair. Bhí oíche den scoth ann le comórtais, amhránaíocht agus ceol.

"D'eagraigh na mic léinn quiz boird agus bhí seisiúin cheoil iontach ann freisin," a deir Ní Bhuachalla. "Faigheann na mic léinn deis bualadh lena chéile ag an Oireachtas ach seachas sin níl mórán deiseanna acu go léir teacht le chéile."

Táthar ag súil leis an ócáid seo a eagrú arís an bhliain seo chugainn agus is cinnte gur bhain gach duine an-sult ar fad as.

**Ó chlé go deas tá Aonghus Dwane (Oifigeach Gaeilge, Coláiste na Trionóide), Clíona Ní Shúilleabháin ( Coiste na Gaeilge, Coláiste naTrionóide), Ailbhe Ní Chonghaile ( Oifigeach Gaeilge Cúnta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), Siobhán Ní Fhoghlú ( Oifigeach Gaeilge, ÓE Má Nuad), Nuala de Búrca (Ionad na Gaeilge Labartha, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), Clár Ní Mhuirthile (Ionad na Gaeilge Labhartha, Coláiste na hOllscoile Corcaigh) Clár Ní Bhuachalla (Oifigeach Gaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath). Bhíodar i láthair ag teacht le chéile mór in UCD le déanaí.**

### Contae na Mí

## Cómórtas Filíochta Dhámh na Mí 2010

**Meadhbh Ní Eadhra**

BEIDH an comórtas filíochta seo ar siúl ag 8 a chlog oíche Dé hAoine seo chugainn, 26 Samhain. Trófaí Séathlán Bhearclae (The Berkeley Strainer Prize) atá le buachan, agus €100. Tá an cómórtas oscailte do gach duine agus do gach saghas filíochta (ach cuirfear fáilte ar leith roimh dhánta i modhanna traidisiúnta na Gaeilge). Cuid den chomórtas é go gcuirfí an dán i láthair ar an ócáid.

Is leor go ndéarfaí an dán ar an oíche le go mbeadh sé san áireamh sa chomórtas ach fáilte roimh aon duine ar mhaith leis nó léi a rá roimh ré go mbeidh sé nó sí ag glacadh páirte.

Níor mhór leathanach ar a bhfuil an dán scríofa a thabhairt leat ar an oíche le tabhairt don mholtóir. Caithfidh an dán nó an píosa filíochta a bheith nuachumtha, agus i nGaeilge.

# MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Scéalta Mhúscraí

# €6,500 bronnta ag Cumann Honda 50 Ghaeltacht Mhúscraí ar Aonad Ailse Brollaigh

**Seán Ó Loingsigh**

SA Mhuileann i mBaile Bhúirne an deireadh seachtaine seo caite bhronn Cumann Honda 50 Ghaeltacht Mhúscraí seic €6,500 le haghaidh taighde agus seirbhísí ailse brollaigh ar charthancht Chúnamh Leigheas Ailse atá lonnaithe in Ospidéal na hOllscoile i gCorcaigh.

Bailíodh an t-airgead de thoradh 'Turas na Seana Honda 50' ó Mhúscraí go Leithinis Bhéara ar ghlac 80 gluaisrothaí páirt ann ar an 17 Iúil seo caite.

B'í iar-othar de chuid an Aonaid Ailse Brollaigh in Ospidéal Ollscoil Chorcaí, Nóra Uí Dhuinnín, a bhronn an seic ar Yvonne Davidson, duine d'ochtar stiúrthóirí ar choiste deonach atá i bhfeighil na carthanchta Cúnamh Leigheas Ailse.

Agus í ag glacadh buíochais leo siúd go léir a chabhraigh chun an t-airgead a bhailiú, dúirt Yvonne Davidson leis an slua a bhí i lathair nach raibh "baint ar bith" ag an gcarthanacht Cúnamh Leigheas Ailse le fondúireacht de chuid an ospidéil go raibh conspóid fuithi le déanaí maidir le cúrsaí airgeadais, agus go mbeadh "gach aon ceint' á úsáid le haghaidh seirbhísí othair.

Ag labhairt le hYvonne, mhínigh sí gur "carthanacht Chorcaí-Chiarraí" í Cúnamh Leigheas Ailse (ACT - Aid Cancer Treatment) agus go bhfuil €6m bailithe ag an eagraíocht ó cuireadh í ar bun i 1986. Dúirt sí go raibh athcóiriú ar bun san Aonad Ailse Brollaigh le bliain anuas ionas go mbeadh sé seascair dos na hothair a bhíonn á úsáid.

**Nóra Uí Dhuinnín, Cúil Aodha, ag bronnadh seice €6,500 i dtábhairne an Mhuilinn ar stiúrthóir charthanachta Chúnamh Leigheas Ailse, Yvonne Davidson. Bronnadh an seic thar ceann Chumann Honda 50 Ghaeltacht Mhúscraí, a bhailigh an t-airgead de thoradh thuras gluaisrothair ó Bhaile Bhúirne go leithinis Bhéara i mí Iúil.** PIC: Ó LOINGSIGH

# Éigse Dhiarmuidín go daingean ar fhéilire an cheoil

**Le Seán Ó Loingsigh**

IS é stiúrthóir Taisce Cheol Dúchais Éireann agus an láithreoir teilifíse Nioclás Ó Cearbhalláin a osclóidh Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin go hoifigiúil i gCúil Aodha i gceann coicíse.

Seo an 19ú hÉigse i gcuimhne an amhránaí agus an iriseora ó Chúil Aodha a cailleadh i dtús mhí na Nollag 1991.

Éigse Dhiarmuidín a thugtar go ceanúil ar an bhféile chomh maith agus táthar ag súil le slua mór mar is gnách don gclár imeachtaí a bheidh ar bun i rith dheireadh seachtaine 3-5 Nollaig.

Ní hamháin go bhfuil an Éigse ag teacht ach táimid ar thairseach na bliana nua chomh maith mar go mbeidh Féilire 2011 á sheoladh ag an oscailt oíche Dé hAoine. Tá sé de nós le cúpla bliain anuas féilire speisialta a sheoladh ag an gcéad oíche in Áras Éamon Mac Suibhne.

Is é Coiste Litríochta Mhúscraí a fhoilsíonn an féilire chun, mar a deir siad féin: 'míreanna de Ghaelainn agus de chultúr na dúichí a chur ar fáil don bpobal ar shlí a luíonn isteach go compórdach leis an saol laethúil'.

Ag an ócáid chéanna seolfar dlúthdhiosca nua leis an ngrúpa Still Slopin, buíon ceoltóirí ó oirthear na Gaillimhe a thagann go rialta go dtí an Éigse bhliantúil.



**Diarmuid Ó Súilleabháin**

Beidh scoth na gceoltóirí, na n-amhránaithe agus na rinceoirí i mbun ceardlanna san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne ar an Satharn agus ar stáitse ag ceolchoirm mhór na hÉigse in Áras Éamon Mac Suibhne níos déanaí, le leithéidí Josie Sheáin Jeaic Mac Donnchadha, Nell Ní Chróinín, Muintir Mulcahy, na boscadóirí Charlie Harris agus Paudie O'Connor, Cathal McConnell ón ngrúpa The Boys of the Lough, na píobairí Máire Ní Ghráda agus David Power, na veidhleadóirí Ciarán Ó Maonaigh, Fionn Mac Giolla Chuda, John Kelly agus Éamon McGivney, an fliúiteadóir Ciarán Somers, an rinceoir Máiréad Casey, chomh maith le Peadar Ó Riada agus Cór Chúil Aodha.

Ar an Satharn chomh maith beidh léacht dar teideal 'Ceantar Glas Mhúscraí' leis an staraí Dónal Ó hÉalaithe i gColáiste Ghobnatan i mBaile Bhúirne, mar a mbeidh a chuid cainte á léiriú mar amhrán chomh maith ag an bhfonnadóir Máire Ní Chéileachair, agus táthar ag súil le gig ana-thaitneamhach an tráthnóna céanna i mBeár an Mhúsaeim sa Mhuileann, mar a mbeidh an fliúiteadóir Conal Ó Gráda agus a dheirfiúr Máire ar stáitse, chomh maith leis na hamhránaithe Con Fada Ó Drisceoil agus Danny Maidhcí Ó Súilleabháin.

Beidh 'gig déanach' sa Mhuileann oíche Dé Sathairn agus reachtálfar céilithe istoíche chomh maith in Óstán Gobnatan.

Is é Dé Domhnaigh lá mór na n-amhrán agus beidh seisiún amhránaíochta ar bun an tráthnóna sin sa tábhairne is airde in Éirinn i mBarr a' Chuma, chomh maith le Amhránathon a leanfaidh ar feadh sé huaire an chloig sa Mhuileann ar mhaithe le hairgead a bhailiú do scéim Aisling Gheal, faoina múintear amhráin thraidisiúnta Mhúscraí d'amhránaithe óga an cheantair.

## Scéalta Chorca Dhuibhne

**Breandán Mac Gearailt**

# Cuntas

TÁ cúrsa nua teanga agus eolais tosnaithe sa Mhúsaem i mBaile an Fheirtéaraigh (An Buailtín). Beidh sé ann gach maidin Dé Luain 10rn-12in. Tá sé oscailte do chách, arsa Máire Uí Shíthigh, Stiúrthóir Oidhreacht Chorca Dhuibhne, linn.

Dúirt sí go mbeidh duine éagsúil ann gach uair agus go mbeidh an duine sin ag cur síos ar ábhar éigin fé leith. Beidh cupán tae nó caife ar fáil le daoine a chur ar a suaimhneas agus a bhogadh chun cainte.

Beidh giota le foghlaim ag an duine go bhfuil ard-Ghaolainn aige fén ábhar a bhíonn á phlé, dar léi, agus beidh an foghlaimeoir ag baint tairbhe as bheith ag cleachtadh a chuid /cuid Gaolainne i dtimpeallacht shocair shólásach.

Tá an cúrsa seo á reáchtáil i gcomhar le FÁS, Corca Dhuibhne ag Caint, Údarás na Gaeltachta agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne.

Ar an Luan seo caite bhí Seán Ó Cinnéide, cuntasóir agus Bainisteoir Chomhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne ag cur an ghasra a bhí i láthair ar an eolas fé nithe éagsúla i saol na cuntasaíochta. Baineann an chuntasaíocht le saol an ghnáthdhuine. Léirigh sé an tábhacht atá le cuntas a bheith ag duine ar a ghnó, pé acu sa teaghlach, ar an bhfeirm nó in aon saghas gnó le go dtuigfeadh sé conas mar a bhíonn ag éirí leis. Bhíodar siúd a d'fhreastail ar an ócáid an-tógtha leis an tús láidir.

Ar an Luan seo chugainn beidh Eithne Ní Chatháin ag caint fé cheol agus arís, beidh lucht ceoil i láthair ach an chuid is tábhachtaí, dar le Máire, ná go mbeidh na foghlaimeoirí sa chlibirt chainte chomh maith. Agus tá an caife blasta.

Dúirt sí leis go mbíonn daoine ag gearán fé gan Ghaolainn a bheith ar fáil i siopaí agus i láithreacha gnó, ach nár mhór dóibh siúd ón nGaeltacht agus daoine nach iad le Gaolainn a ngnó a dhéanamh tré mheán na Gaolainne má tá dul chun cinn fadthéarmach le déanamh sa ghnáthshaol i gceantair ar imeall na fíor-Ghaeltachta agus sa bhfíor-Ghaeltacht féin.

# Log

BHÍ Halla Dhún Chíobháin ar na Cluainte plódaithe ar an gCéadaoin seo caite nuair a thug an Dr Breandán Ó Cíobháin (níl aon bhaint aige leis an halla) ó Cheann Trá léacht ar logainmneacha an cheantair. Tá an halla i seilbh Ollscoil na hÉireann, Corcaigh agus reáchtáltar cúrsaí ann go mór mhór do scoláirí a bhíonn ag freastal ar an ollscoil. Is í Caitríona Budhlaeir ó Bhaile an Chalaidh a bhí i mbun an Dúin thar cheann na hOllscoile.

Thagair Breandán do na hainmneacha áitiúla is mó go mbíonn daoine ag cur agus ag cúiteamh fúthu, mar Ard na Caithne, Baile an Fhiadhnaigh agus Tír Ruáin.

Dúirt sé go raibh nós le linn aimsir na nDanar 's' a chur roimh ainm, giota a fhágaint ar lár agus 'y' nó uaireanta 'k' a chur isteach ag deireadh an fhocail. Luaigh sé mar shampla, Inis Caithigh, atá i mbéal na Sionna a bhfuil *Scattery Island* baistithe air.

I dtaobh Ard na Caithne, mheas sé, ainneoin go raibh crainn ann tráth nach raibh an chaithne ann. Maidir leis an leagan Béarla (Smerwick), mheas sé go bhféadfadh gur cumadóireacht gan bhonn a bhí i gceist le 'wick' (im), ní amháin anseo ach in áiteanna eile. Dar leis gur Muiríoch an t-ainm ceart. Dála an scéil is Scoil Smeirbhic an t-ainm a bhí ar sheanscoil na Muirí! Cinnte leanfaidh an clibirt chainte an t-ainm seo.

Dar leis gur Baile an Fhiadhnaigh agus nach Éanaigh, Aonaigh ná aon

ainm eile an t-ainm ceart ar an mbaile sin i bparóiste Mhárthain. Ach luaigh sé nach raibh an scoláire eile aitheanta sa réimse seo, Seán Ó Dubháin ar aon fhocal leis.

I gcás ainm an bhaile Tír Shiobháin/Ruáin/Amháin, luaigh sé nach ndeir muintir an cheantair 'tír' ach go mbíonn tús an fhocail níos leithne: "Túramháin, nó 'i dtiúr' is coitianta a chloisfeá," dar leis.

Tá breis machnaimh agus taighde, mheas sé, le déanamh aige ar an gceann seo agus cinn chasta eile sara mbeidh sé lánchinnte de na leagain.

Thagair sé don Triúr Deirféar, Binn Dhiarmada, an Bhinn Mheánach agus Binn Anraí agus dúirt go raibh am ann nuair a ghairmtí 'an Triúr Deartháir' orthu. Luaigh sé leis gur láthair Shibéil in aice an Bhaile Uachtaraigh a bhí mar láthair thagartha do pharóiste an Fheirtéaraigh uair.

Thagair sé do Bhinn Tine agus go raibh an t-ainm seo le fáil in áiteanna timpeall an chósta. Is dócha gur le heolas nó comharthaí a scaipeadh a bhíodh na tinte seo ann. Cuimhníonn duine ar na hIndiaigh Dhearga agus tábhacht a dtinte siúd le heolas a scaipeadh. Bhí scata daoine ag súil go mbeadh an Cíobhánach ar ais go luath.

# Ionadaí

TÁ ábhar amháin ná rachaidh ina luí agus sin caint agus réitithe d'olltoghchán pé uair a eascraíonn sé. An tseachtain seo chuir Pádraig Ó hAinifín ó Dhún Séann i gCorca Dhuibhne in iúl dúinn go bhfuil sé ag súil go láidir go mbeidh sé sa rás thar cheann Pháirtí an Lucht Óibre. Sheas Pádraig sa toghchán áitiúil an babhta deireanach thar cheann Pháirtí an Lucht Oibre mar nár thug Fianna Fáil, dar leis, aon chluas dó agus é ag iarraidh ainmniúchán a fháil uathu. Ghnóthaigh sé breis agus 800 vóta.

Tá an Comhairleoir Ó Maoldomhnaigh ó Chill Airne roghnaithe cheana ag Páirtí an Lucht Oibre, ach measann Pádraig go bhfuil gach seans go dtabharfar cead a chinn dó.

Dar leis go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh guth ag Corca Dhuibhne sa Dáil.

Táthar á rá go láidir gur duine amháin a bheidh ag Fine Gael ach tá an Comhairleoir Breandán Ó Grifín ó Chaisleán na Mainge ag cur a ainm ar aghaidh ag súil go mbeidh sé ar aon bhord leis an Teachta Tom Sheehan ó Oirthear Chiarraí.

Is é Michael Healy Rae a bheidh sa bhearna thar cheann a athar, Jackie an chéad bhabhta eile agus meastar gurb é an Teachta Seán Ó Donnchú ó Chathair Saidhbhín an t-aon iarrathóir a bheidh ag Fianna Fáil cé go bhfuil daoine ag tuar go bhféadfadh an Seanadóir Marcas Ó Dálaigh ón Neidín, nó Tom Fleming ó Scairteach an Ghlinne bheith ar aon bhord le fear Uíbh Ráthaigh.

Is í tuairim na coitiantachta gurb iad Michael Healy Rae (Neamhspleách) Tom Sheehan (FG), Seán Ó Donnchú (FF) agus, seans, na Comhairleoirí Ó Maoldomhnaigh agus Ó hAinifín, thar cheann Pháirtí an Lucht Oibre na mórphearsana a bheidh sa rás don trí shuíochán i gCiarraí Theas, toghcheantar mar a bhfuil dhá réigiún Gaeltachta.

## Scéalta Chorca Dhuibhne

# Sraith Chomórtas Sóisir na Mumhan, Roinn a 3

D'IMIR foireann shinsireach Chorca Dhuibhne i gcoinne Chill Orglan ar an nDomhnach i ndearbaí áitiúil agus in ainneoin gur tugadh an cluiche chun cinn go dtína haon a chlog leis an stoirm a sheachaint, chuaigh an droch aimsir i bhfeidhm ar an gcluiche agus é ag dul deacair orthu rugbaí tapaigh a imirt mar gheall ar na coinníollacha ar an lá. Ba iad Cill Orglan a chuaigh chun cinn nuair a fuair siad úd théis roinnt imeartha gan smacht ó Chorca Dhuibhne.

Sna nóiméadaí deiridh don chéad leath chuaigh Corca Dhuibhne ar an ionsaí go tréan agus d'aimsigh Ciarán Ó Coileáin úd. Theip orthu an úd a shlánú agus chuaigh na foirne isteach cothrom le 5-5 ag leath am. De réir mar a chuaigh an aimsir in olcas sa tarna leath, sea chuaigh imirt Chorca Dhuibhne i bhfeabhas le hionsaithe láidre ó Niall Flatherty agus Gavin Curran ag cur brú ar Chill Orglan agus an cosaint bhagarthach ó Kiwi Chris Moore agus Adam Daly ag cur iachall ar Chill Orglan an liathróid a chaitheamh uatha. Bhain Corca Dhuibhne buntáiste as seo agus thug obair mhaith Bhernard Glavin agus Eoin Houlihan sna línte amach neart deiseanna dos na cúlaithe. Níor chur an Captaen Ciarán Ó Coileáin na deiseanna seo amú ag úsáid ciceanna cliste agus obair dhlúth le Conchubhar Ó Beaglaoich agus Seán Ó Conchubhair. Le fiche nóiméad le dul d'aimsigh na cuairteoirí úd tapaigh agus bhí an chuma ar an scéal go raibh an obair ar fad in aisce do Chorca Dhuibhne. Gan ach cúig nóiméadaí déag fágtha ar an gclog, iad cúig phointe taobh thiar agus ag imirt in aghaidh na gaoithe bhí an baol ann go raibh a bport seinnte ag fearaibh Chorca Dhuibhne.

Ach níor ghéilleadar agus le scil, foighne agus cruthaitheacht fuaireadar úd le 10 nóiméad fágtha ar an gclog. D'éalaigh Chris Feirtéar agus Kevin Moriarty chun tosaigh agus théis obair chrua ó na tosaithe thug Seán Ó Coileáin pass aoibhinn chuig Shane O'Rourke a fuair an úd díreach idir an dá phosta. Shlánaigh Ciarán Ó Coileáin an úd rud a d'fhág an scór ag 12-10 don fhoireann baile. Chosain Corca Dhuibhne go láidir sna deich nóiméadaí deiridh agus gach duine ag comhoibriú go tréan leis an lá thabhairt leo, ainneoin na coinníollacha uafásacha ar an lá.

Fágann an bua seo Corca Dhuibhne sa tríú áit sa sraith chomórtas agus iad ag dul i neart in aghaidh na seachtaine.

## ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Scéalta Thír Chonaill

# Tá curtha in aghaidh ceadúnas Club Oíche i nGaoth Dobhair

**Judy Ní Ógáin**

TÁ cúpla duine scothaosta as na Doirí Beaga i nGaoth Dobhair tar éis cur in aghaidh club oíche, an 'Dodge', atá suite ag Bóthar na Trá i Machaire Gathláin, a bhí ag lorg athnuachana ar a gceadúnas damhsa. Rinneadh an cás a phlé i gCúirt Dúiche an Chlocháin Liath le gairid.

Dúirt Nellie agus Phil Roussan leis an bhreitheamh Seamus Hughes nach bhfaigheann siad deis codlata go dtí tar éis leathuair tar éis a cúig a chlog ar maidin, nuair a imíonn an slua a thagann amach ón gclub oíche abhaile.

Tá teach cónaithe na beirte suite díreach trasna an bhóthair ón gclub oíche. "Suíonn siad ar fad ar mo chlaí taobh amuigh de mo theach agus bíonn siad ag múnadh achan áit", a dúirt an tUasal Nellie Roussan.

Dúirt an dlíodóir Paudge Dorrian, ag feidhmiú ar son úinéir an chlub oíche PJ Doherty, nár cuireadh a chliant ar an eolas faoi na hagóidí sin.

Mhínigh an dlíodóir Patrick Sweeney don Bhreitheamh Hughes nár bhain an fhadhb leis an gceol a thagann ón gclub oíche ach go mbaineann sé leis an taobh amuigh den chlub.

Bhí muintir na háite ag agóid in aghaidh an chlub oíche roimhe seo ach i mí Iúil na bliana anuraidh, 2009, tharraing siad siar a gcuid agóidí chun a fheiceáil a leanfadh cúrsaí ar aghaidh mar a bhí siad.

Dúradh leis an Bhreitheamh Hughes gur dhún an t-úinéir an club oíche síos agus gur fhág sé é in 2009, ach go bhfuil an club oíche oscailte arís anois, agus go bhfuil Nellie agus Phil Roussan ag cur ina aghaidh arís.

"Tá rudaí níos measa anois ná mar a bhí siad roimhe seo" a dúirt an tUasal Phil Roussan.

Dúirt an Breitheamh Hughes go gcaithfeadh sé carachtar an Uasail Doherty a chur san áireamh agus na fadhbanna atá aige imeachtaí taobh amuigh de theorainn a chlub oíche a smachtú.

Dúirt sé freisin go dteastaíonn cothromaíocht. Mhol sé do Nellie agus Phil Roussan comhairleoireacht dlí a lorg dá bhfeachtas agus chuir sé siar an cás go dtí an 11 Eanáir 2011.

# Laghdú de 225 ar Phostanna Gaeltachta

**Judy Ní Ógáin**

DE réir thuairisc bhliantúil Údarás na Gaeltachta a foilsíodh le gairid, i leith na bliana anuraidh, tháinig laghdú de 225 ar phostanna lánaimseartha i nGaeltacht Dhún na nGall.

Cailleadh an chuid is mó de na postanna nuair a dhún an comhlacht 'Euro Iompú Teo', ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, síos agus freisin de bharr go ndearna comhlachtaí líon a gcuid lucht oibre a ghearradh siar ina gcuid iarrachtaí na gnóthaí a choinneáil slán.

Ag labhairt dó tar éis an tuairisc bhliantúil a bheith foilsithe, dúirt Cathaoirleach an Údaráis, Liam Ó Cuinneagáin, go raibh an titim fostaíochta de 8.8% ar comhchéim le treocht eacnamaíocht na tíre go ginearálta agus go bhfuil sé muiníneach go ndéanfar an méid céanna postanna a cailleadh sna ceantair Ghaeltachta sin le bliain anuas, a chruthú arís amach anseo.

Ag deireadh na bliana anuraidh, bhí iomlán de 2,250 duine fostaithe go lán-aimseartha i gcomhlachtaí i nGaeltacht Thír Chonaill, a dtug an tÚdarás cabhair deontais agus maoiniú dóibh.

Mhínigh Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Pádraig Ó hAoláin, chomh maith gur bliain dhúshlánach a bhí sa bhliain 2009 don Údarás, go háirithe ó thaobh faomhadh postanna de, de bharr laghdú ar an maoiniú caipitil a bhí ar fáil don eagraíocht.

**Ceoltóirí Óga ó Oileán Sciathánach ag Féile Idirnaisiúnta Píobaireachta William Kennedy le Gael Linn in Áisionad Bhóthar na hArdeaglaise agus i dTrian Naomh Pádraig, in Ard Mhacha. Bhí daltaí ó Ghaelscoileanna de chuid Ard Mhacha agus Co. Mhuineacháin páirteach ann chomh maith.**

# Aighneas faoi ról NAMA i ndruidim shuímh tógála

**Danny Brown**

TÁ aighneas i gContae Dhún na nGall faoi chomhlacht tógála atá anois faoi chúram NAMA a lig oibrithe síos ar shuíomh tógála i Leitir Ceanainn.

Nuair a tháinig na fo-chonraitheoirí ag obair ag an tsuíomh ag an Aonad Timpiste agus Éigeandála úr ag Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn Dé hAoine seo a chuaigh thart, fuair siad na geataí dúnta rompu agus ní raibh teacht acu ar an tsuíomh ná ar a gcuid uirlisí a d'fhág siad ina ndiaidh an oíche roimhe.

Tá an comhlacht, Michael McNamara Construction, faoi NAMA agus cheap an eagraíocht sin glacadóir ar an chomhlacht ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart.

Anois tá na fo-chonraitheoirí ag an tsuíomh i Leitir Ceanainn, agus ag suíomhanna eile ar fud na tíre, fágtha gan obair agus cuid acu gan airgead ar bith ó tharla nár díoladh iad ar bhonn seachtainiúil.

Dúirt cuid de na hoibrithe a rinne agóid taobh amuigh de na geataí ag an tsuíomh i Leitir Ceanainn go raibh fiacha €100,000 acu ar an chomhlacht as obair a bhí déanta acu cheana féin agus go raibh eagla orthu nach bhfeicfeadh siad ach cuid de nuair a dhíolfaidh an glacadóir iad.

Ní thiocfadh leis tarlú ag am níos measa don rialtas fosta mar bhí Brian Cowen sa chontae ag tús na seachtaine ag tabhairt tacaíochta do Bhrian Ó Domhnaill, iomaitheoir Fhianna Fáil san fhothoghchán do shuíochán Dhún na nGall Thiar Theas.

Tá cuid de na fo-chonraitheoirí lonnaithe sa toghcheantar.

Ar a chuairt go baile Dhún na nGall, d'fhógair an Taoiseach go gcuirfí an maoiniú ar fáil le deireadh a chur leis an obair ar an Aonad.

Meastar go dtiocfadh leis bheith réidh taobh istigh de thrí seachtainí.

Ach níl na hoibrithe sásta leis an ghealltanas sin muna bhfuil cinnteacht ann go bhfaighidh siad an t-airgead uilig atá siad i dteideal a fháil.

Dúirt Thomas Pringle, iomaitheoir neamhspleách sa toghchán, go raibh dualgas ar an rialtas cinntiú go gcríochnófaí an scéim tógála agus go n-íocfaí na fo-chonraitheoirí go hiomlán as an obair a bhí déanta acu.

Dúirt Frank McBrearty, iomaitheoir Pháirtí an Lucht Oibre sa toghchán, nach raibh sé sásta le freagra an Taoisigh mar nár luaigh sé spriocam leis an obair a chríochnú. Dúirt sé go raibh súil aige go dtabharfadh an glacadóir an chuid is mó den airgead a bhí saothraithe acu do na hoibrithe.

Ní raibh a fhios ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go raibh glacadóir le ceapadh ar an chomhlacht agus ardaíonn sé seo ceisteanna eile faoi chumhacht NAMA agus an fhreagracht atá orthu aire a thabhairt do scéimeanna móra tábhachtacha infreastruchtúir ar nós an Aonaid Timpiste agus Éigeandála.

Ag éirí as an tuairisc chéanna, taispeántar gur íocadh beagnach €80,000 san iomlán leis na cúig bhaill as Tír Chonaill atá ar Bhord Údarás na Gaeltachta, le freastal a dhéanamh ar níos lú ná deich gcruinniú sa bhliain 2009. Íocadh €22,400 le Cathaoirleach an Udaráis, Liam Ó Cuinneagáin & íocadh €13,607 an duine leis na baill eile - is iad sin: na Comhairleoirí Daithí Alcorn & Pádraig Ó Dochartaigh, an Seanadóir Brian Ó Domhnaill agus Gráinne Mhic Géidigh.

Íocadh costaisí taistil leo chomh maith. Ní féidir an briseadh síos iomlán de chostaisí taistil aonair na mball a fháil, ach ón Údarás amháin, trí iarratas Saoráil Faisnéise a dhéanamh.

# Na míolta móra le dó

**Eoin Mc Garvey**

I NDIAIDH go leor cruinnithe, scansála agus plé, glacadh cinneadh an tseachtain seo an 33 míol mór a tháinig i dtír ar Inis Mhic an Doirn cóngarach d'Ailt an Chorráin níos mó na seachtain ó shin a dhó.

Léirigh daoine i gceantar Ailt an Chorráin agus úinéirí tithe saoire in Inis Mhic an Doirn imní faoin chéad phlean a bhí ag Comhairle Chontae Dhún na nGall iad a chur sa ghaineamh ar an trá ansin. Cé nach bhfuil cónaí buan ar an oileán, tagann go leor daoine chuig na tithe saoire agus bíonn ráchairt mhór ar an trá le linn na dea-aimsire.

Bhí tús le cur lena dtabhairt ón oileán fhad le cé Ailt an Chorráin inné (Déardaoin) ag brath ar an aimsir agus uaidh sin fhad le loisceoir i gContae an Chabháin. Agus muid i dul i gcló ní raibh eolas cinnte fá cén costas a bheas ag baint leis seo ach meastar go mbeidh sé i bhfad níos mó ná iad a bheith curtha ar an oileán. Is é an plean oibre a bhí socraithe ná úsáid a bhaint as na báid farantóireachta leis na míolta móra a thabhairt fhad le cé Ailt an Chorráin agus ansin ar thrucail fhad le Contae an Chabháin.

Ag deireadh na seachtaine tháinig míol mór eile i dtír ag trá Mhullach Dearg (féach pictiúr) cóngarach d'Aerphort Dhún na nGall. Bhí an míol mór seo deich dtroigh ar fhad agus den chineál céanna leis na míolta móra a tháinig isteach ar an oileán. Meastar go ndéanfar an ceann áirithe seo a chur sa ghaineamh ar an trá ag Mullach Dearg.

## Nuacht Bhéal Feirste

# Sraith nua teilifíse faoi Laochra Loch Lao ar BBC TÉ

**Meadhbh Ní Eadhra**

CUIRFEAR tús le sraith nua lán-Ghaeilge, Laochra Loch Lao, ar BBC 2 TÉ ag 10 a chlog oíche Dé Luain. Is sraith é seo le dhá pháirt éagsúla, a leanann scéal Laochra Loch Lao, foireann Peile Gaelaí bunaithe in iarthar Bhéal Feirste, agus iad in iomaíocht i gComórtas Peile na Gaeltachta. Ó bunaíodh in 2006 iad tá an fhoireann i ndiaidh dul ó neart go neart. I ndiaidh d'iarthar Bhéal Feirste stádas Gaeltachta a fháil, thuig na fir go raibh siad i dteideal cur isteach ar an chomórtas agus an bhrionglóid s'acu a fhíorú - sé sin imirt in éineacht le foirne eile ó gach Gaeltacht in Éirinn. Tá cur síos déanta ag eagraitheoirí an chomórtais orthu mar eiseamláir iontach den chineál foirne ba cheart a bheith i bhfoireann Ghaeltachta. Tá meascán daoine ar an fhoireann peile seo, idir mhúinteoirí, thiománaithe tacsaí, fhiaclóirí agus tuilleadh. Tá grá don Ghaeilge agus don Pheil Ghaelach acu go léir. Sa chéad sraith, beidh na himreoirí le feiceáil ag traenáil agus ag eagrú don chomórtas. Bíonn dúshláin roimh na himreoirí agus deacrachtaí fosta, go háirithe mar go bhfuil gortú glúine ag an chaptaen agus múinteoir áitiúil, Séamus Ó Tuama. Cuirtear an 'Cailín Gaelach', Gráinne Holland, in aithne dúinn, bean óg a bheidh ag taisteal leis an fhoireann go Contae Mhaigh Eo. Sa dara clár, tá an-bhrú ar na himreoirí agus iad ag taisteal go Béal an Mhuirthead don chomórtas, agus tá brú ar Ghráinne freisin, mar gur bhuaigh ionadaí Laochra Loch Lao comórtas an Chailín Ghaelaigh an bhliain roimhe sin.

"D'oscail an clár seo mo chuid súl. Chuaigh tiomantas agus dílseacht na n-imreoirí go mór i bhfeidhm orm. Ní fhaca mé riamh a leithéid. Chomh maith leis sin, thug an díograis atá acu ó thaobh na Gaeilge de, ar an pháirc agus taobh amuigh de, inspioráid dom. Is daoine ar leith iad," a deir léiritheoir/stiúrthóir na sraithe, Céara Ní Choinn.

Deir Feargal Mac Ionnrachtaigh, rúnaí Laochra Loch Lao, "Rinne foireann peile na Ceathrú Gaeltachta gaisce le Gaeilgeoirí na Cathrach a chur chun cinn i measc cheantair Ghaeltachta na tíre seo.

Bunaíodh an club in 2006, agus ó shin i leith, is ceannródaithe iad an dream seo Gaeilgeoirí lena dtogra pobalbhunaithe, cultúrtha agus spórtúil atá i ndiaidh athbheochan na Gaeilge a thiomáint ar aghaidh taobh amuigh den tseomra ranga. Tugann na cláir úrnua seo ón BBC deis do phobal níos leithne na hiarrachtaí atá ar siúl a fheiceáil ar an scáileán mór; ó chomórtas Liam Uí Mhuirí do dhaltaí bunscoile, go dtí na déagóirí ag comórtas "Seachtar gach taobh" sa Ghaillimh, go dtí comórtas Oliver Kelly a bhí mar ullmhúchán don chomórtas náisiúnta, go dtí buaicphointí comórtas peile na Gaeltachta é fhéin i Maigh Eo, comórtas an Chailín Ghaelaigh san áireamh - tugann na cláir seo léargas eisiach de Ghaeil Bhéal Feirste i mbun gnímh."

Is léiriú de chuid Imagine Media Productions do BBC TÉ é Laochra Loch Lao, a fuair tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann.

Oíche Dé Domhnaigh 28 Samhain, in amharclann na Cultúrlainne i mBéal Feirste, mar chríoch ar Fhleadh Feirste, beidh lainseáil oifigiúil na sraithe nua ag Laochra Loch Lao, an oíche sula dtéann an dara ceann amach beo.

Beidh an fhoireann iomlán, tacadóirí, lucht bunaithe an chumainn is neart eile ann ar an oíche, agus beidh ceol, bia is sóláistí fíona ann chomh maith.

# Comhchraoladh Raidió Fáilte 107.1 FM & Féile FM 103.2

**Meadhbh Ní Eadhra**

BEIDH an dá staisiún pobail as Béal Feirste, Raidió Fáilte agus Féile FM, ag teacht le chéile ar an Déardaoin 25 Samhain 2010 chun comhchraoladh beo seachtrach a dhéanamh ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste. Beidh an craoladh seo mar chuid de Fhleadh Feirste - Féile na Ceathrún Gaeltachta.

Is iad Tomaí Ó Conghaile agus Paul McCusker a bheidh ag cur an chláir i láthair. Beidh ceol agus drámaíocht beo ann, aíonna speisialta, agus neart spraoi. Craolfar an clár ó 3 go 5 an tráthnóna sin.

**Glacann beirt bhuachaill óg toisí míol mór eite fhada 10 dtroigh, a tháinig i dtír ag Mullach Dearg, Contae Dhún na nGall le déanaí. Tá an míol mór seo cosúil leis an 33 míol móra a tháinig i dtír ar Inis Mhic an Doirn, Iarthar Dún na nGall coicís ó shin.** (PIC: EOIN MC GARVEY)

# 3 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Christine Heffernan, WCEB, le John Murphy, Fastnet Mussels, Michael Keohane, Keohane Seafoods agus Dymtro Bykovskyy, Fastnet Catch atá ar na céad céimithe ó Chlár Forbartha Bia Mara Iarthar Chorcaí/BIM. Mhair an cúrsa ar feadh deich mhí agus thug sé an saineolas agus an taithí a gcuid gnónna a fhorbairt agus táirgÍnua a chur ar fáil i margadh an bhia mara. (PIC. NEIL DANTON)

An t-ealaíontóir Andrea Rossi ag taispeáint cuid dá shaothair ag ceant ealaíona in Óstán na Páirce, An Spidéal, Co na Gaillimhe an Aoine seo caite. Ba ar son Ealaíontóirí Chois Fharraige an ócáid agus léiríodh an seó, An Rón Dall, chomh maith le ceolchoirm ó The Molly Hicks ar an oíche. (PIC: SEÁN Ó MAINNÍN)

Seán Ó Dálaigh (Ceithre Scór bliain slánaithe anois aige) agus é ag cur tús le feachtas an Ionaid Buail Isteach chun Crainn Darach a chur ar fud na hÉireann trí Dhearcáin a bhailiú is a phlandáil .

Na rinceoirí seite Micheál Mac Suibhne, Susan Shantoiseau Mac Cárthaigh agus a hathair Timmy Mac Cárthaigh ag céilí in Óstán Gobnatan i rith Fhéile Rince Seit Chorcaí-Chiarraí i mBaile Bhúirne. PIC: Ó LOINGSIGH

Na Cnocadóirí: ó chlé: Déaglán Ó Néill, Eimear Ní Mhéalóid agus Criostóir Ó Duchoin ón gcumann siúlóid sléibhte Na Cnocadóirí, Baile Átha Cliath, a bheidh ag iomaíocht i gCraobh Laighean de Bhuille Faoi Thuairim ar an Satharn, 20 Samhain.

Foireann Mhionúir Pheile An Spidéil, a bhuaigh an Cluiche Ceannais i sraith an Iarthair (Mionúr B), in aghaidh fhoireann peile Naomh Anna-Leitir Móir le gairid. Ar chúl ó chlé: Seán Breathnach(Traenálaí), Alan Ó Féinneadha, Mícheál Ó h-Éifearnáin, Éamonn Ó Curraoin, David Breathnach, Cillín Ó hEochaidh, Stiofán ó Fátharta, Darryn ó Curraoin, Johnny Deiseach, Oisín Ó Conghaile, Tom Deacy ( Bainisteoir). Chun tosaigh ó chlé: Philip Ó Diollúin, Éinne Ó hEochaidh, Seán Ó Curraoin (Captaen), Cormac Ó Laoi, Brian Ó Conghaile, Pádraig Ó hAinlí, Tadhg Ó Caoimh, Martin Ó Féinneadha.

# 4 TUAIRIMÍ

# Sinn Féin ó dheas ag brath ar ghlúin na gruaige léithe seachas ar ghlúin an X-bhosca

**Eoghan Ó Néill**

Beidh sé ar bhuaicphointí craolta 2011: an t-agallamh ó ionad comhairimh Chontae Lú. Go háirithe má bhíonn an bua ag Gearóid Mac Adaim!

Táthar ann atá ag éileamh orainn céad míle fáilte a chur roimh Bhanríon Shasana nuair a thiocfaidh sí ar cuairt chugainn.

Ach nuair a d'fhógair Gearóid Mac Adaim go raibh sé chun seasamh do Dháil Éireann, arsa láithreoir RTÉ, an mhaidin faoi dheireadh, "*why's he running down here*?"

Trí bliana ó shin, chuir láithreoir eile ar RTÉ Sinn Féin i gcomparáid le "*political tourists*."

Chaith RTÉ 30 bliain ag iarraidh bunadh na 26 Chontae a choinneáil ó bheith ag éisteacht le Sinn Féin.

Rinne siad cinsireacht a d'fhág an BBC in áit na leathphingine.

Mar sin, níor cheart go gcuirfeadh sé iontas orm go mbeadh lorg tréan de sin ar an stáisiún go fóill.

Ach cuireann sé olc orm go mbeadh siad ag caitheamh le Gearóid Mac Adaim mar a bheadh eachtrannach ann.

Nó nuair a dhéanann siad beag is fiú de, déanann siad beag is fiú díom, de náisiúnaithe sa tuaisceart agus de bhunadh an tuaiscirt ar fad.

Cibé rud a deir tú faoi cheannaire Shinn Féin, is Éireannach é, a rugadh in Éirinn, agus atá ina chuid de phobal na hÉireann.

Éireannach a rinne idir mhaith agus olc don tír seo agus dá phobal.

Tá sé chomh hÉireannach leis an duine a rugadh i mBaile Bhlainséir nó i mBaile an Easpaig nó i mBaile Átha Luain.

Ba bhreá liom go dtoghfaí ina Theachta Dála i gContae Lú é chun sonc ceart a thabhairt do na maidríní lathaí sin ar eagal leo Éire Aontaithe.

Ar déistin leo Éire Aontaithe.

Ach ní hionann agus na meáin sin ar fuath leo ceannaire Shinn Féin, fágfaidh mé é faoi vótálaithe Chontae Lú socrú cén duine ar mhaith leo bheith ina Theacht Dála acu.

Ina dhiaidh sin ar fad, is fíor go léiríonn cinneadh Ghearóid Mhic Adaim a laige is atá Sinn Féin sna 26 Chontae. Seachas glúin an X-bhosca, is iad glúin na gruaige léithe atá chun cinn ar bhinse Shinn Féin sa Dáil.

Tá Gearóid Mac Adaim ag tabhairt faoin straitéis ard-riosca seo mar nach bhfuil an dara rogha ag Sinn Féin. Chlis ar an 'tionscadal' a bhí idir lámha acu ó dheas .

**Mary McAleese, Uachtarán na hÉireann. Táthar ann a deir nach Uachtarán na hÉireann í ach Uachtarán na 26 Contae amháin agus táthar ann a deir nach Éireannach í ar chor ar bith.**
(PIC.JAMES HORAN/PHOTOCALL)

**Cibé rud a deir tú faoi cheannaire Shinn Féin, is Éireannach é, a rugadh in Éirinn, agus atá ina chuid de phobal na hÉireann.**

Chuir an teip i dtoghchán na Dála 2007 agus cliseadh Mary Lou i dtoghchán na hEorpa ar ball, chuir sin deireadh leis an dóchas go rachadh siad chun cinn go rábach.

Is éigean straitéis nua agus pearsanra nua. Ba mhór an cuidiú dóibh Piaras Ó Dochartaigh bheith sa Dáil acu. Nó Tomás Ó Searcaigh, fear a bhí luaite le suíochán Lú roimh chinneadh Mhic Adaim dul chun tosaigh.

Nó Toiréasa Ní Fhearíosa.

Ach is cinnte go gcuirfeadh sé borradh faoi Shinn Féin ó dheas dá dtoghfaí Gearóid Mac Adaim ina Theachta Dála. Mura mbaineann sé - agus mura mbíonn vóta iontach maith aige - beidh air éirí as ar fad.

Cearrbhachas den scoth, ach ní hé seo an chéad uair do Shinn Féin na díslí a chaitheamh.

Mar a deirim, tá mé ag dúil go mór leis an agallamh iarthoghcháin ó Chontae Lú.

Ar iomlán na cainte faoi dhul i bhfeidhm ar an phobal, is beag Gael a théann ag cnagadh doirse, na saolta seo.

Obair throm ach obair a mbíonn díbhinn iontach air.

Dá mbeadh glúin de dhíoltóirí againn, bheadh muid i bhfad níos láidre ná mar atá muid faoi láthair.

Daoine a dhíolfadh nuachtán Gaeilge nó leabhair Ghaeilge, nó an Ghaelscolaíocht.

11 bliain a chónaigh mé ar Bhóthar na bhFál agus le linn an ama sin, níor tháinig duine faoi chóngar an tí ag iarraidh a fháil amach an mbeadh suim agam páiste a chur chuig Gaelscoil sa cheantar.

Cnag ar bith ar an doras. Oiread is bileog ag teacht isteach chun tí lena chur ar mo shúile dom go bhfuil Gaelscoil sa chóngar.

A mhalairt de scéal a bhíonn ann ag Gaelscoil Naomh Éanna, ar imeall thuaisceart Bhéal Feirste.

Gach bliain, déanann siad stocaireacht ar na céadta teach sa cheantar máguaird .

Agus gach bliain bíonn toradh ar an stocaireacht sin. I mbliana, chláraigh ceathrar ar an toirt agus tá deichniúr i ndiaidh teacht chun tosaigh ó shin ag iarraidh áit PEGS.

Agus tiocfaidh níos mó daoine ar ball. Bhí an t-am ann a dhéanfadh formhór Gaelscoileanna anseo i mBéal Feirste stocaireacht mar é.

Anois is mionlach a théann ina bhun. Ach gan an teagmháil phearsanta sin le tuismitheoirí, gan iad bheith in ann a gcás a chur agus an t-aisfhreagra a fháil ó thuismitheoirí, is laige ar fad earnáil na Gaelscolaíochta.

Agus monuar, ní dócha go mbeidh Caitríona Ruane ina hAire i ndiaidh thoghchán an tionóil, mí na Bealtaine seo chugainn.

# Cúrsaí Taistil ag éirí níos measa, ní níos fearr

**Bernie Ní Fhlatharta**

Thóg sé uair an chloig orm tiomáint ó mo theach i Maigh Cuilinn go dtí cathair na Gaillimhe maidin Dé Máirt - deich míle atá i gceist agus scór bliain ó shin níor thóg an turas céanna ach deich nóiméad.

Is cosúil gurb í cathair na Gaillimhe an áit is measa in Éirinn ó thaobh tráchta de.

I suirbhé déanta ag TomTom, comhlacht a thug Sat Nav dhúinn, tá Baile Átha Cliath agus Luimneach luaite san darna agus tríú háit.

Ach ní Sat Nav a bheas ag teastáil uainn ach uirlis a insíonn dhúinn cá bhfuil an trácht is measa agus cá bhfuil an mhoill ar an mbóthar.

Tá feabhas mór tagtha ar an mbóthar amach go baile beag Mhaigh Cuilinn ón uair a thosaigh mise i mo chónaí ann ach tá méadú freisin ar an líon tithe atá sa gceantar agus dá bhrí sin tá méadú ar an líon gluaisteán atá ar an mbóthar.

An rud nach dtuigeann mise ná cá raibh an phleanáil?

Cén fáth gur tugadh cead na tithe seo a thógáil agus gan aon phlean córas iompair poiblí a chur ar fáil.

Tá an tseirbhís bus thar a bheith go dona ar bhóthar s'againne agus ní iontas ar bith mar sin go bhfuil ar theaghlaigh ní amháin ceann ach dhá charr a bheith acu.

**Ach ní Sat Nav a bheas ag teastáil uainn ach uirlis a insíonn dhúinn cá bhfuil an trácht is measa agus cá bhfuil an mhoill ar an mbóthar.**

Tá an trácht chomh dona i gcathair na Gaillimhe go bhfuil sé ag coinneáil go leor siopadóirí amach as an mbaile mór agus iad ag díriú ar shiopaí i mbailte beaga cosúil leis an Uarán Mór, Maigh Cuilinn, Bearna agus mar sin de.

Tá gá le bóthar nua agus droichead nua ar an gCoirib mar tá plódú tráchta i gceartlár na cathrach - ar an Aoine ní féidir mórán dul chun cinn a dhéanamh ar an mbóthar agus tú ag déanamh do bhealaigh trasna na cathrach.

Agus is níos measa atá rudaí agus gan mórán dul chun cinn déanta ag na húdaráis le córas iompair a chur ar fáil.

I dtús báire cén mhaith leis na lánaí rothar nuair nach bhfuil muide, na tuismitheoirí, ag tabhairt ugaigh do na gasúir rothaí a úsáid agus iad ag dul ar scoil.

Nó cén fáth nach bhfuil busanna curtha ar fáil do scoileanna le daltaí a bhailiú - chuideodh sé seo leis an trácht a ísliú cinnte mar ní bhíonn an trácht chomh dona sa samhradh nuair a bhíonn na scoileanna dúnta.

Is é tromlach an tráchta ná daoine ag teacht isteach sa gcathair ag obair agus an tseachtain seo d'admhaigh an Rialtas go raibh an iomarca béime ar phostanna a chur ar fáil i gcathracha in áit comhlachtaí a bhunú amuigh faoin tír.

Botúin ar fad déanta trí easpa pleanála agus tá faitíos ormsa anois go bhfuil sé rómhall mar go bhfuil an iomarca tóra againn ar fad ar na gluaisteáin, ar an neamhspleáchas agus go dtógfaidh sé sáriarracht ár meon a athrú, is é an trua é.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 19 Samhain, 2010

# Ceacht eacNAMA-íochta

Aindrias Ó Cathasaigh

Bliain go ham seo a rugadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, nó NAMA mar is fearr aithne uirthi. Tá bunphrionsabal na heacNAMAíochta simplí go leor. Tá sí ann le cinntiú go n-éalaíonn daoine saibhre óna dteip féin, go n-íocann an chuid eile againn as a gcionta.

Más fíor na téacsleabhra, tá an córas caipitleach bunaithe ar an bhfiontraíocht. Téann caipitlithe sa seans, i muinín an mhargaidh. Má éiríonn lena ngnó baineann siad airgead mór as, agus mara n-éiríonn cailleann siad: thuas seal, thíos seal.

A bhuíochas ar NAMA, áfach, tá siad thuas seal agus thuas seal eile. Is fíor nach bhfuil na múrtha céanna airgid acu is a bhíodh, ach níl aon easpa orthu. Ní €200 sa tseachtain ach €200,000 sa mbliain an deol atá dá íoc leo. Ní dhearna an geilleagar an tuirlingt bhog úd a bhí tuartha ag na saineolaithe eacnamaíochta, ach coinníonn NAMA forbróirí saibhre i bhfad ón anachain.

B'éigean dóibh cuid den saibhreas a ligean uathu, cinnte, ach tá i bhfad thar luach margaidh a gcuid maoine le fáil acu. Agus más beag mór an bearradh gruaige a bhaineann NAMA astu, is muide a íocann as ar aon nós. Mar tá an leath eile den eacNAMAíocht ann: beathú saorga na mbancanna, a chaitheann a gcuid caillteanas ar ghuaillí an phobail anois agus feasta.

Maítear go bhfuil gá le tarrtháil na saibhre, gurb é an praghas a chaithfeas muid íoc leis an ngeilleagar a chur ar a chosa aríst. A mhalairt a deir an fhianaise, áfach. Thar éis na n-acmhainní uilig go léir atá bainte dínn le bronnadh ar na bocanna móra, ní leor fós é. Tá muid ag rith i ndiaidh ár ndriobaill ag iarraidh cearrbhaigh na margaí airgid a shásamh, ach géaraíonn craos na mbadhbh seo nuair a chaitear bia chucu. Is í an cháinaisnéis seo chugainn an chéad chaibidil eile den scéal. Deirtear linn go bhfuil gach rud ar an mbord, ciorruithe ar chuile shórt san áireamh. Ach an bhfuil gach rud ar an mbord i ndáiríre?

Tá sé as an áireamh go ndúnfaidh an cháinaisnéis súile na mbancanna díbheo. Tá sé as an áireamh go n-ardóidh an cháinaisnéis cáin sheafóideach na gcorparáidí. Níl sé san áireamh go gcuirfidh an cháinaisnéis an léine róin ar dhroim na ndaoine ba chiontach leis an ngéarchéim: as craiceann na cosmhuintire a bhainfear a costas.

Ní hé nach bhféadfaí a mhalairt a dhéanamh. I mbliana d'fhoilsigh an Irish Independent liosta de na trí chéad daoine is saibhre sa tír, bunaithe ar mheastacháin choimeádacha i bhfianaise a bhfuil caillte acu le blianta beaga. Léiríonn sé go bhfuil naonúr billiúnaithe sa tír fós.

**Maítear go bhfuil gá le tarrtháil na saibhre, gurb é an praghas a chaithfeas muid íoc leis an ngeilleagar a chur ar a chosa aríst. A mhalairt a deir an fhianaise, áfach. Thar éis na n-acmhainní uilig go léir atá bainte dínn le bronnadh ar na bocanna móra, ní leor fós é. Tá muid ag rith i ndiaidh ár ndriobaill ag iarraidh cearrbhaigh na margaí airgid a shásamh, ach géaraíonn craos na mbadhbh seo nuair a chaitear bia chucu.**

Fiú an fear bocht atá thíos ag uimhir 300, tá €17 milliún aige.

Cén leithscéal atá ag duine ar bith billiún euro a bheith ina bpóca acu? Ní fhéadfadh ár bhformhór cuimhniú ar cén chaoi a gcaithfeadh duine an oiread sin airgid. Cuir i gcás go bhfágfaí billiún an duine ag an naonúr seo, ach go mbainfí an chuid eile díobh mar bheart éigeandála. Chuirfeadh cáin billiúnaithe mar seo €11.79 billiún sa státchiste, dhá oiread na gciorruithe atá Brian Lenihan ag bagairt orainn.

Nó d'fhéadfaí a ghabháil ní b'fhaide agus cáin 100% a ghearradh ar ioncam os cionn €25 milliún. D'fhágfadh sin ollrachmas uafásach agus saol na bhfuíoll ag na daoine seo i gcónaí. Ach chuirfeadh sé os cionn €48 billiún ar fáil le caitheamh ar rudaí níos fiúntaí.

Ba ghá dúthracht mhór a chaitheamh leis an airgead seo a tharraingt as greim docht na lúbairí cánach, ar ndóigh.

Go deimhin, chaithfí iad a chiapadh chomh dian céanna is a chiaptar daoine bochta agus iad ag éileamh íocaíocht leasa shóisialaigh nó cárta leighis. Ní ligfí dóibh maoin a aistriú chuig gaolta mar pholl éalaithe, mar shampla.

Agus bheadh orainn cur suas leis na gearáin ó ghiollaí púdair na saibhre. Mhaífeadh siadsan go dtitfeadh an tsibhialtacht as a chéile mara gcoinneofaí pócaí na milliúnaithe chomh teann agus is féidir. Cé gurb í saint na mbrabúsaithe a tharraing an geilleagar anuas sa mullach orainn, ní thig leo smaoiniú ar thada ach an tsaint seo a chothú in athuair.

Ba cheart dúinn a bheith soiléir cén feabhas eacnamaíochta atá ag teastáil. Ní gar a bheith ag súil le saol an bhrabaigh a thabhairt ar ais. Ní dhéanann an saol sin ach an tine a fhadú aríst agus ábhar an chéad

**Lánúin ag déanamh déirce agus ag iarraidh iad féin a choinneáil teolaí ar Droichead Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath i rith na seachtaine. An mbeidh Éire í féin ag iarraidh déirce go luath?**
PIC:MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

ghéarchéim eile a bhailiú. Seachas a bheith ag iarraidh an scannán a chasadh siar go blianta an Tíogair, agus an chríoch thragóideach chéanna ar an scéal, tá sé in am script eile a scríobh.

Éilíonn doimhne ár gcruacháis geilleagar nua, bunaithe ar leas na ndaoine agus faoina smacht daonlathach. B'fhearr dúinn bogadh sa treo sin ná cosa circe a chur faoin eacNAMAíocht. Bheadh an treo sin ag teacht salach ar ghaois oifigiúil na bpolaiteoirí praiticiúla, ar ndóigh. Ach cúrsaí mar atá, tá gach rud ar an mbord, nach bhfuil?

*Is é Aindrias Ó Cathasaigh údar 1916: Seachtar na Cásca (foilsithe ag Coiscéim/Abú Media).*

# E=MC2 agus an geilleagar

**Conall Ó Móráin**

Do bé Albert Einstein a dúirt go raibh E=MC2. Cé gur chuir Einstein an-spéis i gcúrsaí polaitíochta ní dúirt aon duine go raibh a chuid tuairimí polaitíochta nó eacnamaíochta le feiceáil sa chothromóid chlúiteach a chuir an domhan núicléach ar fáil dúinn, ar mhaith nó olc. Fíricí matamaitice nó teoiricí bunaithe go hiomlán ar fhigiúirí loma a chur Einstein ar pháipéar agus b'shin iad na figiúirí céanna a d'úsáid comhghleacaithe Einstein chun ár dtuiscint ar chúrsaí bunúsacha eolaíochta a bhrú ar aghaidh.

Go ginearálta má tá na fíricí os ár gcomhair amach is féidir linn ár ngníomhartha a bhunú ar loighic in áit iad a bhunú ar leatuiscint agus ba chóir go mbeadh toradh níos fearr ar aon díospóireacht nó polasaithe rialtais a thagann as an méid sin.

Tá seanaithne agamsa ar Suzanne Kelly, abhcóide agus cuntasóir den scoth. Tá cur amach maith agam ar a cuid tuairimí polaitíochta ach, díreach cosúil le hAlbert Einstein, is cuma fúthu mar is mar iaruachtarán ar Institiúid Chánachais na hÉireann gur chuir sise figiúirí le chéile ar cé mhéad airgid gur féidir le duine atá ag bailiú an réimse iomláin d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh a chruinniú. Ní pointe ná pointí polaitiúla a bhí dá ndéanamh aici nuair a d'fhoilsigh sí a cuid anailíse ar chaiteachas leasa shóisialaigh sa tír seo. Cosúil le hEinstein is le fíricí amháin a chloígh sí. Tá figiúirí Suzanne bliain as dáta anois ach ós rud é go bhfuil costais mhaireachtála seasmhach le bliain anuas is féidir glacadh leis go bhfuil a cothromóid fós cothrom.

Deir figiúirí Kelly go mbeadh lánúin a bhfuil beirt chlainne orthu in ann sochair leasa shóisialaigh gur fiú €40,000 iad d'fháil mura mbeadh siad ag obair. Ach má ghlacann siad poist agus €35,000 dá thuilleamh eatarthu, tar éis cáin a dhíol bheadh €31,764 fágtha acu agus má chuireann na faoisimh agus tacaíochtaí eile Stáit a bheadh ar fáil dóibh leis an méid sin bheadh €36,078 mar theacht isteach iomlán ag an teaghlach. I bhfocail eile bheadh an lánúin seo níos fearr as gan dul ag obair.

Seo a cuid fíricí. Faigheann duine acu liúntas dífhostaíochta €204.30 in aghaidh na seachtaine, an duine eile € 135.65 in aghaidh na seachtaine don chéile, agus €52 sa tseachtain don bheirt pháiste. Is féidir leo forlíonadh cíosa de €12,168 sa bhliain d'fháil, liúntas scoile €586 in aghaidh na bliana agus €600 eile le díol as taisteal scoile agus leabhair scoile. Mheas sí gur fiú €1,530 sa bhliain an cárta leighis dá n-imeodh siad ar cuairt ar an dochtúir sé huaire i rith na bliana mar a thomhais sí. Is fiú €35,263 an méid sin agus níl sochair linbh san áireamh sa mhéid sin.

Cosúil le E=MC2 is iad seo na fíricí. Níl aon fhonn ar Kelly, ormsa ná aon duine eile atá dáiríre faoi chúrsaí geilleagair na tíre go n-imeodh muid ar ais go dtí ré theach na mbocht ach dóibh siúd atá ar ioncam íseal, atá ag déanamh seachtain oibre chrua, cén fáth nach mbeadh buntáiste ann dóibh agus iad ag dul amach ag obair? Faoi láthair níl an buntáiste sin ann agus, go simplí, má tá an geilleagar le bheith iomaíoch caithfidh muid brú agus mealladh a dhéanamh ar dhaoine chun obair a ghlacadh ionas gur féidir le fostóir poist a chruthú.

Rud eile ná, de bharr cúrsaí staire, tá dhá gheilleagar againn ar an oileán seo. De réir figiúirí na Roinne Coimirce Sóisialaí faigheann lánúin i dTuaisceart Éireann íocaíocht leasa shóisialaigh €106.70 sa tseachtain fad agus a fhaigheann lánúin phósta sa bPoblacht €339.90. Anois is féidir argóint a dhéanamh go mb'fhéidir go bhfuil an ráta róíseal trasna na teorann ach sin mar atá. Is againne atá an ghéarchéim eacnamaíochta agus is muidne, mar thír, atá bancbhriste. Is cuma fiú dá mba iad na comhchumannaigh a bheadh i gcumhacht tar éis an chéad toghcháin eile, ní bheidh an t-airgead ann chun na rátaí leasa shóisialaigh seo a dhíol.

Beidh gach duine atá fós ag obair ag díol ar a laghad 1% breise i gcáin tar éis an 7ú lá de mhí na Nollag. Beidh siad freisin ag díol cáin tithíochta nó cáin ar uisce. Beidh roinnt mhaith státseirbhíseach ag cailliúint a bpoist. In ainneoin go mbeidh ciorruithe suas le €6 bhilliúin dá gcur i gcrích ag an rialtas beidh muid fós ag glacadh airgead idirnáisiúnta ar iasacht chun an stát againn a choimeád faoi sheol. Cheana féin tá sé feicthe againn go bhfuil an costas ar na hiasachtaí thar fóir ar fad ach caithfidh muid leanúint leis na haisíocaíochtaí.

Beidh sé ina raic cheart ach ní gá bheith i d'Einstein chun tuiscint go bhfuil titim mhór le teacht ar chaiteachas leasa shóisialaigh. Is 'Ouch!' níos mó ná 'Eureka!' a chloisfidh muid i gceann cúpla seachtain.

# Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

## Tragóidí uafásacha

THARLA dhá thragóid uafásach an tseachtain seo in Éirinn a d'fhág seachtar marbh, ceathrar acu ina bpáistí, páistí nach bhfuair aon seans an saol seo a bhlaiseadh mar is ceart.

Tá sé deacair dúinn samhlú céard a chuirfeadh ar dhuine tabhairt faoi ghníomh mar sin a dhéanamh agus ní dócha go mbeidh a fhios againn choíche cén fáth go baileach a tharla an dá uafás seo.

Ach mar sin féin, ar ais nó ar éigean, caithfear gach rud agus is féidir a dhéanamh chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís.

Is é sin an rud is fearr is féidir linn a dhéanamh don bheirt bhan agus don cheathrar páistí a cailleadh.

## Stad den amaidí

TÁ sé in am do rialtas na hÉireann stop a chur leis an chur i gcéill faoi dheireadh thiar thall.

Ba mhillteanach an scéal é go ndéanfaí an méid sin dochair do dhaonlathas na hÉireann, agus sin atá i gceist nuair a chailleann muintir tíre ardcheannasaíocht pholaitiúil, má ghlactar, nó nuair a ghlacfar, le hairgead 'tarrthála' na hEorpa.

Mar sin féin, áfach, má tá sé ag dul a tharlú, lig dó tarlú agus bogaimis ar aghaidh.

Tá go leor rudaí dearfacha ann faoi gheilleagar na hÉireann, d'ainneoin na bolscaireachta gan stad a mhaíonn a mhalairt.

Is iad na bainc an fhadhb; más féidir an fhadhb sin a réiteach, b'fhéidir linn a bheith daingnithe ar bhóthar an athshlánaithe eacnamaíochta in am do chomóradh Éirí Amach na Cásca in 2016.

## 'The Necessity for De-Anglicising Ireland'

AR an 25 Samhain 1892, sheas Dubhghlas de hÍde os comhair an Irish National Literary Society agus thug sé a léacht iomráiteach chumhachtach a d'imir tionchar as cuimse ar stair na hÉireann, '*The Necessity for De-Anglicising Ireland*'.

Go cinnte, tá roinnt den téarmaíocht as dáta gan amhras, ní bhaintear úsáid as an téarma '*race*' inniu. Ach bhí an ceart aige ag an am agus tá cuid mhaith den cheart aige anois mar shampla.

Tá go leor in Gaelscéal na seachtaine seo a chaithfeadh amhras ar thodhchaí na Gaeilge agus straitéis an rialtais i leith na Gaeilge, áfach, má chuirtear a leithéid i gcrích choíche.

Arís is fianaise é seo, cibé rud a deir polaiteoirí agus cibé rud a dhéanann siad fiú, ní féidir muinín a bheith againn sa rialtas amháin agus tá todhchaí na nGael agus cultúr na nGael i lámha na nGael féin.

Ní fiú fanacht ar straitéis, rialtas ná meisias ar bith eile, tá barraíocht oibre le déanamh.

## Gaelscéal

Tá lúcháir orainn mar Gaelscéal tar éis dúinn an duais 'Aitheantas Speisialta na mBreithiúna' a bhuachan ag an *European Newspaper Design and Concept* awards. Is fianaise é gur féidir linn agus gur féidir le haon fhoireann bheag ag obair i dteanga mhionlaithe seasamh gualainn le gualainn leis an chuid is fearr acu. Tá muid buíoch daoibhse mar léitheoirí as bhur gcuid tacaíochta chomh maith.

## LITREACHA chuig an Eagarthóir

### 'Is ionann vótáil do Fhine Gael agus vótáil i gcoinne na Gaeilge'

A chara,
Tá Fine Gael fós ag tacú leis an bpolasaí gur chóir don Ghaeilge bheith roghnach don Ardteist, ainneoin iarrachtaí roinnt de na gluaiseachtaí Gaeilge le tacaíocht ó fhianaise dhobhréagnaithe idirnáisiúnta. I bhfianaise an pholasaí seo agus seasamh an pháirtí go ginearálta níl aon dul as ach tuiscint gur ionann vótáil do Fhine Gael agus vótáil i gcoinne na Gaeilge i ngach aon réimse.
*Le meas,*
*Eoghan Ó Murchadha*
*Gleann Cuilinn,*
*Baile Átha Cliath 18.*

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

## CEIST na Seachtaine

### Tá an X-Factor ag baint mí-úsáide as na hiomaitheoirí: Lucht léite Gaelscéal

**Róisín Ní hÉalaí**

Bhí éagsúlacht tuairimí i measc lucht léite Gaelscéal i leith Cheist Gaelscéal na seachtaine seo. Cheap an formhór díobh, 57%, go bhfuil lucht an chláir theilifíse 'X-Factor' ag baint mí-úsáide as na hiomaitheoirí. Bhí 29% de na daoine a chaith vóta ar www.gaelsceal.ie idir dhá chomhairle maidir leis an cheist.

Shíl an mionlach a chaith vóta, 14%, nach bhfuil siad ag baint mí-úsáide as na hiomaitheoirí. Tá an t-iomaitheoir Katie Waissel go mór i mbéal an phobail faoi láthair tar éis di teacht slán den cheathrú huair as a bheith caite amach as an gcomórtas an Domhnach seo caite.

Bí cinnte do vóta a chaitheamh agus do bharúil a thabhairt ar Cheist na Seachtaine seo chugainn:

"Ar cheart do rialtas na hÉireann 'airgead tarrthála' an Aontais Eorpaigh a ghlacadh?"



# Cad a tharlódh dá bhfágfaimis an Eoraip?

**Páidí Ó Lionáird**

Faoi mar a sheasann cúrsaí, tá eacnamaíocht na tíre faoi bhrú damanta. Tá Éire banc-bhriste. Dhá bhliain ó shin, thug an tAire Airgeadais Brian Lenihan barántas dóibh siúd ar fad a raibh a gcuid airgid i dtaisce acu i mbainc na hÉireann, cuma cárbh as dóibh, go n-íocfaí iad nuair a bheadh an t-am istigh ag na cuntais.

Dúradh ag an am gurbh shin an t-aon tslí le deimhniú go bhféadfaí earnáil baincéireachta na hÉireann a chosaint agus a choimeád slán. N'f-headarsa cad atá caite againn le banc Angla-Éireannach ach pé méid atá ann, más €22b é nó €29b nó €34b mar atá á rá ag éagsúlacht tráchtairí agus údar, tá sé iomlán iomarcach mar níl bun an bhairille sin sroichte fós againn agus, níos measa ná sin ar fad, ní fios d'éinne cá bhfuil an bun ach an oiread.

Dá thoradh sin ar fad, tá flaitheas na tíre i mbaol. Flaitheas na tíre, an neamhspleáchas gur throid mo sheanathair in aghaidh na nDubh-Chrónach le deimhniú ar mo shonsa.

Ní dóigh liom go bhfuilimid iomlán inár ndúiseacht i dtaobh cad a chiallaíonn sé seo in aon chor.

Is baill mhaithe sinn den dtogra Eorpach ó 1972 i leith. Bhíomar luath ag aithint luach an Aontais dúinn. Ag an am, bhí an tír mar oileán iargúlta, talmhaíochta agus iascaireachta gan mórán infreastruchtúir ná mórán dóchais d'ógánaigh na tíre. Ba bheag béim a bhí ar oideachas agus ba radharc coitianta a bhíodh ann, scuainí de dhaoine óga a bheith ag dul ar imirce, ní ar eitleáin ach ar longa – a dhaoire is a bhí eitilt ag an am.



**Anois agus sinn i bponc, ár gcóras baincéireachta in umar na haimléise, "sinn go mór fá chomaoin ag strainséirí," mar a dúirt an eacnamaí as UCD Morgan Kelly an tseachtain seo caite, táimid ag fanacht go bhfeicfimid cé na cleasanna atá fágtha sa hata ag an gcomh-rialtas faoi léigear seo. Cheapas gur thuigeas leibhéal tír-ghrá Bhrian Lenihan agus an Taoisigh féin fiú.**

Níl aon dabht faoi ach go bhfuil tréimhse mo shaoil-se tar éis athruithe ollmhóra a thabhairt faoi deara. Cuid acu a bhí dólásach ach le glúin anuas, tréimhse rachmasach. Fuaireamar deontais agus fóird-heontais agus tuilleadh deontas ón mBruiséil. Fuaireamar iad ar mhaithe lenár bhfeirmeoirí – agus ba mhaith ann iad. Fuaireamar iad ar mhaithe lenár n-iascairí. Níor mhaith iad san áfach agus tá difríochtaí ollmhóra idir na bearta éagsúla a thug deontais don earnáil iascaireachta le hais ar tharla leis an bhfeirmeoireacht.

Bhí oifig ag feirmeoirí na tíre sa mBruiséil sula raibh amhlaidh ag an rialtas fiú, iad ag stocaireacht ar son na 350,000 feirmeoir a bhí sa tír ag an am.

Ní raibh tásc ná tuairisc ar iascairí – ní rabhadar eagraithe, ní rabhadar aontaithe, ní rabhadar ann.

Ach ní hiad sin na difríochtaí is mó atá idir feachtais na n-iascairí agus feachtais na bhfeirmeoirí. Ní raibh ar aon fheirmeoir sciar dá ghabháltas a thabhairt uaidh agus é ag fáil seic sa phost. A mhalairt scéil atá fíor i dtaobh na n-iascairí. B'fhéidir nach raibh gabháltais dheimhnitheacha acu, tailte le teorainneacha agus claíocha agus geataí len iad a aithint óna chéile. Ní raibh, ach ba chuma i ndáiríre mar gur thóg rialtas na hÉireann ar láimh iad agus shínigh na páipéir ghníomhais agus bhronn ar mhaorlathas na hEorpa iad.

Diaidh ar ndiaidh, mhaolaigh líon na dtailte luachmhara seo agus ar deireadh, thugamar cead agus cuireadh dár gcomharsana teacht isteach sa chúl-chlós agus na stoic éisc a ídiú dá réir.

Íoctar suim airgid gach uile mhí le gach uile fheirmeoir nach mór sa tír – cuma cad a bhíonn ar bun aige nó aici. Ná ceap ar feadh leath-shoicind fiú go bhfuilim á rá nár cheart do na feirmeoirí cúiteamh a fháil ar a gcuid. Ach nuair nár íocadh ach suim airgid, saghas ar bhonn iomar-caíochta, leis na hiascairí, chun iad a stopadh ag iascaireacht, bhuel tá sé sin iomlán mí-cheart.

Is cinnte go bhfuil feabhas thar cuimse le feiceáil ar bhóithre na tíre, ar infreastruchtúr na tíre agus ar bhailte na tíre le hais mar a bhí ach a Thiarna, d'íocamar go daor astu ar fad.

Anois agus sinn i bponc, ár gcóras baincéireachta in umar na haimléise, "sinn go mór fá chomaoin ag strainséirí," mar a dúirt an eacnamaí as UCD Morgan Kelly an tseachtain seo caite, táimid ag fanacht go bhfeicfimid cé na cleasanna atá fágtha sa hata ag an gcomh-rialtas faoi léigear seo. Cheapas gur thuigeas leibhéal tír-ghrá Bhrian Lenihan agus an Taoisigh féin fiú.

Nílim ró-chinnte anois mar chuala an tAire Airgeadais á rá, go bhféachann sé ar fhlaitheas na tíre i gcomhthéacs fhlaitheas na hEorpa. Sea, go mbaineann flaitheas na hÉireann le flaitheas na mór-roinne, in ainneoin gach ar throid ár sinsir romhainn le baint amach!

Más mar sin atá, ní theastaíonn aon chuid de uaim. B'fhearr liom mo chuid fiacha a ghlanadh agus flaitheas an náisiúin seo a bheith mar uacht agam ná an mhalairt atá á moladh ag an rialtas míthuisceanach seo.

Tá íoctha go daor againn as a bhfuil faighte cheana féin. Is leor leor. Nach ag creathadh atá siad siúd ar fad a vótáil in aghaidh Liospóin 1? Ba chóir go mbeadh fhios acu nuair nár glacadh leis an dtoradh flaithiúnais sin!

## **SÚIL SIAR** na Seachtaine

**Ar Aghaidh: Deire Foghmhair 1960**

### Lá Fhéile Fiachra sa bhFrainnc

CHUIR cara dílis laon cóip de L'Aisne Nouvelle (6 adh M.F.) chugainn. Cuntas breagh ann, agus peictiúirí leis, ar chommóradh Féilte Naomh Fiachra ag Saint Quentin an chéad Domhnach se mhí Meadhon Foghmhair agus an Satharn roimhe. Bhí na féiltí thar cionn i mbliadhna, ainneoin na droch-aimsire.

Rinne an páipéar L'Aisne Nouvelle (a foillsightear ag Saint Quentin) agus an tionsgail, an Sirop de luxe Berger, patrúnacht ar na Féilte. Bhí cruinniú ar a 20 a chlog – 'sé sin, le tuitim na h-oidhce – i gCartúir Saint Jean (Naomh Fiachra patrún na Roinee sin de bhaile mór Saint Quentin). Bhí cuirim cheoil ó bhuidhin cheoil na gCroidhe Cruaidh (An Vaillante). Cuireadh fáilte roimh na daoine i dtosach agus moladh dóibh cuidiú go tréan leis an mbailiúchán le h-aghaidh na sean-daoine.

Maidin an Domhnaigh, ar a 10.30, bhí mór-shiubhal Naomh Fiachra. Na Garraidheadóirí agus lucht saothruí na nglasraí chun tosaigh, ó tharla gurab é Naomh Fiachra patrún na ngarraidheadóirí. Teasbántas de shaothar cloinne Fiachra – bláthannaí, planndaí, glasraí – ar leoraí. Dealbh an Naomh dá iomchar ag beirt óigfhear luthmhar ón gcumann úd, an Vaillante.

Tráthnóna an Domhnaigh annsin bhí Mór-Shiubhal na gCumann agus na dTionsgal – ar nós lá Geallta na gCurach i nGaillimh. Bhí cár-radio chun tosaigh ón Aisne Nouvelle agus bollsgaire ann a'fuagairt na n-imtheachtaí. Go leor leoraí le radharcanna éagsamhla. Teasbántas na nglasraí aríst ann, ar cheann de na leoraí. Agus, faoi dheire, leoraí an bhailiúcháin, le "sáspan" (marmite) mór ar caitheadh na pigneachaí isteach ann.

Tá griandealbha i n-éindigh leis an gcuntas : droma-mhaor beag an Vaillante – fear tighe na bhféiltí a'cainnt leis an bpobul "idir dá mhúr" leoraí le léiriú ar na Cluichí Olimpiacha – mór-shiubhal na maidne le teasbántas na nglasraí agus dealbh Naomh Fiachra – agus ar an gcéad leathanach, an Mór-Shiubhal agus droma-mhaor mór millteach i gceannus orthu a'dhul thar Theach Naomh Seosaimh, Árus Aoidheachta Siúracha Beaga na mBocht, a'beannú dho na seanmhná atá ar aoidheacht ag na mná riaghalta ann.

Do na sean-daoine agus na sean-mhná a tugtar brabach na bhFéiltí.

# 5 FOTHOGHCHÁN DHÚN NA NGALL THIAR THEAS

**Brian Ó Domhnaill**
**Fianna Fáil**

**Aois:**32

**Post:**Múinteoir, Seanadóir ó 2007 & Comhairleoir Contae ó '04-'07

**Facebook:** 1,145 cara, is maith leis Altan, Mickey Harte & the Enemies agus Margo-The Girl from Donegal agus ó thaobh clár teilifíse, 'Father Ted'.

**Barry O' Neill**
**Fine Gael**

**Aois:**36

**Post:** Láithreoir & Léiritheoir 'Sunday Spórt' le RTÉ, Comhairleoir Contae ó 2004

**Facebook:** 117 (like) ar a leathanach oifigiúil toghcháiin ach 1,110 cara aige ar a leathanach pearsanta. Taitníonn 'Father Ted' leis. Ó thaobh ceoil de Rory Gallagher agus The Skins.

**Frank McBrearty Jnr**
**Páirtí an Lucht Oibre**

**Aois:**41

**Post:**Fear ósta, Comhairleoir Contae ó 2009

**Facebook:** 1,084 cara. Liostaithe mar a cuid gníomhaíochtaí tá scairdsciáil (jet skiing), tumadóireacht agus taitníonn an scannán Star Wars leis.

**Pearse Doherty**
**Sinn Féin**

**Aois:**33

**Post:**Innealtóir sibhialta, Seanadóir ó 2007

**Facebook:** 1,985 cara, Is maith leis an cláir teilifíse 'The West Wing' agus na scannáin 'The Toy Story, Inception agus Stand by Me'.

**Thomas Pringle**
**Neamhspleách**

**Aois:**43

**Post:** Seirbhísí Uisce Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

**Facebook:** 315 cara, ceol AC/DC & Avril Lavigne, taitníonn na leathnaigh seo leis chomh maith: 'when pretty girls think they are ugly, and ugly ones think they are gorgeous', chomh maith le 'fighters against child abuse Ireland'.

**Ann Sweeney**
**New Island Party**

**Aois:**53

**Post:**Uinéir teach ósta (Carraig Rua)

**Facebook:** 10 like, déanann sí aithris ar ráiteas cáiliúil JFK 'Ask not what your county can do for you, but what you can do for your country'.

## Cuireadh cúig ceist ar gach iarrthóir agus is é seo a leanas na freagrai a thug siad ar ár gceisteanna . . .

### 1 Céard é do Pholasaí i leith na Gaeilge agus do chuid tuairimíocht fein i leith thodhchaí na Gaeilge i nDún na nGall?

**Brian Ó Domhnaill:** Tá polasaí Fhianna Fáil i leith na Gaeilge leagtha amach i Ráiteas an Rialtais i Leith na Gaeilge 2006 agus sa dréacht-Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge atá mar phlean ghníomhaíochta cuimsitheach don Ghaeilge agus don Ghaeltacht.

Ciallaíonn an cinneadh a rinne an Comhchoiste Rialtais inniu go mbeidh sraitéis uaillmhianach, comtháite nua againn roimh dheireadh na bliana agus is dea-scéal é sin do Ghaeltacht Dhún na nGall. Leagfaidh an straitéis amach cur chuige nua do chur chun cinn na teanga agus d'fhorbairt chultúrtha, eacnamaíochta agus shóisialta na Gaeltachta. Is ráiteas láidir é seo ón dTaoiseach agus a Airí faoin a ndílseacht don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. **Barry O' Neill:**Tá pleananna ag Fine Gael faoin bealach a fhoghlaimeoidh ár bpáistí Gaeilge, ag tosú leis an mbealach a mhúineann muid é sna bunscoileanna agus céard a mhúineann muid, is é sin an curaclam sa dara leibhéal. Aithníonn muid an gá le '*Cór Tacaíocht Teanga*' speisialta chun dul i gcabhair ar bhunscoileanna aonaracha a bhfuil deacrachtaí acu le múineadh na Gaeilge agus beidh muid ag cur béime ar Ghaeilge labhartha sna scoileanna agus i scrúduithe mar go gcreideann muid go gcuirfeadh sé seo go mór le seasamh na teanga má chuirtear i bhfeidhm é. Tá sé riachtanach gur féidir linn ár n-oidhreacht a chosaint. Caithfear tacú le Gaelscoileanna ar fud an oileáin.

**Frank McBrearty Jnr:**Is é seasamh an pháirtí mar chuid dar straitéis, sular féidir linn aon dul chun cinn ceart i leith athbheochan na Gaeilge, go gcaithfidh muid athbhreithniú a dheánamh ar na cláir uile atá i bhfeidhm. Deir urlabhraí Gaeilge an Pháirtí, Brian O'Shea go gcaithfidh muid a fháil amach céard iad na cláir atá ag obair mar is ceart agus iad siúd nach bhfuil. Caithfidh muid roinnt athruithe móra a dhéanamh má tá muid chun an aidhm de 250,000 cainteoirí Gaeilge laethúil a bhaint amach. Faoi láthair, níl sé ag obair.

**Pearse Doherty**: Tá Sinn Féin iomlán tiomanta do chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge. Creideann muid nach bhfuil mórán déanta ag an rialtas chun ár dteanga dhúchasach a chur chun cinn. Fiú, tá a mhalairt fíor, mar shampla tríd an ionsaí ar 'Early Immersion Education' agus na ciorruithe ar íocaíochtaí mná tí faoi '*scéim na bhfoghlaimeoirí Gaeilge*'. Creideann muid i gcur chuige réamhghníomhach don Ghaeilge, cur chun cinn na Gaeilge agus deireadh le haon chiorruithe eile nach bhfuil fáth leo ach úsáid na teanga a laghdú, teanga atá mar chuid lárnach dár stair agus féiniúlacht. Beidh mé ag leanacht ar aghaidh leis an ghá chun Straitéis 20 Bliain na Gaeilge a neartú. Mar bhall de Choiste Oireachtais na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, tá roinnt moltaí déanta againn a dhéanfadh an straitéis seo a láidriú agus caithfidh an rialtas iad a chur i bhfeidhm anois. Tugann an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge deis ollmhór dúinn a chinntiú go mairfidh an teanga agus go mbeidh borradh air do ghlúine sa todhchaí agus ní féidir linn ligint don rialtas gan an deis seo a thapú.

**Thomas Pringle:** Creidim go bhfuil an teanga ríthábhachtach dár bpobal agus tá sí ar cheann de na comharthaí dár bhféiniúlacht. Caithfidh muid maoiniú a aimsiú i gcomhair fhorbairt phobail na nGaeltachtaí agus chomh maith leis sin cinntiú go bhfuil tacaíocht á fháil ag na Gaelscoileanna agus go bhfuil siad á bhforbairt i gceantair eile timpeall na tíre. **Ann Sweeney:** Is í an Ghaeilge agus cur chun cinn na Gaeilge ceann de shócmhainní cultúrtha na tíre. D'úsáid mo pháistí féin na háiseanna iontacha ag Áráinn Mhór agus inAnagaire. Is cur chun cinn é seo ar céard a ghlaoím '*Turasóireacht ECO*' bunaithe ar an gcultúr uathúil agus féiniúlacht an réigiún. Creidim go gcaithfidh muid é a dhéanamh don ghrá di in áit é a bheith mar ábhar éigeantach. Creidim gur cuid é dár n-oidhreacht agus dár bhféiniúlacht agus go gcaithfear é a choinneáil beo agus í a chothú.

### 2 Céard iad na príomhardáin ar a bhfuil tú ag bunú d'fheachtais toghchánaíochta?

**Brian Ó Domhnaill:** Is iad na príomhardáin toghchánaíochta atá agamsa ná cabhrú leis an tír leanacht ar aghaidh ag cur seirbhísí poiblí ar fáil trí bhuiséad a aontú ar an 7 Nollaig agus cabhrú le pobail áitiúla Dhún na nGall postanna a chruthú. **Barry O' Neill:** Feabhas ar an gcóras sláinte san Iar-Thuaisceart. Infreastruchtúr níos fearr do Dhún na nGall Thiar Theas, áit nach bhfuil aon nasc traenach aige faoi láthair agus atá scaipthe amach ón mórcheantair uirbeach. Poist don cheantar tríd tacú le gnóthaí beaga agus meánmhéide agus an óige a chur ar ais ag obair. Tacú leis an earnáil iascaireachta agus feirmeoireachta. Chiallaigh ciorruithe ollmhóra an rialtais ar an scéim '*Farm Gate*' in 2009 gur chaill an eacnamaíocht na billiúin. **Frank McBrearty Jnr:** Seirbhísí réamaiteolaíocht a athbhunú in Ospidéal Leitir Ceanainn agus soiléireacht do sheirbhísí cúramaí ailse i gceantar Dhún na nGall. Tá mé ag iarraidh síneadh don ospidéal a bheith críochnaithe mar tosaíocht. Teastaíonn uasghrádú do sheirbhísí plandaí séarachais tearcmhaoinithe i cheantair áirithe den toghcheantar, Gaoth Dobhair agus St. Johnston ina measc. Is fadhb ollmhór iad na ciorruithe sa scéim '*Clár*'. Tá na liostaí feithimh dóibh siúd le ADHD do-ghlactha. Tá liostaí feithimh de thrí bliana ann agus ní féidir le páistí leas a bhaint as an deontas cúraim baile dá bharr. Níl an stát ag cosaint na bpáistí seo. Níos mó cabhair dá earnáil iascaireacht agus

feirmeoireacht i nDún na nGall. Straitéis ceart poist agus cosaint gnóthaí áitiúla. **Pearse Doherty:** Caithfidh cruthaíocht fostaíochta a bheith mar thosaíocht i dTír Chonaill, áit a bhfuil os cionn 21,000 duine dífhostaithe. Tá na hearnálacha traidisiúnta, iascaireacht, teicstílí agus an earnáil tógála tite as a chéile gan aon fhreagra ón rialtas. Níl aon cheantar i nDún na nGall Thiar Theas mar chuid de phlean cur chun cinn ná infheistíochta an Údaráis Forbartha Tionscail. Gheall Fianna Fáil, Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre go gcruthódh vóta 'sea' do Chonradh Lispón poist - bhí a fhios ag Sinn Féin agus muintir Thír Chonaill nach raibh anseo ach bréag. Tá fís ag Sinn Féin do chruthaíocht fostaíochta i nDún na nGall agus má thoghfar muid chun na Dála déanfar feachtasaíocht chun ár moltaí a chur i bhfeidhm. Is é an toradh a bheidh ar an moltaí sin ná, breis beochta a chur san eacnamaíocht agus na mílte post a chruthú.
**Thomas Pringle:** Ní raibh aon fhreagra ar an cheist seo. **Ann Sweeney**: Leasú Toghchánach - deireadh leis córas páirtithe 2 / 4 bunaithe ar '*polities*' in ionad polaitíocht páirtithe. Saor do gach duine, 'Cartaí leighis an stáit agus seirbhísí leighis'. Oideachas saor in aisce do gach duine agus íocaíochtaí cothrom le híocaíochtaí leasa shóisialaigh do dhaltaí tríú leibhéal. Teorainn a chur ar phraghas, is féidir le hOllscoileanna táillí a ghearradh do hallaí cónaithe. Faigh réidh le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh. Coinnigh seirbhísí duine le duine. Faigh réidh le 50% de Quangos chun íoc air seo (Is é an costas do 800 duine scothaosta ná €13.5 agus ag ardú gach lá).

## 3 Tá beagnach 30% dífhostaíocht i dTír Chonaill, an féidir leat a rá, cé na céimeanna atá sé gceist agat tógáil má thoghtar tú chun dul i ngleic leis seo?

**Brian Ó Domhnaill:**Ag obair as lámh a chéile, is féidir le polaiteoirí agus an pobal cabhrú le postanna a chruthú ina gceantair féin. Ba mhaith liomsa gach pobal i nDún na nGall a spreagadh chun 10 bpost a chruthú go háitiúil, bunaithe ar na foinsí luachmhara nádúrtha atá againn anseo sa chontae. Tá go leor deiseanna nua in earnálacha fostaíochta traidisiúnta mar an turasóireacht, mar shampla, trí chuairteoirí nua a mhealladh do ghníomhachtaí nua-aimseartha mar an tsurfáil. **Barry O' Néill:**Is iad Fine Gael an t-aon pháirtí le straitéis cruthú agus cosaint post chun daoine a bhaint ón leas shóisialaigh agus iad a chuir ar ais ag obair. Cruthóidh ár bplean nua '*NewERA*' 105,000 post thar cheithre bliana agus tacaíocht infreastruchtúr do leathanbhanda chomh maith le fuinneamh agus ár uisce bhealaigh agus cruthóidh sé poist dár n-ailtirí, innealtóirí agus céimithe eile. Diríonn ár bpolasaí '*Hope for a Lost Generation*' ar dhaoine óga agus tá moltaí ann do chruthaíocht fostaíochta sa phobal chomh maith le scéimeanna intéirnigh agus comhroinnt oibre agus tríd seo tá sé d'aidhm againn an méid daoine ar an 'dole' a ghearradh faoi thrí. Tá ár bplean 18 bpointe dírithe ar dul i ngleic le costas gnóthaí agus phoist a chosaint san earnáil SME chun ligint dóibh tuilleadh fostaithe a fhostú. Beidh creidmheas á sholáthar againn do ghnóthaí beaga trínár '*Loan Guarantee Scheme*' chun cinntiú gur féidir leo fanacht oscailte agus cabhróidh ár moladh chun PRSI na bhfostaithe a ghearradh leo tuilleadh foirne a fhostú. **Frank McBrearty Jnr:**Ar dtús, tá Dún na nGall fágtha in áit na leathphingine ar feadh i bhfad rófhada. Tá 21,500 as obair sa chontae. Theip an rialtas na daoine seo. Tá na mílte eile ag dul ar imirce gach seachtain. Ní féidir fostaíocht a chruthú sa cheantar áitiúil gan na coinníollacha eacnamaíochta cearta fáis a chruthú. Ní bheidh sé éasca. Tógfaidh sé a lán ama agus oibre. Ach, is féidir é a dhéanamh. Tá Páirtí an Lucht Oibre tiomanta don smaoineamh pobail áitiúla a chosaint trí ghnóthaí a chosaint agus cinn úra a chruthú. Caithfear sruth a thabhairt do chreidmheas arís do ghnóthaí beaga tríd an 'Straitéis Infheistíocht Baincéireachta'. Tá muid tiomanta chomh maith don '*Clár Céimithe agus printísigh*', forbairt ar an gclár '*Socrúchán Oibre*', ag cruthú phoist inbhuanaithe 'glasa'. **Pearse Doherty:**Cuir moladh Shinn Féin do phlean spreagtha agus cruthaíocht poist i bhfeidhm, plean €7 mbilliún thar 3 bliana go leath. Infheistíocht sna hearnálacha sin gur cuma faoi suíomh imeallach Dhún na nGall, mar shampla teicneolaíocht faisnéise. Ciste Tuaithe fiontraíochta a bhunú chun tacú le fiontair úra. Tacú le fiontraí Dhún na nGall trí shábháilteacht árachais sóisialta a fhorbairt. Cruthú shuíomh idirlín fiontraíochta Dhún na nGall, ait gur féidir le fiontraí a smaointe a chur os comhar infheisteoirí agus chun deasc cabhrach ar líne a chur ar fáil do ghnóthaí atá ag tosú amach. Úsáid a bhaint as an 60 aonad folamh de chuid Údarás na Gaeltacht i nDún na nGall tríd iad a chur ar fáil saor ó chíos don chéad bhliain d'éinne le plean gnó inmharthana. Tacaíocht airgeadais do bhunú glúin nua de chomhharchumainn i reimsí mar thurasóireacht, áiseanna cultúrtha agus seirbhísí áitiúla a chur ar fáil, agus agraibhia. Athbhreithniú ar chonarthaí na nÚdarás Áitiúla chun cothromaíocht a chruthú do ghnóthaí beaga. Poist a chruthú don aos óg chun stop a chur le glúin eile dul ar imirce. Infheistíocht a dhéanamh i bhfostaíocht pobail.
**Thomas Pringle:** Tá roinnt polasaithe agam a chuirfeadh le fostaíocht a chothabháil agus a fhás i nDún na nGall dá gcuirfí i bhfeidhm iad. Is féidir linn athchuairt a thabhairt ar ár dtionscail iascaireachta agus fostaíochta a fhás arís. Ach caithfimid dul chun na hEorpa agus troid, rud nach bhfuil déanta ag aon rialtas Éireannach. Beidh mise mar pháirt den toscaireacht atá ag casadh le chéile go luath i mí na Nollag chun stocaireacht a dhéanamh ar athbhreithniú an CFP. Is féidir leis na Cealla Beaga agus Dún na nGall a bheith lárnach i bhforbairt cumhachta gaoithe agus tonnta amach ón gcósta - cheana féin tá LYIT ag tógáil túr traenála don earnáil gaoithe ar champas na gCealla Beaga agus ag forbairt cúrsaí do chothabháil tuirbíní. Tá acmhainn ollmhór bithmhais (*biomass*) againn i nDún na nGall. Déanann muid cúig huaire níos mó crann a fhás ná mar a theastaíonn uainn chun an tír uile a théamh. Má fhorbraíonn muid adhmad mar bhreosla, cruthóidh muid tionscal atá inbhuanaithe agus dúchasach agus a dhéanfaidh díláithriú ar an iompórtáil de luach €2 bhilliún d'ola téamh tithe. C2: Creidim go bhfuil an teanga ríthábhachtach dár bpobal agus tá sí ar cheann de na comharthaí dár bhféiniúlacht. Caithfidh muid maoiniú a aimsiú i gcomhair fhorbairt phobail na nGaeltachtaí agus chomh maith leis sin cinntiú go bhfuil tacaíocht á fáil ag na Gaelscoileanna agus go bhfuil siad á bhforbairt i gceantair eile timpeall na tíre. **Ann Sweeney:**Déan na scéimeanna FÁS a athoibriú chun iomaitheoirí a chur i bpoist réalaíoch agus an fhad agus atá tú á dhéanamh beidh muid ag fás gnóthaí beaga. Tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna agus ospidéil agus seirbhísí éigeandála le traenáil ar an jab dóibh siúd atá dífhostaithe. Ba cheart go n-íocfar íocaíochtaí táirgíocht d'fheirmeoirí atá ag obair ar an dtalamh. Cinntiú nach gcaillfí daoine a gcártaí leigheas má thosaíonn siad ag obair. Déan athbhreithniú ar an Euro.

## 4 Le muid ag súil leis an mbuiséad is measa riamh, cén plean nó céimeanna a bheadh agatsa chun dul i gcabhair orthu siúd sa cheantar atá (nó a bheidh) i gcruachás airgeadais? Mar shampla – seandaoine, daltaí ollscoile, iad siúd at bhfuil post acu

**Brian Ó Domhnaill:** Rogha an-simplí ann anois idir Buiséad an Rialtais a dhéanfaidh an méid cosaint agus is féidir ar chaighdeáin maireachtála na ndaoine, taobh istigh de na hacmhainn atá ar fáil agus polasaí Shinn Féin a dhéanfadh cinnte nach bhfaigheadh muid aon airgead ar íasacht ón íasacht.**Barry O' Neill:**Tá Fine Gael tiomanta chun na daoine is leochail ía chosaint agus iad siúd ar an taobh is ísle den phascála. Aithníonn muid go dteastaíonn samhail nua rialtais uainn atá níos lú agus níos éifeachtaí agus a fhaigheann rudaí déanta tríd gearradh amach dramhaíola, dúbailt agus caiteachas arda. Cuimhnigh, le gach €1 bhilliún sábháilte sa rialtas tríd bheith níos éifeachtach sin €1 bhilliún níos lú a chaithfear ardú tríd cáin. Creidim go gcaithfear pinsean an stáit a chosaint mar thosaíocht. Beidh deireadh le táillí cláraithe scoláirí Ollscoile trínár bpolasaí dar teideal '*The Third Way*'.
**Frank McBrearty Jnr:**Tá muid i ngéarchéim eacnamaíochta. Tá muid ar tí '*bailout*' a fháil ón IMF/ECB. Ní áit deas é le bheith tar éis 100 bliain de neamhspleáchas. Ach, beidh glór láidir agam sa gcruachás seo, ag déanamh ionadaíochta ar ghnáth dhaoine agus ag déanamh cinnte nach ndéanfar dearmad orthu i nDáil Éireann. Déanfaidh mé cosaint ar sheirbhísí sláinte, cosaint do thodhchaí ár bpáistí, agus poist agus infheistíocht do gach earnáil i nDún na nGall Thiar Theas. Teastaíonn ionadaithe poiblí uaidh Dhún na nGall a bheidh i lár na troda. Tá a fhios ag gach duine go mbeidh Eamon Gilmore sa chéad rialtas eile agus tá mise ag iarraidh a bheith ann leis, mar chuid dá fhoireann ag seachadadh forbairt do Dhún na nGall Thiar Theas. Is trodaí mé agus faighim rudaí déanta do dhaoine. Ó toghadh mé do Chomhairle Chontae Dhún na nGall tá sé feicthe ag daoine an bealach a seasaim suas dóibh. Ní bheidh ár bpolasaithe nó smaointe mar chuid de bhuiséad an rialtais. Tá a bplean ciorruithe de €6 bhilliún'*draconian*' agus thachtadh sé fás in 2011. Thar aon ní eile i mbuiséad na Nollag, ba mhaith linn cothromaíocht a fheiceáil. Ba mhaith linn díriú ar pholasaithe cruthaíocht fostaíochta agus banc infheistíochta straitéisí a bhunú chun sruth airgid a chruthú do SME's. Bhí Páirtí an Lucht Oibre go láidir i gcoinne ciorruithe leasa shóisialaigh sa bhuiséad deireanach. Beidh muid i gcoinne ciorruithe leasa shóisialaigh sa bhuiséad seo, chomh maith le haon bheart eile nach bhfuil faereáilte dóibh siúd ar phá íseal nó ar meánphá. Creideann muid gur féidir an ceartúcháin buiséid a bhaint amach gan dul i bhfeidhm ar na boicht, mar a bheidh le taispeáint againn inár bplean buiséid a bheidh á fhoilsiú roimh 7 Nollag.
**Pearse Doherty:**Déanfaidh Sinn Féin gach rud gur féidir linn chun tacú leis an bpobal agus tá sé taispeáinte againn cheana féin go bhfuil bealach níos fearr ann. Tá plean eacnamaíochta mionsonruithe, leis na costas uile socraithe againn. Beidh ár bplean ag cosaint gnáth-dhaoine agus seirbhísí poiblí, sláinte agus leasa shóisialaigh agus ag iarraidh an eacnamaíocht a fhás arís. Beidh sábháilt á dhéanamh againn tríd caiteachais diomailteacha a ghearradh. Sampla de seo ná pá na dTeachtaí Dála agus Airí a ghearradh agus teorann de €100,000 a chuir ar éinne ag obair san earnáil phoiblí. Tá sé taispeáinte againn chomh maith cén áit gur féidir linn €4 bhilliún a shábháil tríd an gcóras cánach a dhéanamh níos féareáilte tríd díriú orthu siúd a bhfuil níos mó acu níos mó a íoc. Chiallóidh sé seo go mbeadh muid in ann na daoine scothaosta, daltaí agus grúpaí leochaileacha a chosaint. Níl anseo ach roinnt dár smaointí agus tá neart eile: níos mó tacaíocht airgeadais do chomharchumiann, infheistíocht i 'community employment places' agus bunú ciste poist don aos óg. **Thomas Pringle:** Tá muid i lár géarchéime faoi láthair. Caithfidh muid troid chun an 'bailout' a choinneáil ón doras. Tá muid níos fearr as lenár bhflaitheas a choinneáil in áit a bheith ag caitheamh muid féin ar thrócaire an IMF. Ní hiad na moltaí '*slash and burn*' de chuid an rialtais dár seirbhísí poiblí agus an bualadh atá i ndán do theaghlaigh atá ag streachailt le morgáistí an bealach chun ár slándáil a chinntiú. **Ann Sweeney:**Seandaoine-Tabhair ar ais bónas na Nollag. Daltaí - Oideachas saor in aisce gan aon táillí. Ba cheart íocaíochtaí a thabhairt do dhaltaí atá ionann íocaíochtaí an dole. Teorann a chur ar chostas campais cónaithe ollscoileanna. Dóibh siúd atá ag obair - Ionad taighde agus nuálaíocht a fhorbairt chun tacú le táirgeadh feirme. Ceadúnas táirgeadh. Córas '*Loop landing*' a bhunú chun fiontraíocht a chothú agus fóirdheontais a dhéanamh dóibh siúd le morgáistí. Ba cheart úinéireacht roinnte a dhéanamh nó a dtithe a liginn ar ais dóibh ar léas dóibh siúd atá i gcruachás.

## 5 An síleann tú gur toghchán é seo a bheidh vótaí á chaitheamh ar phearsanra nó páirtithe?

**Brian Ó Domhnaill:**Mar aon le gach toghchán eile, ceapaim go mbeidh tionchar ag pearsantachtaí agus páirtíthe araon ar an dtoghchán seo.
**Barry O' Néill:**Creidim go mbeidh an toghchán seo á throid ar riachtanais muintir Dhún na nGall Thiar Theas. Is mise an t-aon iarrathóir sa toghchán seo a bheidh in ann seachadadh a dhéanamh don toghcheantar. Tá Fine Gael réidh le bheith i gceannas sa chéad rialtas eile agus tá sé i gceist agamsa a bheith mar TD sa rialtas sin ag tabhairt glór láidir do mhuintir Dhún an nGall i nDáil Éireann.
**Frank McBrearty Jnr:**Is é an toghchán seo ceann de na cinn is tábhachtaí i stair na hÉireann. Beidh sé mar mharcóir do mhuintir Dhún na nGall mar bhreithiúnas ar an rialtas seo. Beidh an toghchán seo á throid ar bhunceisteanna cosúil le seirbhísí sláinte, agus todhchaí an earnál feirmeoireachta agus iascaireacht na tíre agus cé atá siad ag iarraidh mar an chéad Taoiseach eile. Beidh vótálaithe Dhún na nGall Thiar Theas ag iarraidh Eamon Gilmore mar an chéad cheannaire eile ar an tír. I bpobalbhreith *Red C*, a foilsíodh Dé Céadaoin, chuir siad a smaointeoireacht in iúl go cruinn, 46%. Beidh vótálaithe ag seachadadh a bhreithiúnas ar an rialtas agus a iarrthóir tríd cailliúnt. **Pearse Doherty:**Tá súil agam go ndéanfaidh muintir Dhún na nGall Thiar Theas measúnú ar gach iarrthóir dá bpolasaithe in áit a bpearsantacht nó páirtí. Is é an t-ábhar tábhachtach anseo ná gurb iad Sinn Féin an t-aon pháirt atá ag troid an fhothoghchán seo agus go bhfuil rogha inchreidte acu do chiorruithe bhuiséad an rialtais a dhéanfaidh an caiteachas ar sláinte, oideachas agus leasa shóisialaigh a ghearradh. Tríd ár bplean gnóthú ina bhfuil eacnamaíocht sonrach agus atá na costais leagtha amach dó tá sé taispeánta againn go bhfuil bealach níos fearr ná na ciorruithe 'slash agus burn' atá á bhrú ag na páirtithe eile. **Thomas Pringle:** Ni raibh aon fhreagra ar an cheist seo.
**Ann Sweeney:** Ni raibh aon fhreagra ar an cheist seo.

# 6 FOLÚNTAIS

Conradh na Gaeilge

**Conradh na Gaeilge, An tAonach, Co Thiobraid Árann.**

## OIFIGEACH FORBARTHA GAEILGE

**Post ar conradh atá i gceist. Tuarastal: €29,029.00**

**Bheadh sé ina bhuntáiste go mbeadh na cáilíochtaí seo leanas ag iarratasóirí:**

- Ardchaighdeán agus cruinneas i scríobh agus labhairt na Gaeilge.
- Scileanna ríomhaireachta.
- A bheith ábalta obair as a stuaim féin.
- Ardscileanna idirphearsanta agus cumarsáide.
- Cumas ar fhorbairt pobail na Gaeilge.

*Cuirtear iarratas maraon le CV roimh 26 Samhain, 2010 chuig:*
An Cathaoirleach, E. Uí Mhorónaigh,
Lios an tSonnaigh, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.
*Eolas breise ar fáil trí ríomhphost a sheoladh chuig:*
**emoronaigh@yahoo.ie**

**Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge**

*Is fostóir comhionannais deise é Conradh na Gaeilge.*

Foras na Gaeilge

---

**Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain**

De dhíth

## Oifigeach Forbartha Gaeilge

Post lánaimseartha: trí bliana
Eanáir 2011–Mí na Nollag 2013

**Critéir Riachtanacha:**

- Gaeilge líofa idir labhairt agus scríobh.
- Taithí ar bhainistiú cláir agus agus forbairt straitéisí.
- Taithí ar theagasc
- Duine fuinniúil gníomhach féinmhuiníneach a dtig leis/léi obair a dhéanamh as a stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann.
- Scileanna maithe ríomhaireachta.

Tuarastal Túsphointe Scála £24,089 ag brath ar thaithí agus cháilíochtaí.
Seoltar CV chuig:

Maighréad Ní Chonghaile, Rúnaí
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain, Teach Mhic Reachtain
156 Bóthar Aontroma, Béal Feirste, BT15 2AH

Spriocdháta iarratais: 25ú Samhain 2010. Agallaimh 3ú Nollaig 2010.

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.
Is fostóir comhdheiseanna é Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain.

*Is fostóir comhionannais deise é Conradh na Gaeilge.*

Foras na Gaeilge

---

Conradh na Gaeilge

## Oifigeach Forbartha Gaeilge

**Tá Oifigeach Forbartha Gaeilge á lorg ag Coiste Dúiche Mhaigh Eo de Chonradh na Gaeilge.**

**Riachtanach:**
- Ar a laghad 5 bhliain taithí oibre i réimse forbartha na Gaeilge.
- Ar a laghad 3 bhliain taithí i mbun bainistíocht dhaonna.
- Taithí i mbainistíocht ionad poiblí Gaeilge.
- Ardchumas líofachta i nGaeilge labhartha agus scríofa.
- Eolas proifisiúnta ar bhainistíocht ionaid agus foirne.
- Ábalta obair faoi bhrú agus spriocdhátaí a chomhlíonadh.
- Ardscileanna cumarsáide, ríomhaireachta, caidrimh poiblí agus tuiscint ar thábhacht ardchaighdeáin seirbhíse riachtanach.
- Ábalta plé le réimse fairsing imeachtaí, ceannródaíoch agus cruthaitheach.

Tuarastal €29,029, maoinithe ag Foras na Gaeilge. Conradh bliana atá á thairiscint le deis cur leis an gconradh ach maoiniú a bheith ar fáil.

**Seol litir iarratais agus CV chuig:**
An Cathaoirleach, Coiste Dúiche Mhaigh Eo,
Conradh na Gaeilge,
Sr. Ellison, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.

Is é Dé hAoine 26 Samhain an dáta deireadh iontrála.

*Is fostóir comhionannais deise é Conradh na Gaeilge.*

Foras na Gaeilge

---

## COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE
## COUNTY GALWAY VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEE

***Iarrtar iarratais ó dhaoine cáilithe go hoiriúnach don phost seo a leanas:***

## Airíoch/Freastalaí Páirtaimseartha
**i**
**nGairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, Co. na Gaillimhe**

- Cáilíochtaí & Coinníollacha Seirbhíse de réir théarmaí na Roinne Oideachais & Scileanna
- Tá an post agus an ceapachán faoi réir fhaomhadh na Roinne Oideachais & Scileanna
- Dícháileofar aon duine a dhéanann canbhasáil

Is féidir foirmeacha iarratais agus breis sonraíochtaí poist a lorg ón Rannóg Pearsanra, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe (Teil. (091) 874528). Seoltar foirmeacha iarratais comhlánaithe chuig an rannóg sin faoi **4.00 i.n., Dé Céadaoin, 1 Nollaig, 2010**.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil freisin ó shuíomh Gréasáin an Choiste Gairmoideachais ag www.countygalwayvec.com

**Seosamh Mac Donncha,**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.**

**Is fostóir comhdheiseanna é Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe. Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.**

---

cst **Comharchumann Shailearna Teoranta**
*'Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fostaíochta agus Seirbhísí'*

## Teagascóir Scileanna Aistriúcháin
(Conradh 12 sheachtain)

Tá an post seo á chruthú le cur leis na seirbhísí atá Comharchumann Shailearna Teo a chur ar fáil in ionaid oideachais i gContae na Gaillimhe idir Eanáir agus Aibreán 2011.

**Is iad na buncháilíochtaí atá leagtha síos don phost:**

**(a)** Cáilíocht mháistreachta (MA nó MSc) i Léann an Aistriúcháin, nó cáilíocht mháistreachta sa Ghaeilge mar aon le taithí ghairmiúil trí bliana, ar a laghad, i réimse an aistriúcháin.
**(b)** Taithí ghairmiúil ar obair aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge agus ó Ghaeilge go Béarla, ar a n-áirítear eolas mion ar uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe.
**(c)** Sáreolas ar an nGaeilge agus ar an mBéarla, idir labhairt agus scríobh.
**(d)** Ceadúnas tiomána glan.

**Tá breis eolais ar an bpost seo agus foirm iarratais le fáil ó:**
**Comharchumann Shailearna Teo,**
**Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.**
**Teil.: 091 - 593017**
**R-phost: cst@eircom.net**

Glacfar le hiarratais go dtí 5.00i.n. Dé hAoine, 03 Nollaig 2010.
Is fostóir comhionannas deiseanna é Comharchumann Shailearna Teo.

---

## Bhfuil folúntais agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

**Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie**

NUI Galway
OÉ Gaillimh

*Cuirtear fáilte roimh iarratais ar na poist seo a leanas:*

## Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

**Ollúnacht Phearsanta (páirtaimseartha: 0.5) san Eacnamaíocht**

Tuarastal: €133,001 p.a. (pro rata)

**Spriocdháta: 5.00 in, Dé hAoine an 17 Nollaig, 2010.**

**Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratas:**

Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais don phost thuas ar fáil ó láithreán gréasáin Acmhainní Daonna:
http://www.nuigalway.ie/vacancies

An Oifig Acmhainní Daonna, OÉ Gaillimh, Gaillimh.

T: 353 91 492151; R: hr@nuigalway.ie

## Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

**Léachtóir (Téarma Socraithe) le hAltranas – Post Lánaimseartha ar Conradh go dtí 31/8/2012**

**Léachtóir (Téarma Socraithe) le hAltranas – Post Páirtaimseartha ar Conradh go dtí 31/8/2011**

Tuarastal: €40,256 – €56,782 sa bhliain. (pro rata de réir na n-uaireanta oibre a chuirtear isteach)

**Spriocdháta: 2 Nollaig 2010**

**Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratas:**

Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh ach cuairt a thabhairt ar www.publicjobs.ie

*Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*

SUNDAY TIMES UNIVERSITY OF THE YEAR 2009-10

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service



**www.nuigalway.ie**

# MEDIAONE

### Teideal An Phoist

Riarthóir agus Forbróir Suíomhanna Gréasáin

### Próifíl An Phoist

Beidh an té a cheapfar freagrach as riarachán, coimeád agus forbairt suíomhanna Gréasáin Béarla/Gaeilge.

**Eochairfhreagrachtaí:**

Riarachán ar ábhar suíomhanna Gréasáin Béarla/Gaeilge

Tionscnaimh Ghréasánbhunaithe a fhorbairt;

Anailís agus cur i láthair forbairtí féideartha Gréasánbhunaithe;

Bainistíocht laethúil ar bhuiséid suíomhanna Gréasáin;

Bualadh le comhlachtaí/páirtithe maidir le hábhar a sholáthar do shuíomhanna Gréasáin

**Cáilíochtaí:**

Ardchaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa mar aon le tiomantas don teanga;

Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta idir labhartha agus scríofa;

Taithí ar chaidreamh éifeachtach a chothú le daoine;

Taithí ar thionscnaimh suíomhanna Gréasáin a riar agus a fhorbairt.

Beidh an tuarastal ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Cuir CV chuig jobs@mediaone.ie le cur isteach ar an bpost.

**Spriocdháta d'iarratais: 1 Nollaig 2010**

# An Clár as Gaeilge Teo

Tá **OIFIGEACH FORBARTHA** á lorg ag ***An Clár as Gaeilge Teo.***, an togra páirtnéireachta forbairt teanga pobail do Chontae an Chláir.

***Critéir Riachtanacha:***

- Taithí 5 bliana ar a laghad i réimse forbartha na Gaeilge
- Taithí 3 bliana ar a laghad i mbainistíocht acmhainní daonna
- Ardchumas i nGaeilge labhartha agus scríofa
- Ardscileanna cumarsáide, ríomhaireachta agus caidreamh poiblí
- Taithí ar obair faoi bhrú agus spriocanna a chomhlíonadh
- Ábalta plé le pleanáil agus feidhmiú réimse leathan imeachtaí
- Ábalta plé leis an bpobal agus tuiscint ar chaighdeán dea-chleachtais

Conradh bliana atá ann le deis síneadh go trí bliana ag brath ar fheidhmíocht.

**Tuarastal: €29,029 sa bhliain**

***Seol litir iarratais agus CV chuig:***
An Rúnaí, An Clár as Gaeilge Teo.,
5 Ardán Naomh Antaine, Inis, Co. an Chláir

***Spriocdháta do iarratais ná:*** An Mháirt, 30 Samhain 2010.

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge

# Oifigeach Forbartha - Gaeilge

an carn
www.ancarn.org

Cuireann Coiste Forbartha Charn Tóchair fáilte roimh iarratais ar an phost thuas.

Conradh ar Théarma Seasta trí bliana, Lánaimseartha.

**Tuarastal: £24,089 sa bhliain**

***Scileanna / Cáilíochtaí Riachtanach:***

- Taithí dhá bhliain, ar a laghad, i bhforbairt pobail, go háirithe le pobal na Gaeilge
- Taithí dhá bhliain, ar a laghad, i dtaobh le bainistíocht agus ri arachán eagraíochtúil
- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, mar aon le tiomantas don teanga.
- Ardscileanna idirphearsanta, cumarsáide agus scileanna maithe ríomhaireachta.
- An cumas a bheith ag obair as do stuaim féin chomh maith le bheith mar bhall d'fhoireann.
- Taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine.
- Roinnt taithí theoiriciúil nó phraiticiúil i bhforbairt teanga.

*Is féidir leat foirm iarratais agus tuilleadh sonraí a fháil ag*
**An Carn, Tír Chiana, Machaire Rátha, Co. Dhoire BT46 5NH**
**Teil. 028 79549978.**

Ní mór iarratais chomhlánaithe a chur ar ais chuig An Carn ag an seoladh thuas riomh 5.00 i.n. ar 29 Samhain 2010.

Tá Coiste Forbartha Charn Tóchair tiomanta do chomhdheiseanna fostaíochta agus cuirtear fáilte roimh iarratais ó gach iarrthóir leis na cáilíochtaí cuí gan a chur san áireamh creideamh, dearcadh polaitiúil, cine, inscne, aois, stádas pósta, claonadh gnéis nó cé acu an bhfuil míchumas acu nó nach bhfuil nó an bhfuil cleithiúnaithe acu nó nach bhfuil.

**Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge**

Urraithe ag Foras na Gaeilge

**Gael-Fhorbairt na Gaillimhe**

# Oifigeach Forbartha Gaeilge

Tá Oifigeach Forbartha Gaeilge á lorg ag Gael-Fhorbairt na Gaillimhe.

**Riachtanach:**

- Ar a laghad 5 bhliain taithí oibre i réimse forbartha na Gaeilge.
- Ar a laghad 3 bhliain taithí i mbun bainistíocht dhaonna.
- Taithí i mbainistíocht ionad poiblí Gaeilge.
- Ardchumas líofachta i nGaeilge labhartha agus scríofa.
- Eolas proifisiúnta ar bhainistíocht ionaid agus foirne.
- Ábalta obair faoi bhrú agus spriocdhátaí a chomhlíonadh.
- Ardscileanna cumarsáide, ríomhaireachta, caidrimh poiblí agus tuiscint ar thábhacht ardchaighdeáin seirbhíse riachtanach.
- Ábalta plé le réimse fairsing imeachtaí, ceannródaíoch agus cruthaitheach.

Tuarastal €29, 029, maoinithe ag Foras na Gaeilge. Conradh bliana atá á thairiscint le deis cur leis an gConradh ach maoiniú a bheith ar fáil.

**Seol litir iarratais agus CV chuig:**
An Rúnaí, Gael-Fhorbairt na Gaillimhe, 45 Sr. Doiminic, Gaillimh.

Is é Dé hAoine 26 Samhain an dáta deireadh iontrála.

*Is fostóir comhionannais deise é Gael-Fhorbairt na Gaillimhe*

Foras na Gaeilge

Glór Cheatharlach

# Oifigeach Forbartha Gaeilge 2011-2013

Tá GLÓR CHEATHARLACH ag lorg iarratais do phost mar Oifigeach Forbartha Gaeilge lena dtionscnamh chun an Ghaeilge a chothú, a fhorbairt agus a chur chun cinn i ngach aon ghné de shaol an phobail i gCeatharlach a chur i gcrích.

- Tá duine fuinniúil, bríomhar le bua na cumarsáide ag teastáil.
- Beidh ardchaighdeán agus cruinneas sa Ghaeilge labhartha agus scríofa ag an té a cheapfar.
- Beidh taithí/cáilíocht aige/aici in obair phobail agus leis na meáin.
- Beidh sé/sí cumasach i gcúrsaí riaracháin, margaíochta agus ríomhaireachta.

**Is post trí bliana é seo le tosú Eanair 2011. Tuarastal: €29,029.**

**Iarratais móide C.V. roimh 5 i.n. ar Dé hAoine, 3ú Nollaig 2010 chuig:**
**An Cathaoirleach,**
**Glór Cheatharlach,**
**Ionad Gnó Gateway Cheatharlach,**
**Bóthar Átha Í, Ceatharlach.**

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.
*Is fostóir comhionannas deiseanna é Glór Cheatharlach.*

Urraithe ag Foras na Gaeilge

# Oifigeach Forbartha Gaeilge

Gael Phobal

Cuireann Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin atá lonnaithe ar an Srath Bán i gContae Thír Eoghain, fáilte roimh iarratais ó dhaoine a mbeadh spéis acu sa phost mar Oifigeach Forbartha Gaeilge.
**Post lánaimseartha trí bliana atá i gceist**
**Eanáir 2011- Mí na Nollag 2013 (Tuarastal ag toiseacht ag £24,089)**

**Critéir Riachtanacha:**

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa
- Ardscileanna idirphearsanta agus cumarsáide, agus taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine aonaracha, le heagraíochtaí agus leis na meáin.
- Taithí i bhforbairt phobail, go háirithe le pobal na Gaeilge
- Taithí ar imeachtaí a reáchtáil agus bheith i gceannas ar imeachtaí
- Scileanna maithe ríomhaireachta agus idirlín

**Má tá suim agat sa phost seo seol litir iarratais chomh maith le CV chuig:** Máire Ní Dhochartaigh, Gaelscoil Uí Dhochartaigh, Eastát Bhaile Cholmáin, An Srath Bán, BT82 9AQ

Guthán: (028) 71885388 nó (048) 71885388

Spriocdháta iarratais: 3.00in Déardaoin 2 Nollaig, 2010
***Is fostóir comhionannais deise é Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin***
Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge

Urraithe ag Foras na Gaeilge

# 7 COMHSHAOL

# Dá mbíodh ruball ar an éan. . . cén scéal a d'inseodh sé?

**Pól Mac Cana**

Is féidir a lán a fhoghlaim ó na héin. Ach tá taighde de dhíth leis sin a dhéanamh. Chuige sin, tá an *British Trust for Ornithology (Ireland)* a fheidhmíonn ó thuaidh agus *BirdWatch Ireland* a fheidhmíonn ó dheas, i mbun oibre faoi láthair le *Bird Atlas 2007-2011* a chur le chéile d'Éirinn. Is é is cuspóir an chomhfhiontair seo na raonta gnáthaithe atá ag gach speiceas éin in Éirinn a leagan amach, sa dóigh is go mbeidh eolas cothrom le dáta againn le cur i gcomparáid leis na suirbhéanna a rinneadh ar na héin sa tréimhse 1988-1991, agus níos sia siar arís sa tréimhse 1968-1972.

Is dálaí tábhachtacha cudthromacha iad seo, mar uathu sin is féidir treochtaí a aithint i líonta na speiceas éagsúil; agus uathusan, is féidir treochtaí a aithint sa timpeallacht i gcoitianta, amhail téamh domhanda, athruithe i stoic na n-iasc, tionchar lotnaidicidí sa chomhshaol, caidreamh idir speicis agus araile. Is féidir éin a úsáid mar tháscairí le sláinte an chomhshaoil a mheas. Ní amháin go mbeifear in ann athruithe sna líonta éan a imscrúdú thar am, ach thar spás chomh maith. Tá na suirbhéanna céanna ar siúl i ngach dúiche ar fud fad Oileáin Thiar na hEorpa. Cionn is nach mbíonn riocht na timpeallachta nó na hathruithe atá ag titim amach mar an gcéanna i ngach dúiche, is féidir breathnú ar na héagsúlachtaí i líonta na n-éan i gceantair áirithe ar fud na n-oileán seo agus ansin díriú isteach ar na cúiseanna a bhaineann leo.

Déantar suirbhéanna sa samhradh agus sa gheimhreadh mar chuid den tionscadal taighde seo. Agus cuireadh tús leis an ráithe dheireanach de (.i. geimhreadh 2010/11) ar 1 Samhain 2010. Is ábhar spéise ann féin é gurb ionann tús gheimhreadh na n-éan sa suirbhé agus tús gheimhreadh na gCeilteach.

D'eagraigh an BTO comhdháil ar 6 Samhain 2010 in aice le Lorgain Bhaile Mhic Cana in Ard Mhacha, agus an téama láidir a bhí leis ná daoine a spreagadh lena n-eolas fairíse ar éin a chur isteach mar chuid de Bird Atlas 2007-11, agus lena spreagadh le dul amach le cuidiú sna ceantair dheireanacha nach bhfuil go leor fairíse déanta iontu go fóill.

An éigrit bheag,nó 'Little Egret', ar bhruach abhann.

Clamhán, nó 'buzzard' a ghlaoitear ar an éan sách mór seo.

An gealbhan crainn, nó 'tree sparrow', ina shuí ar ghéaga.

Cad iad na torthaí sealadacha go nuige seo? De réir na dtorthaí atá istigh faoi láthair, is léir go bhfuil roinnt speiceas ag teacht i dtír go maith in Éirinn agus a raonta ag fairsingiú.

Amharcaimis ar an chlamhán. Is cuimhin liom féin an chéad chlamhán a chonaic mé agus mé i mo ghasúr. Éan creiche chomh mór leis, agus é ar eadarbhuas thar na cnoic, ní fhaca mé riamh i gceantar na Speiríní. B'ábhar iontas amach is amach dom é ag an am. Anois agus mé i m'inmheach, tá an clamhán chomh flúirseach sin ó thuaidh, ní bhaintear siar asam é a fheiceáil nó a chloisteáil.

Ruaigeadh an clamhán amach as Éirinn de dheasca géarleanúna sa naoú haois déag. Ach tháinig dís acu ar áis thar Shruth na Maoile i 1933, agus ó cuireadh cosc ar ghéarleanúint ar an éan seo, thosaigh tuilleadh acu a fhilleadh go ceantair eile sa tír. Tá sé le fáil trí Ultaibh ar fad anois agus suas oirthear Chúige Laighin. Tá sé ag athghabháil Éireann de réir a chéile - rud atá soiléir ó na hatlais 1968-72, 1988-92 agus ó thorthaí sealadacha 2007-11. Léiríonn sé seo an tábhacht atá le cosc a chur ar ghéarleanúint na n-éan.

Aneas chugainn a tháinig an éigrit bheag - speiceas coirre báine as Mórroinn na hEorpa. Ba chuairteoir annamh í go hÉirinn roimh na 1990í. Ach ansin in 1997, shíolraigh dís acu i gCorcaigh don chéad uair, agus thosaigh tuilleadh a chur fúthu in Éirinn as sin amach. Sna saolta seo, tá siad le feiceáil i ngach contae cois farraige in Éirinn. An tásc é seo ar théamh domhanda?

Ní i gcónaí a bhíonn cúiseanna na n-athruithe sna líonta sothuigthe. Mar shampla, tá an gealbhan crainn níos forleithne anois in Éirinn ná mar a bhí sna 1970í. Ach sa Bhreatain, tá an chuma ar an scéal go bhfuil sé níos teirce. Creidtear go mbaineann sé seo le riocht na ngnáthóg. Ach cé acu gné den ghnáthóg atá i gceist, níltear cinnte.

Agus bíonn rabhadh ann dúinn in amanna fosta. Is tásc iad na hathruithe i líonta éin na mara go bhfuil athruithe i stoic na n-iasc. Ba chiallmhar dúinn bheith airdeallach ar na hathruithe sin.

Is furasta a rá gur caitheamh aimsire gan tábhacht é fairtheoireacht éan. Ach ní inniu ná inné a thosaigh an cine daoine a chuardach táisc ó na héin. Más tuartha a bhí á gcuardach sa sean-am, is eolas eolaíoch atá á aimsiú inniu.

Is léir gur fiú éisteacht le cantain na n-éan. Tá eolas inti.

**Tuilleadh eolais/léarscáileanna sealadacha/bí páirteach: ghttp://www.bto.org/birdatlas/**

# An cibearspás agus an cibear-síceolaíocht

Conn Ó Muineacháin

An t-idirlíon. An cibearspás. Sin iad críocha nua na teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn le blianta beaga anuas. Tugtar go leor airde do thaobh teicneolaíochta na réabhlóide seo: ríomhairí cumasacha, fóin ghlice agus an leathanbhanda. Ach b'fhéidir go bhfuil an gné is suimiúla den réabhlóid idirlín ar aghaidh an scáileáin amach, in intinn an úsáideora.

Tugtar an cibear-síceolaíocht ar an staidéar ar an intinn agus iompar daonna i gcomhthéacs na teicneolaíochta. Ní nach ionadh go bhfuil fás mór ar an eolaíocht seo agus an teicneolaíocht ag sníomh isteach i ngach aon chuid de shaol an duine.

Is é an gné is suntasaí de seo ná fás mór na líonraí sóisialta, arb' é Facebook an sampla is mó.

Tá 1.5 milliún duine ar Facebook in Éirinn agus 500 milliún ar fud an domhain. Tugann breis agus leath acu sin cuairt ar an suíomh gach lá.

Luann an Dochtúir Ciarán McMahon ó Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath na figiúirí sin agus é ag míniú cén fáth go bhfuil oiread spéise ag síceolaithe in Facebook. Tá cuid mhaith den idirghníomhaíocht sóisialta idir dhaoine ag tarlú anois ar Facebook, rud nach raibh fíor 2 bhliain ó shin. Déanann sé tagairt do scéal a instear i dtuairisc taighde amháin, faoi bheirt a chas ar a chéile sa tsráid lá, ach nach raibh aon rud nua le rá acu toisc go mbíodh siad ag coinneáil súil ar shruthanna Facebook a chéile.

Tá anailis déanta ag Ciarán ar an dtaighde idirnáisiúnta ar Facebook. Deir sé go bhfuil 66 páipéar acadúil síceolaíochta foilsithe ar an ábhar le 4 bliana anuas.

Theastaigh ó shíceolaithe a fháil amach: an féidir pearsantacht an duine a léamh go cruinn óna leathanach Facebook? Tá go leor fianaise ann go gcuirtear saintréithe pearsantachta in iúil go soiléir ar an suíomh. Mar shampla, má tá go leor cairde agat ar Facebook, agus má tá tú páirteach in go leor grúpaí Facebook, tá seans maith ann gur duine eisdíritheach (*extrovert*) tú. Agus is dócha nach gcuirfidh sé iontas ar éinne a chlos go bhfuil baint ag gníomhaíochtaí áirithe ar Facebook le mórtas agus naircisíocht (*narcissism*)!

Chonacthas do thaighdeoirí go raibh tréithe naircisíochta go láidir ag duine a chaitheann cuid mhaith ama ag líonadh isteach sonraí ar a phróifíl. Bhí difríocht idir fhir agus mná sa tslí inar cuireadh an naircisíocht in iúl: i bhfocail ag na fir agus le pictiúir i gcás na mban.



Ach níl sa naircisíocht ach ceann amháin de na saintréithe pearsantachta. Áirítear oscailteacht, coinsiasacht, cneastacht agus néaróiseacht (neuroticism) mar aon le naircisíocht sa Cúig Mhórthréith Pearsantachta, agus is féidir gach ceann acu a léamh, a bheag nó a mhór, ó do leathanach Facebook.

Is í an néaróiseacht an tréith is deacra a léamh, ach tá na ceithre chinn eile níos fusa. I staidéar amháin a deineann anuraidh, tugadh uair a chloig traenála d'oibrithe earcaíochta ar shaintréithe pearsantachta a mheas ó phróifíl Facebook. Tar éis na traenála bhí siad in ann measúnú cruinn a dhéanamh faoi 4 mhórthréith as an 5, chomh maith le éirim aigne agus cumas oibre.

Deir Ciarán go bhfuil lucht earcaíochta ag baint úsáid níos mó as faisnéis Facebook, de réir mar atá comhlachtaí ag tuiscint go bhfuil an fhírinne ann. Ach is fírinne shearbh a bhíonn ann do dhaoine áirithe. Níl tuiscint mhaith ag daoine faoi cad é atá príobháideach agus cad é atá poiblí ar Facebook. Agus fós féin, níltear cinnte faoin slí is fearr le "cairdeas" a dhéanamh ar Facebook.

Sa ghnáthshaol, bíonn níos mó ná cineál amháin caidrimh againn le daoine eile.

Foirmiúlacht, dlúthchairdeas, proifisiúntacht: bíonn a bheag nó a mhór de na gnéithe seo i gceist. Agus ní bhíonn, mar shampla, ár gcomhghleacaithe oibre caite isteach i gcomhluadar ár ngaolta de ghnáth.

Níl na fadhbanna seo réitithe ag Facebook. Táthar fós á oibriú amach agus is cuid den obair sin í an cibear-síceolaíocht.

Casadh an Dr Ciarán McMahon orm an tseachtain seo chaite ag an gcomhdháil bhliantúil de chuid Chumann Síceolaithe Éireann i mBaile Átha Luain. Bhí sé ina mhór-ócáid agus an cumann ag ceiliúradh 40 bliain ar an saol. Sa lá atá inniu ann tá breis agus 2,500 ball ag an gcumann agus iad ag obair in earnála an oideachais agus na sláinte, i saol an ghnó agus na margaíochta agus go leor áiteanna eile.

Amárach ar an gclár raidió cloisfear an comhrá a bhí agam le Ciarán agus le daoine eile ag comhdháil na síceolaithe. Freisin cloisfear faoi thairgeadh nua sileacón ar féidir le duine a mhúnlú lena lámha chun rudaí a dheisiú. Agustabharfaidh muidcuairt ar eagraíocht atá ag obair chun oidhreacht ghéiniteach na mbarraí traidisiúnta in Éirinn a chaomhnú.

Bí linn, 'Ar Strae sa tSaotharlann'!

***"Ar Strae sa tSaotharlann", clár na heolaíochta agus na timpeallachta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, Dé Sathairn, 10:30rn.***

## BLÚIRÍNÍ CHOMSHAOIL

Le Treasa Bhreathnach

### Turas ag Músaem Stair an Dúlra curtha ar ceal

Tá turas taighde a bhí beartaithe ag Músaem Stair an Dúlra i Londain go Paragua chun samplaí de speicis úra plandaí agus feithidí a aimsiú curtha ar ceal acu. Bhí imní orthu go dtiocfadh siad i dteagmháil le treabh an *Ayoreo* agus go dtabharfadh siad galar nó a leithéid isteach sa treabh a dhéanfadh damáiste ollmhór dóibh. Is turas de 100 duine a bhí i gceist. Tá thart ar 150 duine i dtreabh an *Ayoreo* agus bíonn iad ag maireachtáil ar an nós traidisiúnta mar fhiagaithe cnuasaitheoirí (*hunter-gatherers*). Níl siad ag iarraidh aon teagmháil leis an domhan mór.

### Rudolf don dinnéar?

Tá sé i gceist ag Lidl feoil réinfhia (*reindeer*) a dhíol ina gcuid siopaí ar fud Shasana agus iad ag díriú ar mhargadh na Nollag. Níl feoil réinfhia ar fáil i siopaí Lidl in Éirinn mar go bhfuil siad faoi bhainistíocht éagsúil, agus deir siad nach bhfuil aon phlean acu faoi láthair an fheoil a dhíol in Éirinn. Mar sin, is cosúil go bhfuil Rudolf sách sábháilte sa tír seo go fóill, ach má bhuaileann an fonn tú, is féidir teacht ar fheoil réinfhia in ikea ar chostas €2.90 ar 100g.

### Gníomhaíochtaí an rialtais i gcoinne tuilte

Dar le Leas-Uachtarán Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA), Eddie Downey, caithfidh an rialtas níos mó oibre a dhéanamh chun a chinntiú nach dtarlóidh tuilte i mbliana cosúil leo siúd a tharla anuraidh. Bhí sé ag labhairt ag cruinniú leis an Aire Iompair, Noel Dempsey, tar éis na hoscailte oifigiúla de sheachbhóthar Ghort Inse Ghuaire. Dúirt sé, chomh maith, go raibh ar an rialtas dul i ngleic leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra mar go gcuireann siad i gcoinne oibre chun dul i bhfeidhm ar thuilte.

### Seimineár ar láimhseáil beithíoch ag Teagasc

Beidh seimineár náisiúnta ar bun i gContae na Mí an Mháirt bheag seo chun súil a chaitheamh ar na dóigheanna is fearr chun timpistí feirme a sheachaint, go háirithe dóibh siúd a bhíonn ag láimhseáil beithíoch. Bíonn láimhseáil beithíoch i gceist le 65% de na cásanna ina ngortaítear daoine ar fheirmeacha. Beidh an seimineár ar siúl ó 10.30rn - 12.30in agus é saor in aisce do chách. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Theagasc ar 046-9061100.

### Rainbow Warrior

Tá cabhail an bhád úr agóidíochta de chuid Greenpeace, *Rainbow Warrior*, críochnaithe 5 mhí i ndiaidh gur cuireadh tús leis an obair thógála. Tá sé anois ar an mbealach go dtí an Ghearmáin agus táthar ag súil go mbeidh an chuid eile den tógáil críochnaithe faoi 14 Dheireadh Fómhair 2011. Táthar fós ag iarraidh maoiniú de €23.3 milliún a bhailiú do thógáil an bháid. Nuair atá sí críochnaithe beidh an bád seo ag úsáid na gaoithe mar fhuinneamh in áit bhreosla iontaise.

# 8 BEATHA

# Is féidir níos mó ná do sparán a ghoid

Tá gadaíocht aitheantais ina ábhar imní. Is agamsa atá ach go háirithe, nó goideadh mo cheadúnas tiomána agus mo chárta preasa as mo phóca in Barcelona dom cúpla mhí ó shin: **Anton Mac Cába**

Tá gadaíocht aitheantais ina ábhar imní. Is agamsa atá ach go háirithe, nó goideadh mo cheadúnas tiomána agus mo chárta preasa as mo phóca in Barcelona dom cúpla mhí ó shin. Níor goideadh oiread agus cent uaim. Goideadh dhá chárta dochair, ach chuir mé iadsan ar ceal taobh istigh d'uair a chloig.

Bhí an ceadúnas tiomána níos luachmhaire ná na cártaí dochair. Tá gach eolas fúm ar an cheadúnas agus ar an chárta preasa: is é sin seoladh, dáta agus áit bhreithe. Is luachmhar an rud é aitheantas. Tig le duine airgead nó earraí a fháil. Tig leo úsáid a bhaint as le dul thar theorainneacha, nó le hairgead a sciúradh.

Scaipeann gadaíocht aitheantais ar fud an domhain. Mí Eanáir bhain na hIosraelaigh úsáid as trí phas Éireannacha chlónáilte le trodaire Pailistíneach a mharú in Dubai. Bhí pasanna Éireannacha ag triúr spiairí Rúiseacha a gabhadh i Meiriceá. Ceithre mhí ó shin, gabhadh cárta bréige creidmheasa ag siopa taobh amuigh de Bhaile Uí Dhálaigh, Tír Eoghain. Ba ainm mná as Dakota Theas, Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhí air.

Ciontaíodh bean, a thug Diane MacDonald uirthi féin, i gcalaois i nDún na nGall. Dúirt sí gurb as Dún Éideann di. Bhí sí ag siúl amach le Danny 'Ginger' Walsh, fear gnó as an Chlochán Liath. Bhí cártaí creidmheasa aici - faoin ainm s'aigesean. Ag tús an chéid, dhúnmharaigh Julie McGinley a fear céile ar an Chuach i bhFear Manach. Bhí dhá fhón póca aici a bhí cláraithe faoi ainmneacha beirt bhan a bhí ag obair léi. Níl a leithéid de choir ann agus aitheantas a ghoid in Éirinn ná sa Ríocht Aontaithe. Is coir é úsáid a bhaint as an aitheantas le hairgead, earraí nó seirbhísí a fháil leis. Tá gadaíocht aitheantais ina choir sa bhFrainc, mar a bhfuil pionós cúig bliana príosúntachta ag dul leis.

Cleas atá coitianta anois ná '*phishing*', nó fioscaireacht, ar cinéal iascaireachta é. Faigheann tú nóta ríomhphoist. Tá an chuma air gur ó banc nó institiúid airgeadais a sheol é. Iarrtar ort eolas faoi do chuntas bainc a chur chucu. Tháinig an cleas go hÉireann den chéad uair ceithre bliana ó shin. Shéan Banc na hÉireann freagracht ar bith, ach dhíol cúiteamh €11,300 le daoine a robáladh. Tá sé anois in éadan an dlí sa Ríocht Aontaithe nóta ríomhphoist fioscaireachta a chur, fiú muna bhfaightear pingin dá bharr. Níl an fhioscaireacht in éadán dhlí na hÉireann. Ní bhíonn sé ina choir go dtí go bhfaightear airgead nó earraí dá bharr.

Bailíonn lucht fioscaireachta seoltaí ríomhphoist le bogearraí speisialta. Is ó iarthar na hAfraice a chuirtear tromlach na nótaí fioscaireachta. Tíortha bochta atá ansin, na rialtais lag. Tá cuid mhór daoine óga atá oilte sa ríomhaireacht, iad ar an trá fholamh. Níl na hacmhainní ag na péas tabhairt faoin choir. Níl aon róbhrú orthu ach oiread. Is taobh amuigh den réigiún atá an choir ag tarlú. Is daoine i dtíortha saibhre an Iarthair na híobartaigh.

Bhí aitheantas á ghoid riamh, ach tá an fhadhb i bhfad níos measa anois. Ba in 1991 a baineadh úsáid as an téarma 'gadaíocht aitheantais' den chéad uair. Baineadh úsáid as fioscaireacht den chéad uair in 1996. Níl figiúirí ar bith ann do ghadaíocht aitheantais in Éirinn. Sa Ríocht Aontaithe, tháinig méadú 238% uirthi sa tréimhse 2007-9.

Dúirt urlabhraí thar cheann an PSNI go raibh sé simplí sonraí pearsanta a fháil. Dóigh amháin ná rudaí a phiocadh as póca. "Dóigh eile," a dúirt sé, "ná camscéimeanna ar an fhón nó ar an idirlíon, ag iarraidh ar dhaoine sonraí pearsanta a thabhairt."

Dóigh choitianta ar an idirlíon ná nótaí ríomhphoist a sheoladh faoi ainm bainc ag iarraidh sonraí. Bíonn siad seo bréagach - ach ní bhíonn sé sin soiléir. "Tá na daoine seo sofaisticiúil. Tig leo suíomh idirlín a dhéanamh atá cosúil leis an suíomh atá ag banc," arsa urlabhraí an PSNI.

Is daoine sofaisticiúla ó thaobh na teicneolaíochta na daoine seo. Tig leo briseadh isteach i gcuntas ríomhphoist. Tá Hotmail go háirithe leochailleach.

Dar leis an PSNI go bhfuil suímh phornagrafaíochta contúirteach. Bíonn ríomhchláir thraíocha leo. Déanann siad seo seilbh a ghlacadh ar an ríomhaire nó eolas a fháil uaidh. Ar ndóigh, tig leis an tseift bheith simplí - amharc thar do ghualainn agus tú ag an mheaisín bainc. Ba é comhairle urlabhraí an PSNI ná bheith cúramach faoi dhoiciméidí. "Nuair a bhíonn tú réidh le ráitis bainc agus a leithéid, déan iad a stialladh. Fág ó mhaith iad."

Tá na hinstitiúidí airgeadais ar fad airdeallach. Dúirt urlabhraí thar cheann Bhanc Aontais Éireann go dtiocfadh leis tarlú do dhuine ar bith. "Ní hiad na daoine atá aineolach ar an teicneolaíocht a sceitheann a gcuid sonraí pearsanta. Is é an duine nach mbíonn ag smaoineamh a dhéanann a leithéid, agus a thugann freagra ar rud éigin ar an idirlíon."

**Tig leis seo tarlú do dhuine ar bith. Tá sólás maith ar fáil ó na suímh seo:**

Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochtaí www.safecard.ie/

Identity Theft sa Ríocht Aontaithe www.identitytheft.org.uk/

na Gardaí www.garda.ie/Controller.aspx?Page=1921

# NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

# Leabhair áille nua ón Áisaonad

Tá cuid mhaith leabhar do pháistí foilsithe ag an Áisaonad, eagraíocht a chuireann táirgí oideachasúla ar fáil. Is áiseanna iontacha iad na leabhair seo do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí a bheadh ag iarraidh cuidiú le páistí bheith ag foghlaim agus ag léamh ag an am céanna. Tá na leabhair aistrithe go Gaeilge ag an Áisaonad agus tá Gaeilge bhlasta ach simplí iontu, a bheadh an-fheiliúnach do léitheoirí óga. Thíos tá léirmheasanna déanta ag **Meadhbh Ni Eadhra** ar chuid de na leabhair.

## Léirmheasanna

**Ag Dul i bhFolach**
Deir sé ar chlúdach tosaigh an leabhair seo gur scéal faoi 'méid' agus 'suíomh' atá ann. Is léir, mar sin, go bhfuil cur chuige oideachasúil ag foilsitheoirí an leabhair seo, an tÁisaonad, agus go bhfuil béim ar an bhfoghlaim síos tríd. Is mór an difear atá idir an leabhar álainn seo agus cuid de na leabhair oideachasúla a bhíodh in úsáid i scoileanna agus i naíonraí roimhe seo. Leabhar ildaite, gleoite atá ann, agus tá archaighdeán foilsitheoireachta ann. Is í Rosemary Reuille Irons údar sinsearach an leabhair, a foilsíodh den chéad uair in 2002 ach atá anois ar fáil i nGaeilge mar gheall ar aistritheoirí an Áisaonaid. B'fhiú go mór dóibh an leabhar a aistriú mar go minic ní bhíonn leabhair spleodracha, spraíúla cosúil leis seo ar fáil i nGaeilge agus is iontach an deis é do pháistí an Ghaeilge a fheiceáil in úsáid in éineacht le rud éigin taitneamhach ildaite, spéisiúil. Tá ainmhithe lárnach sa scéal eachtrúil seo, rud a thaitneoidh le an-chuid páistí. Tríd an scéal, casfaidh na léitheoirí ar Lára Lacha, Bobaí Béar, Cara Crogall, Franc Frog, Dóbaí Dobhareach, Lilí Luchóg agus Láraí Lasairéan, ainmhithe le neart tréithe éagsúla agus pearsantachta.

Gné den leabhar a rachaidh i bhfeidhm ar pháistí freisin ná na flapaí atá ann ar chuid de na leathanaigh. Bíonn ar an léitheoir na flapaí a ardú chun an scéal a léamh ó am go ham agus bainfidh páistí agus daoine fásta araon sult as an ngníomhaíocht seo. Tá cruth deas ar an leabhar seo agus tá sé anmhór i gcomparáid le leabhair eile, rud a d'fhéadfadh cuidiú le páistí spéis a chur ann mar gheall go bhfuil sé difriúil ó na gnáthleabhair. Tá an scéal féin aistrithe go fíormhaith agus é deascríofa ó thús deiridh. Tá cuid de na focail is dúshlánaí sa scéal scríofa i gcló níos dorcha ná na focail eile, ag tarraingt airde orthu agus ag cuidiú le tuismitheoirí nó le múinteoirí foclóir na bpáistí a leathnú.




**Na Fir Ghrinn**
Scéal faoi 'comparáid' agus 'ord' an cur síos atá scríofa ar chlúdach an leabhair seo. Cosúil leis na leabhair eile atá foilsithe ag an Áisaonad, is leabhar ildaite álainn é seo a thaitneoidh go mór le páistí agus le daoine óga.

Tá go leor béime ar an spraoi agus ar an ngreann sa scéal, agus dírítear ar Bhéar agus ar a chuid cairde, Goraille agus Leon. Arís, taitneoidh na hainmhithe agus na carachtair seo leis na léitheoirí óga agus foghlaimeoidh siad roinnt focal nua ag an am céanna. Cuirtear ceisteanna ar an léitheoir síos tríd an scéal, rud a spreagann iad le bheith ag machnamh agus ag smaoineamh iad féin in ionad a bheith ag éisteacht nó ag léamh an scéil gan a n-inchinn a úsáid mórán.

Cóisir léitheoireachta atá anseo do pháistí agus bainfidh siad ansult ar fad as.

**Móna agus Móla**
Díríonn an scéal seo ar 'mar an gcéanna' agus 'difriúil', cur síos spéisiúil ar scéilín éadrom do pháistí. Dhá mhoncaí atá i Móna agus Móla agus taitneoidh sé le páistí iad a leanacht tríd an scéal agus iad ag déanamh rudaí greannmhara agus suimiúla. Arís, spreagtar an léitheoir le ceisteanna a fhreagairt agus bheadh an leabhar seo áisiúil do mhúinteoirí agus iad ag iarraidh daltaí a chur ag foghlaim agus ag cleachtadh a gcuid Gaeilge agus mar sin de.




Carachtair iontacha iad Móna agus Móla agus tá sé cliste an bealach a chuirtear in iúl sa scéal iad. Cosúil leis na leabhair eile atá foilsithe ag an Áisaonad, tá léaráidí iontacha sa leabhar agus pictiúir ar gach leathanach, ag tarraingt aird na bpáistí ar an scéal.

**Níos Mó Nó Níos Lú?**
Seo scéal atá beagán difriúil ó na cinn eile atá luaite. Ní ainmhithe iad na príomhcharachtair ach Seán agus Brídín, beirt bhabóg bheaga a bhfuil cuma chniotáilte orthu. Chuirfeadh siad Jack agus Jill i gcuimhne duit, go háirithe nuair a fheiceann tú an tobar in aice leo. Tá an scéal seo thar a bheith simplí, agus b'fhéidir beagán róghearr i ndáiríre.

Seachas sin, scéilín beag gleoite atá anseo agus is mór is fiú do thuismitheoirí agus múinteoirí an scéal a léamh do pháistí nó é a úsáid sa bhaile nó sa seomra ranga.

**Cló Iar-Chonnacht**
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 cic@iol.ie www.cic.ie

**Ag cur clabhsúir le ceiliúradh 25 bliain Chló Iar-Chonnacht . . .
seolfar na leabhair seo thíos
chomh maith le catalóg agus suíomh idirlín nua CIC
in Óstán na Páirce, An Spidéal, Dé hAoine 19 Samhain @ 8.30 i.n.**




**Sé an Saol an Máistir**
**Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhinneadha in eagar ag Gearóid Denvir**

Dánta uile an fhile in aon leabhar amháin, chomh maith le nótaí cuimsitheacha ar na dánta agus aiste chritice.




**Aileach**
**úrscéal nua le Jackie Mac Donncha**

**Iad Seo Nach bhFaca**
**úrscéal nua le Beairtle Ó Conaire**




**Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie**

## Ceiliúradh 25 bliain Chló Iar-Chonnachta ag druidim chun buaice

Ag 8.30 anocht beidh ceiliúradh cúig bliana fichead Chló Iar-Chonnachta ag druidim chun buaice le hócáid cheiliúrtha in Óstán na Páirce sa Spidéal i gContae na Gaillimhe. Cuireadh sraith imeachtaí ar bun i rith na bliana mar chomóradh ar an gcloch mhíle seo. D'éirigh go hiontach leo ó thaobh n afoilsitheoireachta de i mbliana. Bronnadh Gradam Ui Shúilleabháin ar an leabhar *Ó Chósta go Cósta* le Frank Reidy agus foilsiodh rogha bhreá leabhair eile. Beidh trí cinn de na leabhair seo á seoladh go hoifigiúil ag an ócáid seo: *Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádhraic Learaí Uí Fhinneadha*, in eagar ag Gearóid Denvir; *Aileach*, nóibhille le Jackie Mac Donncha, agus *Iad seo nach bhfaca*, úrscéal le Beairtle Ó Conaire. Seolfar catalóg agus leabharliosta nua ag an ócáid freisin chomh maith leis an suíomh idirlín leasaithe www.cic.ie. Beidh oíche cheoil agus amhránaíochta i ndiaidh na hócáide agus tá fáilte roimh chách.

## *Buille Croí* le seoladh

Tá leabhar nua ó Choiscéim le seoladh Déardaoin seo chugainn ag 6.30in sa Goethe Institute i gCearnóg Mhuirfeann i mBaile Átha Cliath. Leabhar trítheangach nua-fhoilsithe atá ann, darb ainm *Herzschlag, Heartbeat. Buille Croí.* Is é Walter Helmut Fritzm an t-údar agus tá an leabhar aistrithe ag Hans Christian Oeser & Gabriel Rosenstock. Beidh sólaistí curtha ar fáil don ócáid.

## *An Gréasaí Bróg agus na Síoga* le seoladh amárach

Seolfar *An Gréasaí Bróg agus na Síoga*, leabhar nua atá foilsithe ag an tSnáthaid Mhór, maidin amárach ag 11 i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste. Is iad Caitríona Hastings agus Andrew Whitson údair an leabhair bhreá seo a bheidh ar fáil sna siopaí leabhair maithe ar fad as seo amach. Beidh sólaistí ar fáil ag an seoladh agus tá fáilte roimh chách.

# TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

## Féach ar:

**RTÉ:** 'Late Late Toy Show' Beidh páistí as fud fad na tíre i dteannta Ryan Tubridy agus iad ag déanamh léirmheasanna agus tástála ar cuid de na bréagáin is mó tóir orthu i mbliana. Beidh ceol ann agus aíonna speisialta ina dteannta chomh maith. Dé hAoine @ 9.35in

**BBC TÉ:** 'LOL' sraith nua drámaíochta le sceitsí grinn agus meascán ábhair idir shean agus nua. Tá an tsraith seo scríofa ag bean as Béal Feirste ó dhúchas, Brenda McNeill, i gcomhar le scríbhneoirí eile agus rinneadh é uile a thaifeadadh i dTuaisceart Éireann. Cuirfear tús leis an tsraith de thrí chuid Dé Céadaoin @ 10.45in

**Channel 4:** 'Kirstie's Homemade Home' Sa chlár seo beidh Kirstie ag tabhairt cúnaimh do Paulette agus Gerry Crow teach te teolaí le neart tréithe suimiúla a dhéanamh dá dteach. Dé Máirt @ 8in.

# 'The Pipe' le feiceáil i bpictiúrlanna na tíre

BEIDH an scannán 'The Pipe', a dhíríonn ar an scéal corraitheach faoin gcoimhlint 10 mbliana idir mhuintir Ros Dumhach agus an comhlacht Shell, á thaispeáint i bpictiúrlanna ón Aoine 3 Nollaig ar aghaidh.

Bronnadh gradam ar an scannán seo ag Féile Scannán na Gaillimhe 2010 agus beidh réamhthaispeántas ar siúl san IFI Déardaoin 2 Nollaig.

Bhí sé de rún ag na comhlachtaí Shell, Statoil agus Vermillion Energy píblíne a leagan chun gás a thabhairt ó Thobar na Coiribe 9 gciliméadar isteach sa tír chuig scaglann phróiseála. Tá scoilt shearbh fágtha sa phobal anois i measc na n-agóideoirí tar éis dóibh na mblianta a chaitheamh ag troid in aghaidh Shell, an Stáit agus in aghaidh a chéile, Táthar ann a bhí sásta teacht ar réiteach leis an gcomhlacht agus iad siúd nach mbeidh sásta go dtí go dtiocfaidh an lá nach mbeidh tásc ná tuairisc ar Shell i dtuaisceart Mhaigh Eo.

Is scannán é seo a ndearnadh taifead air thar thréimhse ceithre bliana. Risteárd Ó Domhnaill a stiúraigh agus Rachel Lysaght a léirigh ar son Undergrdound Films do Scannáin Inbhear.

De bharr na nasc a chruthaigh an stiúrthóir le linn na tréimhse sin le muintir na háite, faightear léargas ar leith ar an scéal. Is éard a dúirt Risteárd Ó Domhnaill faoin scannán tar éis gur taispeánadh é ag Féile Scannán Londan, "Is iontach an chaoi go dtuigeann daoine ó Cheanada go Sasana scéal na ndaoine seo, agus an chaoi a ndéanann siad comparáid idir mhuintir Ros Dumhach agus pobail atá ag troid in aghaidh éagóra ar fud an domhain. Ní amháin gur scéal faoi phíblíne gháis na Coiribe atá anseo, ach is scéal é faoi naisc shóisialta agus chlainne, pobal beag i mbun achrainn lena chéile, agus an diongbháilteacht dhochreidte nuair a sheasann duine aonair in aghaidh cumhachta ollmhóire. Tá an t-aiseolas ó na féilte idirnáisiúnta thar cionn ar fad agus tá mé ag súil go mór leis an tionchar a bheidh ag an scannán ar dhaoine atá anois ag athmheasúnú a gcuid tuairimí maidir leis an treo ina raibh an tír seo ag dul le deich mbliana anuas.'

Beidh an scannán le feiceáil go forleathan i bpictiúrlanna na tíre ó 3 Nollaig ar aghaidh.

## Éist le:

**RTÉ Raidió na Gaeltachta:** 'Lá an Chomhairimh' Inniu a chomhaireofar na vótaí a caitheadh san fhothoghchán i nDún na nGall Thiar Theas inné. Is í Mairéad Nic Seaghain a chuirfidh an clár seo i láthair beo ón Ionad Comhairimh, agus beidh painéal aíonna ina cuideachta a dhéanfaidh plé agus anailís ar na torthaí. Dé hAoine @ 10.15rn

**RTÉ Raidió 1:** 'Yola - Lost for Words' Clár faisnéise ina gcloiseann muid faoi fhear as Loch Garman ó dhúchas, Shane Dunphy, agus an tsuim atá aige i gcanúint Yola. Is teanga í seo a tháinig le teacht na Normannach agus a d'imigh i lár stoirme i Loch Garman in 1922. Tá Shane ar thóir scéal na Yoles sa chlár seo. Amárach @ 6.05in

**Comhchraoladh Raidió Fáilte 107.1 FM & Féile FM 103.2:** Beidh an dá stáisiún pobail as Béal Feirste, Raidió Fáilte agus Féile FM ag teacht le chéile ar an Déardaoin 25 Samhain 2010 fá choinne comhchraoladh beo seachtrach ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich mar chuid de Fhleadh Feirste - Féile na Ceathrún Gaeltachta. Is é Tomaí Ó Conghaile agus Paul McCusker a bheidh ag cur an chláir i láthair.

# 'Other Voices' ar ais sa Daingean

Treasa Bhreathnach

BEIDH 'Other Voices' ar ais sa Daingean agus ar na bannaí ceoil a bheidh le cloisteáil sa tsraith tá Marina and the Diamonds, Richard Hawley agus The National, mar aon le roinnt mhaith bannaí Éireannacha. Is í seo an 9ú sraith de chuid 'Other Voices' agus déanfar taifead air in Eaglais San Séamas sa Daingean. Cuirfear tús leis an sraith taifead ar 4 Nollaig agus leanfaidh sí ar aghaidh go dtí an 8 Nollaig. Déanfar taifead ar cheithre bhanna ceoil gach lá, cuirfear faoi agallamh iad agus déanfar roinnt taifeadta eile ar fud cheantar an Daingin. Is san oíche a bheidh na ceolchoirmeacha ar fad ar siúl agus beidh spás ann do 60 duine sa lucht féachana. Déanfar taifead ar na ceolchoirmeacha agus beidh siad mar chuid den chlár teilifíse. Beidh ticéid ar díol do na ceolchoirmeacha ach níl na sonraí fógartha go fóill.

# Scripteanna Drámaíochta á lorg

TÁ BBC Thuaisceart Éireann agus 'Northern Ireland Screen' ar thóir iarratas ó scríbhneoirí scripte do dhrámaí teilifíse. Déanfar dhá script a roghnú, tabharfar buiséad de £150,000 do gach script acu agus déanfar iad a léiriú i gcomhair craolta ar BBC Thuaisceart Éireann in 2012. Is é an spriocdháta d'iontrálacha ná Lá Fhéile Vailintín 2011.

Táthar ag lorg scripteanna úra, a bhfuil carachtair láidre ann a thugann léargas ar shaol nua-aimseartha Thuaisceart Éireann. Déanfar ceithre script a roghnú sa chéad dul síos agus forbrófar iad. Tiocfaidh dhá script in uachtar faoi dheireadh an phróisis sa chaoi is go ndéanfar iad a léiriú. Iarrtar ar scríbhneoirí an chéad dréacht dá script uair a' chloig a sheoladh chuig BBC TÉ mar aon le hachoimre agus litir chlúdaigh chun eolas a thabhairt faoi aon taithí eile scríbhneoireachta atá acu. Tá an scéim seo oscailte do dhaoine amháin atá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann nár craoladh aon scríbhneoireacht dá gcuid ar an teilifís cheana.

# ‘Clannad 2 agus Dúlamán’

Dearbhaile Flynn

Tá dhá albam de chuid Clannad á n-eisiúint le chéile ag Gael Linn le déanaí. Tháinig Clannad 2 amach in 1974 agus Dúlamán in 1976 agus anois den céad uair riamh tá siad le fáil le chéile in aon phacáiste amháin.

Cé go bhfuil na halbaim seo eisithe ag Gael Linn cheana féin tá gá leis an mboscra ceoil seo.

Ar an gcéad dul síos tá sé foirfe don ghlúin nua atá ag teacht chun éisteacht le ceol traidisiúnta na hÉireann. Tagann an pacáiste le leabhrán 32 bileog ina dtugtar nótaí agus focail na n-amhrán go léir - bheadh sé sin iontach úsáideach dóibh siúd atá ag iarraidh amhráin thraidisiúnta na hÉireann a fhoghlaim. Chomh maith leis sin bheadh an t-albam dúbailte seo oiriúnach do lucht leanúna Clannad mar gheall go bhfuil athmháistriú déanta ar na hamhráin agus tá caighdeán fuaime iontach le fáil ann - caighdeán fuaime nach mbeadh le fáil ar cheirníní níos síne ná tríocha bliain!

Is éard atá i gceist leis na halbaim seo ‘*Clannad 2*’ agus ‘*Dúlamán*’ ná ‘Clann as Dobhar’ ag tús a ngairmréime. Nuair a rinneadh na halbaim seo, bhí Clannad fréamhaithe sa cheol traidisiúnta. In go leor de na halbaim eile de chuid Clannad a lean ‘*Clannad 2*’ agus ‘*Dúlamán*’, bhíodh siad ag forbairt agus i mbun turgnamh le fuaimeanna níos leictreonaí agus casta, ach ar an dá albam sa phacáiste seo tá Clannad gafa ag an tréimhse is íne a bhí acu. Mar sin féin, agus tú ag éisteacht le ‘*Clannad 2*’, tá tú in ann léargas a fháil ar an bhforbairt a bhí le teacht ar a stíl ceoil le himeacht na mblianta - go háirithe ar an traic ‘*Dhéanainn Súgradh*’ nuair a thagann an giotár leictreach agus na drumaí isteach i lár an amhráin.

Cé go ndearnadh an dá albam go neamhspleách ar a chéile, dhá bhliain óna chéile, sreabhann ‘*Clannad 2*’ isteach go ‘*Dúlamán*’ go héasca - oibríonn an dá albam go hiontach le chéile. Ní féidir éalú ón atmaisféar a chruthaíonn Clannad ar amhráin cosúil le ‘*Rince Philib a’ Cheoil*’, ‘*Dúlamán*’ nó ‘*Éirigh Is Cuir Ort Do Chuid Éadaigh*’ - meallann an rithim agus na guthanna isteach thú go dtí go bhfuil tú beagnach ag damhsa agus tú ag éisteacht leo.

Is eol don saol go bhfuil guth draíochtach álainn ag Máire Ní Bhraonáin. Ach go háirithe ar an dá albam seo tugtar faoi deara é sin mar gheall go bhfuil an ceol níos simplí agus níos íne ná mar a bhíonn ar albaim eile de chuid Clannad. Tá bua iontach speisialta agus annamh ag Máire - is féidir léi mothúcháin a chur in iúl le hathruithe caolchúiseacha i dtuin a gutha. Is féidir é sin a thuiscint ag éisteacht leis an amhrán álainn i stíl thraidisiúnta sean-nóis Dhún na nGall ‘*Gaoth Barra na dTonn*’. Agus nuair a chasann sí an t-amhrán ‘*Siúil, a Rún*’ stadfadh d’anáil ort ag fanacht leis an líne dheireanach den loinneog “Is go dté tú a mhuirnín slán.”

Tá sampla iontach den saghas caidrimh a bhíonn idir guth Máire agus ceol an ghrúpa le fáil ar na hamhráin ‘*Éirigh Suas, A Stóirín*’ agus ‘*Coinleach Glas an Fhómhair*’. Téann siad le chéile agus comhlíonann siad a chéile go nádúrtha, gan stró. San amhrán fhuaimiúla sciamhacha “*dTigeas a Damhsa*” faightear tuiscint ar cé chomh tréitheach is atá Clannad. Níl ar an traic ach guthanna an ghrúpa le harmóiní iontach álainn agus bheadh tú faoi gheasa agus tú ag éisteacht leis.

Níl aon dabht ach go bhfuil an dá albam seo ar chinn de na halbaim is cumhachtaí agus is suimiúila de chuid Clannad. Tá léargas iontach tábhachtach le fáil air ar cén chaoi ar thosaigh Clannad agus ar na bealaí inar fhás siad. Bíonn scéal le hinsint i ngach uile amhrán a chasann an grúpa agus tá na scéalta sin tábhachtach dúinn, do cheol traidisiúnta na hÉireann agus do stair na hÉireann. B’fhiú do gach duine an boscra ceoil seo a bheith ina mbailiúchán - agus tá sladmhargadh ag baint leis - níl ann ach costas €14.99 ar dhá dhiosca ar a bhfuil 22 traic (traic bónais darb ainm ‘*An Bealach seo atá romham*’ a d’eisigh Gael Linn in 1975 san áireamh) chomh maith le leabhrán 32 bileog. Tá an pacáiste le fáil ar **www.gael-linn.ie**.

## Cad atá ar siúl ...

Dearbhaile Flynn

### ‘T with the Maggies agus Dordán’

Beidh na mná faoi sholas an tsaoil mhóir anocht (19 Samhain) in Eaglais Choláisteach San Nioclás, cathair na Gaillimhe, le neart ceoil agus amhránaíochta mar chuid den cheolchoirm a mbeidh ar siúl ag “Dordán” agus “T with the Maggies” ar son an Ionaid Éigeandála um Éigniú, Gaillimh. Is grúpa amhránaithe nua as Dún na nGall iad “T with the Maggies”. Tá ceathrar ban sa ghrúpa agus tá taithí iontach acu go léir ag canadh cheol traidisiúnta na hÉireann. Is iad Tríona agus Maighréad Ní Dhomhnaill, Skara Brae agus The Bothy Band, Mairéad Ní Mhaonaigh, Altan, agus Máire Ní Bhraonáin as Clannad, na mná a bheidh ag casadh. Grúpa lonnaithe i nGaillimh í Dordán le Kathleen Loughnane, Dearbhail Standún agus Mary Bergin. Tá siad aitheanta as ucht an cheoil uathúil bhreá a sheinneann siad - ceol traidisiúnta na hÉireann le ceol Barócach.

Tosófar an cheolchoirm ar a hocht a chlog. Tá an t-eolas ar fad ar fáil ag http://www.galwayrcc.org.

### ‘Féile Ealaíon Chaisil’

Leanann an Fhéile Ealaíon ar aghaidh an deireadh seachtaine seo i gCaiseal, Co. Thiobraid Árann. Mar chuid den fhéile, atá 10 lá i bhfad, bíonn réimse iontach d’imeachtaí ar siúl timpeall an cheantair. Amárach (20 Samhain) beidh na “Irish Sopranoes”, Wendy Dwyer, Kay Lynch agus Deirdre Masterson ag canadh le daltaí áitiúla in Ard-Eaglais Eoin Baiste ag a ceathrú tar éis a hocht.

Agus Dé Domhnaigh (21 Samhain) beidh léacht iontach suimiúil ar siúl in Eaglais Naomh Eoin, Ard Máil ag a hocht a chlog. Beidh an láithreoir RTÉ, Ian Fox, ag labhairt faoi cheol agus saol an chumadóra agus an phianódóra Chopin, chun ceiliúradh a dhéanamh ar a chomóradh dhá chéad bliain.

Téigh chuig www.cashelartsfest.com le haghaidh an eolais go léir a bhaineann leis an fhéile.

### ‘Republic Of Loose’

Is é an banna ceoil “Republic of Loose” ceann de na grúpaí ceoil is fearr a tháinig amach as Éirinn riamh. Bhain siad clú amach le hamhráin cosúil le “Come Back Girl”, “The Steady Song” agus “You Know It” trínar taispeánadh an stíl uathúil, funcaí agus lán le hanam atá acu. Bíonn siad ar fheabhas ag seinm beo - fuinneamhach, carasmatach agus spraoiúil. Anocht (19 Samhain) beidh siad le feiceáil ina mbaile dúchais, san Acadamh (The Academy) i mBaile Átha Cliath. Ná caill amach air! Tá na sonraí ar fáil ar www.republicofloose.com




**Tá duais do 3 DVD do Riverdance á thairiscint againn do léitheoirí Gaelscéal**

Níl ort ach d’ainm, agus sonraí teagmhála a sheoladh chuig fograi@gaelsceal.ie nó cárta phoist chuig Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal. Co na Gaillimhe roimh an 1 Nollaig, 2010

9 OIDEACHAS

# Sármharcanna ag daltaí Ghaelscoil an Chaistil

Meadhbh Ní Eadhra

Cuid de dhaltaí agus foireann na scoile agus iad ag baint suilt as an dea-aimsir.

Ainmníodh dalta as Gaelscoil an Chaistil i gContae Aontroma, Luíseach Rua Mathers, as na marcanna is airde a bhaint amach i scrúdú Gaeilge na TGMO (GCSE) i mbliana. Níl Luíseach ach aon bhliain déag d'aois, agus mar sin bhí sí in iomaíocht le daltaí i bhfad níos sine, cuid acu sé nó seacht mbliana déag d'aois, agus í ag suí an scrúdú seo. D'éirigh léi 100% a fháil sa scrúdú. Is í Luíseach an dalta is óige riamh chun lánmharcanna a fháil i scrúdú GCSE ar bith, de réir dealraimh, agus is cúis bhróid é sin di féin, dá teaghlach agus do Ghaelscoil an Chaistil.

"Is gradam eile é seo ar bharr na scóranna arda a thugann misneach dúinn go bhfuil muidne ar an chosán cheart maidir le dul chun cinn na scoile," a deir Príomhoide na scoile, Brídín Ní Dhonnghaile.

"Thug an naonúr dalta óg a bhí i rang a seacht i nGaelscoil an Chaistil aghaidh ar na scrúduithe móra roimh an tSamhraidh. Cé go raibh na páistí an-óg d'éirigh go hiontach leo sna scrúduithe le 8 A* agus A amháin bainte amach nó le dóigh eile a chur ar an scéal, bhain 100% de na daltaí grád A amach!"

Bunaíodh an Ghaelscoil seo aon bhliain déag ó shin, nuair nach raibh aitheantas oifigiúil ar bith ag an scoil agus gan ach seisear páiste ag freastal uirthi. Bliain níos déanaí, bunaíodh Naíscoil an Chaistil, le freastal ar pháistí níos óige. Sula bhfuair an scoil aitheantas, trí bliana i ndiaidh a bunú, bhí Foras na Gaeilge agus Iontaobhas na Gaelscolaíochta ag tacú léi. Anois, tá céad dalta ag freastal ar an scoil agus thart ar fiche páiste ag freastal ar an naíscoil. Is léir go bhfuil rudaí ag dul ó neart go neart agus mar a deir Brídín Ní Dhonnghaile, tá ag éirí thar barr leis an scoil.

"Tá torthaí iontacha á bhaint amach ag daltaí na scoile," ar sí. "Ní amháin sin, ach tá ag éirí go hiontach leis na páistí i gcomórtais spóirt, díospóireachtaí, ceoil agus mar sin de. Bhí cúigear as Gaelscoil an Chaistil i measc na hUltaigh ar éirigh leo dul ar aghaidh go dtí Fleadh Cheoil na hÉireann, rud atá iontach!"

Cuireann lucht na scoile béim ar fhéinmhuinín a thabhairt do na páistí, iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla agus ar ndóigh, a bheith ag obair go dian chun ardmharcanna a bhaint amach.

Tá cúpla bhunscoil Béarla i gceantar Bhaile an Chaistil. Deir an Príomhoide go bhfuil sé deacair go fóill beag dearcadh daoine a athrú i leith na Gaeilge, mar go mbíonn siad ag breathnú ar an teanga mar rud polaitiúil.

Is léir go bhfuil dul amú ar na daoine sin, mar tá an bhunscoil seo an-fháiltiúil roimh pháiste ar bith gur mian leo freastal uirthi.

"Is féidir le páistí ó gach cineál cúlra agus creideamh teacht chugainn," a deir Brídín. "Fáiltíonn muid rompu go léir. Is maith an rud é gur féidir le páistí a bheith ag meascadh lena chéile, beag beann ar na difríochtaí eatarthu, agus tugann sé léargas saoil níos leithne dóibh."

Tagann cuairteoirí ó thar sáile chun na scoile go minic agus síleann Brídín go bhfuil sé seo tábhachtach don scoil mar go n-osclaíonn sé aigne na bpáistí agus na múinteoirí.

Cá rachaidh na páistí óga seo go léir nuair a bheidh a gcuid laethanta i nGaelscoil an Chaistil ag teacht chun deiridh? An bhfuil meánscoil lán-Ghaeilge sa cheantar?

Sa lár tá Luíseach Rua Mathers, dalta óg ó Ghaelscoil an Chaistil a bhain 100% amach i scrúdú Gaeilge na TGMO (GCSE).

"Níl," a deir Príomhoide na scoile. "Ba mhaith liom dá mbeadh. De dheasca iargúltacht na scoile agus gan scoileanna eile tagtha ar an fhód go fóill, ní bheadh sé furast meánscoil Ghaeilge a bhunú sa cheantar anseo. Is é an rún a bhí againn na cur lenár scoil féin suas go haois a 14 agus deis a thabhairt do pháistí buntáistí an Ghaeloideachais a bhaint amach ar feadh 3 nó 4 bliana eile. Is blianta tábhachtacha iad siúd i saol an déagóra agus dá mbeadh a thuilleadh réamhoibre déanta agus a thuilleadh tacaíochta tugtha ó na heagraíochtaí cuí i dtaobh cúrsaí iar-bhunscoile, tá gach seans go mbeadh an sprioc seo bainte amach. Sílim go bhfuil a thuilleadh le déanamh chun sólathar iar-bhunscoile a chur chun cinn."

Faoi láthair, tchítear dom gurb é bunú sruthanna an polasaí atá ag Comhairle na Gaelscolaíochta i dtaobh iar-bhunscolaíochta agus caithfidh mé a rá, ní mheasaim go n-éiríonn chomh maith sin leis na páistí a fhreastalaíonn ar na sruthanna seo," ar sí. "Caithfidh siad a bheith an-acadúil ach caidé faoi fhormhór na bpáistí, tá sé cruthaithe mar shampla sa Bhreatain Bheag nach n-oibríonn an cur chuige seo ach tá cuma ar an scéal go bhfuil na húdarais dall agus bodhar ar an cheist sin.

Ó thaobh foirgneamh agus suíomh na scoile de, deir Brídín nach bhfuair an scoil tacaíocht ón Roinn Oideachais go dtí anuraidh maidir leo.

"Tá cosán chun na scoile den chéad uair riamh i mbliana," ar sí ach níl tarmac againn ar an gcabhsa isteach. Níl cuma na scoile thar mholadh beirte, i ndáiríre."

Gheall an Roinn Oideachais go ndéanfadh siad rud éigin chun é seo a athrú i mbliana, ach níl sé tarlaithe go fóill, agus tá deireadh na bliana ag druidim linn anois.

"Tá daoine ar leith sa Roinn a dhéanann scoth na hoibre, ach go hiondúil níl polasaí acu ceart leis an Ghaelscolaíocht a thabhairt chun cinn. Níl straitéis nó cur chuige ceart acu," a deir Brídín.

Cuireann Gaelscoil an Chaistil go leor seirbhísí ar fáil do thuismitheoirí freisin agus cuireann siad béim ar an gcaidreamh idir an páiste agus an tuismitheoir. Tá clár deich seachtaine le bheith á reáchtáil acu chun cabhrú le tuismitheoirí tuiscint a fháil ar an nGaeilge, ar an gcultúr a bhaineann léi, ar an tsochtheangeolaíocht agus mar sin de. Tá sé i gceist go gcuideoidh an cúrsa seo leis na tuismitheoirí a bheith ag foghlaim in éineacht lena gcuid páistí lasmuigh den scoil.

Deir tuismitheoir amháin, Shauna McFall, a bhfuil a cuid páistí i rang a haon agus a trí i mbliana, go gcuireann an scoil ardchaighdeán oideachais ar fáil.

"Taitníonn sé leis na páistí a bheith ag foghlaim na Gaeilge," ar sí. "Tá siad i ndiaidh socrú síos go maith i bpobal cairdiúil na scoile. Cuireann an scoil réimse leathan imeachtaí eischuraclam ar fáil agus baineann na páistí an-sult ar fad astu. Molaim an scoil go hard!"

Tá dea-thoil agus obair chrua de dhíth chun scoil a fhorbairt chomh mór sin laistigh de aon bhliain déag. Cá bhfios cén athruithe eile atá le teacht ar an scoil seo sna míonna agus sna blianta amach romhainn!

Faisnéis do Shaoránaigh

# Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Cúnamh le costas breosla

**Ceist** Cloisim go bhfuil geimhreadh fuar eile amach romhainn. Níl ach fíorbheagán ioncaim agam. Cén cúnamh atá ar fáil i leith na gcostas chun mo theach a théamh?
**Freagra** Tá roinnt bealaí ina dtugtar cúnamh do theaghlaigh ar ioncam íseal le costas an bhreosla chun an teach a théamh. Tá scéimeanna ann freisin chun cabhrú leat do theach a insliú agus é a dhéanamh níos teo, agus chun cabhrú leat na costais téimh a ísliú.

CUIMSÍONN an Pacáiste Sochair Teaghlaigh Liúntas Leictreachais nó Liúntas Gáis Nádúrtha, ceadúnas teilifíse saor in aisce, agus Liúntas Teileafóin. Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a íocann as an bpacáiste. Má tá tú 70 bliain d'aois nó níos sine, tá tú incháilithe gan aird ar d'ioncam nó ar cibé duine atá ina chónaí leat. Tá an scéim ar fáil freisin do dhaoine atá 66 bliain d'aois nó níos sine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe nó a bhfuil a n-ioncam faoi theorainneacha áirithe.

Íoctar Liúntas Breosla le daoine atá ag brath ar leas sóisialach nó ar íocaíochtaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) go fadtéarmach agus nach bhfuil ábalta íoc as a gcostais téimh féin. Feidhmítear an scéim ar feadh 32 seachtain idir Meán Fómhair agus deireadh mhí Aibreáin, agus is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a íocann aisti. Má chuireann tú isteach ar an Liúntas Breosla tar éis thús mhí Mheán Fómhair, ní dhéantar an liúntas a shiardhátú. Íoctar €20 mar liúntas in aghaidh na seachtaine de ghnáth, agus €23.90 i limistéir ina gcaithfear breosla gan toit a úsáid.

Tá sé mar aidhm ag an Scéim um Thithe Níos Teo feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh agus ar theas tithe ar le daoine ar ioncam íseal iad. Is é Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann (FIÉ), gníomhaireacht náisiúnta fuinnimh na hÉireann, a fheidhmíonn an scéim seo agus tá an scéim ar fáil ar fud na tíre.

I measc na hoibre a mhaoinítear faoin scéim seo, áirítear insliú áiléir, teach a dhéanamh díonmhar ar shéideáin, seaicéid fálaithe, soilsiú tíosach ar fhuinneamh (bolgáin DSF) agus insliú cuasbhalla. Is féidir comhairle ar fhuinneamh a fháil freisin faoin scéim.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag **citizensinformation.ie** agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

LOGÁIL ISTEACH
www.citizensinformation.ie

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

BUAIL ISTEACH
260 ionad ar fud na tíre

Faisnéis sothuigthe!

# An Gaeloideachas – croílár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge á phlé ag Comhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna Teo 2010

**Meadhbh Ní Eadhra**

OSCLÓIDH Éamonn Murtagh, Príomhchigire Cúnta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, Comhdháil Oideachais Bhliantúil Gaelscoileanna Teo dar téama '*An Gaeloideachas – croílár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge*' a bheidh ar siúl in óstán an Tullamore Court, an Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí amárach agus Dé Domhnaigh. Míníonn Bláthnaid Ní Ghréacháin, Ardfheidhmeannach Gaelscoileanna Teo gur roghnaíodh mana na Comhdhála i ngeall ar go n-aithnítear tríd an Straitéis gurb é réimse an ghaeloideachais "croílár fhorbairt agus thodhchaí na straitéise don Ghaeilge."

Deir sí go dtugann an t-aitheantas seo, agus na gealltanais atá leagtha amach sa Straitéis chun leasa earnáil an ghaeloideachais, ról lárnach do lucht riartha an oideachais, d'eagrais tacaíochta ar nós Gaelscoileanna Teo agus do chleachtóirí sna scoileanna i múnlú na todhchaí.

Beidh an tAire Gnóthaí Gaeltachta, Pat Carey, i láthair d'fháiltiú na Comhdhála chun labhairt faoin tábhacht a fheiceann sé féin agus an Rialtas leis an earnáil ghaeloideachais. Chomh maith leis sin, labhróidh an tUasal Mícheál Ó Muircheartaigh ag fáiltiú na Comhdhála ar thábhacht na scoileanna lán-Ghaeilge agus an ról speisialta a imríonn siad sa tsochaí. Labhróidh Uachtarán na hEagraíochta, Mícheál Ó Broin mar chuid dá aitheasc ar na príomhdhúshláin atá romhainn san earnáil ghaelscolaíochta.

"Táimid i lár tréimhse andúshlánach i ngeilleagar na tíre agus in earnáil an ghaeloideachais trí chéile," a deir sé. "Beidh impleachtaí anmhór ann don earnáil leis na mór-athruithe atá ag tarlú thart timpeall orainn, ar a n-áirítear na critéir nua atá á bhfoilsiú maidir leis an bpróiseas aitheantais do ghaelscoileanna nua; an t-athbhreithniú atá beartaithe maidir leis an bpróiseas aitheantais d'iarbhunscoileanna nua, gan trácht ar an riaráiste suntasach atá ann do sholáthar cóiríochta cuí do scoileanna atá i gcúinsí míshásúla agus le fada an lá."

Tá clár leathan, cuimsitheach á chur ar fáil le linn na Comhdhála dhá lá a chuirfidh go mór le hoiliúint ghairmiúil na scoileanna lán-Ghaeilge, ach chomh tábhachtach céanna, a thabharfaidh an deis ceiliúradh a dhéanamh ar ardchaighdeán na scoileanna lán-Ghaeilge. "Tá an-áthas orainn a bheith in ann freastal ar riachtanais na scoileanna ó thaobh oiliúna de agus táimid cinnte go mbeidh idir thairbhe agus thaitneamh ann do phobail uile na scoileanna," a deir an tUasal Ó Broin i leith an chláir. "Mar a bhíonn riamh, beimid ag súil go mór le bualadh le múinteoirí, príomhoidí, tuismitheoirí agus le heagraíochtaí Gaeilge agus oideachais thar an dá lá."

Luaigh Ó Broin an dá scoil lán-Ghaeilge sa cheantar a chuir go mór le hullmhúchán na hócáide.

"Táimid fíor-bhuíoch de Ghaelscoil Éadan Dóire agus de Ghaelscoil an Eiscir Riada a chabhraigh go mór linn chun an pobal a chur ar an eolas agus a gcuirfidh a gcuid páistí go mór le siamsaíocht na hócáide," ar sé. "Is mór an tacaíocht atá á tabhairt acu agus ag gníomhairí eile sa cheantar chun a chinntiú gur Comhdháil mhealltach d'ardchaighdeán a bheidh ann agus léiríonn a gcúnamh an tábhacht a bhaineann le forbairt an scoilphobail."

OÉ Gaillimh
NUI Galway

**Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua**

**An Iarchéim sa Bhunmhúinteoireacht**
**Cúrsa Deireadh Seachtaine Gaeilge 3 – 5 Nollaig 2010**

Beidh Cúrsa Deireadh Seachtaine Gaeilge á reáchtáil ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar mhaithe leo siúd atá ag tabhairt faoin Iarchéim sa Bhunmhúinteoireacht. Beidh an bhéim ar scileanna labhartha agus ar an agallamh Gaeilge. Níor mhór d'iarrthóirí caighdeán réasúnta Gaeilge a bheith acu.

**Glacfar le hiarratais go dtí 26 SAMHAIN 2010**

Breis eolais ar fáil ach glaoch ar:
An Rúnaí, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

**Fón: 091 595101 nó ar 091 869100**

SUNDAY TIMES
OLLSCOIL NA BLIANA
2009-10

## Crosfhocal 19.11.2010



### NODANNA

**TRASNA**

1 Tréimhse dorcha a thagann i ndiaidh an lae? (5)
4 Trócaire, mothúchán (4)
8 Duine ag fanacht sa teach leat ar shaoire (3)
9 Réimse, bealach (4)
10 Áiteanna ar aibhneacha a mbíonn an t-uisce ag titim go tapa (7)
12 Duine a bhfuil tallann aige daoine tinn a leigheas (7)
14 An taobh eile ón bhun (4)
17 Cruthúnas go bhfuil tine ann? Teanga the ag teacht as tine (6)
18 Áit a mbíonn páistí ag súgradh idir ranganna ar scoil (4)
20 Fásann sé ar thaobh na sléibhte agus ar phortach (6)
23 Gan ghruaige (4)
24 Feabhsú, ó thaobh sláinte mar shampla (7)
25 An cara is fearr leat, an duine is ___ leat (4)
26 Seasamh dlíthiúil nó i measc an phobail, céim (6)

**SÍOS**

1 Talamh tirim i lár na farraige (6)
2 An t-airgead a íoctar ar úsáid teach, nó físeán nó aon rud ar iasacht agat (4)
3 Scríobh sé an ceathrú soiscéal (4)
5 Na ceithre chárta is tábhachtaí i bpaca cártaí (5)
6 Baile mór, láthair uirbeach (7)
7 Gluais go tapa ar chos (4)
9 Caipitlí (10)
11 Easpa creidiúint, deacair a chreideadh (6)
13 Éan mór bán (4)
15 Rannóg in arm (7)
16 Foirgneamh ar fheirm ina gcoinnítear ábhar tirim agus cosanta ón aimsir (7)
19 Trealamh (7)
21 Beart nó gníomh a dhéanfadh fear nó bean draíochta b'fhéidir (5)
22 Maitheas, nó ar son do shláinte (4)

**Crosfhocal**
05.11.2010



**Buaiteoir na Seachtaine seo:**
Padraig Audley
An Cheathrú Rua
Co na Gaillimhe

**Duais na seachtaine**

**Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.**

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 24 Samhain, 2010 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg,
An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

# Margadh déanta ag Apple agus Twitter le Ping

TÁ socrú déanta ag Apple agus Twitter a thabharfaidh cead d'úsáideoirí an suíomh ceoil iTunes Ping samplaí agus sonraí na n-amhrán a thaitníonn leo a roinnt trína seirbhís blagála.

Rinneadh Ping a láinseáil i mí Mheán Fómhair mar chuid de nuashonrú iTunes. Rinne cuid de na húsáideoirí cáineadh ar Ping mar gheall ar fheidhmiúlacht theoranta agus easpa idirghníomhaithe le láithreáin eile líonraithe shóisialta. Bhí Apple i mbun cainteanna le Facebook roimh lainseáil iTunes chun margadh a dhéanamh idir an dá sheirbhís, ach thit na cainteanna as a chéile ag an nóiméad deiridh.

Anois, tá Twitter agus Apple chun comhtháthú a dhéanamh. Beidh gníomhaíochtaí Ping le rianú mar chuid de 'Tweets'. Tríd Twitter cuirfear úsáideoirí ar an eolas faoi léirmheasanna ar amhráin agus faoi naisc chun íoslódáil a dhéanamh ar amhráin.

Anois ar Ping is féidir nasc a dhéanamh le do chuntas Twitter chun úsáideoirí Ping a áireamh i measc na ndaoine a leanann tú ar Twitter.

# Imní ar Barnardos faoi bhuiséad na Nollag 2010

D'FHOILSIGH an carthanas Barnardos a dtuarascáil 'Dreading December 2010' an tseachtain seo caite. Tá imní ar an charthanas go ndéanfar tuilleadh ciorruithe ar shochair leasa shóisialta i mbliana.

Tá Fergus Finlay, Príomhfheidhmeannach Barnardos, ag impí ar mhuintir na tíre léirsiú a dhéanamh ar na sráideanna má dhéantar níos mó ciorruithe i mbuiséad na míosa seo chugainn.

Tá Fergus Finlay ag impí ar an rialtas gan ciorruithe breise a dhéanamh ar theaghlaigh agus leanaí atá leochaileach cheana féin.

"Tá imní mhór ar dhaoine ar fud na tíre", a deir Fergus Finlay. Molann Barnardos an ráta bunúsach do shochar leasa shóisialta do dhuine fásta agus do shochair linbh a fhágáil mar atá sé.

Deir comhordaitheoir tionscadail ag Barnardos , Carmel O'Donovan, "Tá ocras ar leanaí, iarann cuid de na leanaí ar ár gcuid seirbhísí bia a thabhairt linn, mar nach bhfuil go leor acu sa bhaile." Tá tuilleadh eolais faoi seo le fáil ag www.barnardos.ie.

# Bronntanais na Nollag ó Oxfam

TÁ Oxfam Ireland tar éis feachtas a lainseáil chun daoine a mhealladh chun a gcuid bronntanas Nollag a cheannach ó Oxfam Ireland. Tá siad ag moladh dúinn bronntanais a cheannach ar mhaithe le daoine atá ina gcónaí sa domhan forbraíochta i mbliana. In ionad gnáth bhronntanais, mar stocaí nó liathróidí gailf, ba cheart smaoineamh ar bhronntanais Nollag Oxfam a cheannach, dar leo. I measc na mbronntanais atá ar fáil uathu tá leabhair scoile agus beostoc - turcaithe, gabhair, ba, síolta agus go leor eile. Is féidir leis na bronntanais seo an saol ag duine bocht sa domhan forbraíochta a athrú. Le gach rud a cheannaíonn tú gheobhaidh tú cárta agus maighnéad cuisneora a bhfuil pictiúr den bhronntanas air. Más maith leat, is féidir do chárta a sheoladh chuig an bhfaighteoir trí Oxfam. Tá bronntanais le fáil ar phraghas chomh híseal le €7.00. Le haghaidh tuilleadh eolais téigh chuig www.oxfamireland.org.

Alex Furey,Mullach Íde ag tabhairt cúnamh don láithreoir teilifíse Lucy Kennedy lena cuid siopadóireacht Nollag i siopa Oxfam i mBaile Átha Cliath.

# Cúltaca

**Ceannlínte Nuacht na nÓg** Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir a úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

## OSSP - Cearta agus leas ainmhithe

LE roinnt seachtain anuas bhí cearta daonna á bplé againn. An tseachtain seo tá cearta agus leas na n-ainmhithe á bplé againn. Is ceist chonspóideach atá anseo i láthair na huaire. Tá cineálacha difriúla crúalacha ar ainmhithe ann ar nós drochíde a thabhairt do pheataí teaghlaigh agus úsáid ainmhithe i dturgnaimh saotharlainne. Beidh muid ag plé na gcineálacha eile cruálachta ar ainmhithe ar líne. Beidh muid ag plé ceist chonspóideach eile,beo dhioscadh.

Is éard is beo-dhioscadh ná turgnaimh a dhéanamh ar ainmhithe atá beo. Deir go leor daoine nach bhfuil gá le turgnaimh a dhéanamh ar ainmhithe atá beo mar go bhfuil bealaí eile ann chun turgnaimh a dhéanamh.

Freisin beidh spóirt fola á bplé againn. Beidh muid ag plé na hoibre a dhéanann an Chomhairle in aghaidh Spórt Fola . Cruthóidh an t-ábhar seo neart díospóireachta sa rang!

## Gaeilge- Ceisteanna léamh-thuisceana bunaithe ar ailt *Nuacht na nÓg*

DO chúrsa na hArdteistiméireachta an tseachtain seo tá dialann de shraith phictiúr ar fáil den dornálaí clúiteach Bernard Dunne. Tá pictiúir shuimiúla ann den churadh i mbabhtaí troda. Tá réimse de mhothúcháin le feiceáil sna pictiúir seo chun comhrá ranga a spreagadh! An tseachtain seo tá níos mó seanfhocail ar fáil chomh maith i bhfoirm taispeántas sleamhnán. Do chúrsa an Teastais Shóisearaigh tá treoracha don chluiche tóraíocht taisce le fáil ar líne. Tabharfaidh an cluiche seo deis do dhaltaí idirghníomhú sa rang, trí mheán na Gaeilge. Is féidir an cluiche seo a imirt i bhfoirm scríofa nó labhartha. Tá crosfhocail agus cuardach focal le fáil ar líne freisin faoi na téamaí 'caitheamh aimsire' agus 'spórt'. Tá ceisteanna nua leamh-thuisceana ar líne an tseachtain seo chomh maith, bunaithe ar na hailt in *Nuacht na nÓg*.

## OSPS - Ag ithe go sláintiúil

TÁ sé tábhachtach go n-itheann déagóirí bia folláin. Nuair a itheann tú go sláintiúil mothaíonn tú go maith, bíonn níos mó fuinnimh agat agus is féidir leat díriú isteach níos fearr ar an obair scoile. Is féidir go mbeidh tionchar ag an mbia a roghnaíonn tú agus tú i do dhéagóir ar do shláinte sa todhchaí. Má itheann tú go sláintiúil is féidir leat an baol go dtiocfaidh galar croí, ailse, diaibéiteas agus dúlagar ort sa todhchaí ort a ísliú go mór. Is treoir í an phirimid bhia ar an méid de gach cineál difriúil bia is ceart do dhéagóirí a ithe. Tá an phirimid bhia ann chun cuidiú leat rogha a dhéanamh. Moltar gan mórán salainn ná siúcra a ithe ach go leor torthaí, glasraí, aráin agus snáithín a ithe. Freisin, tá an phirimid bhia mar threoir ar an gcothú a theastaíonn uainn chun a bheith sláintiúil. Tá léaráid den phirimid bhia le fáil ar líne.

## COMÓRTAS SAFETYMATE

Tá Safetymate ag tabhairt seans duitse Safetymate a bhuachan do bhur scoil. Is éard é an Safetymate ná gléas garchabhair . Tugann Safetymate treoracha labhartha atá éasca le tuiscint. Is féidir leis an Safetymate saol duine a shábháil. Tugann sé treoracha i mBéarla agus i nGaeilge i gcásanna éigeandála comónta. Tugann an Safetymate na treoracha is déanaí uaidh Forás croí na hÉireann. Tugann an Safetymate treoirlínte ar céard le déanamh i gcás éigeandála agus cuireann sé béim ar céard nár cheart a dhéanamh i gcás éigeandála. Tugann sé treoracha do dhaoine fásta, gasúir agus páistí. Is gléas úsáideach a bheadh anseo do scoileanna i gcás éigeandála. Is cúltaca iontach atá ann do mhúinteoirí, lucht saothar riaracháin agus traenálaithe spóirte.

*Más mian leat Safetymate luach €160 a bhuachan, freagair an cheist seo a leanas:*

**Ar feadh cé chomh fada a mhairfeadh an inchinn gan ocsaigin?**

A. 3-5 nóiméad
B. 3-5 mí
C. 3-5 bliain

*Seoil iarratais chuig:*

**eolas@gaelsceal.ie agus cur "Comórtas Safetymate" mar cheannteidil air. Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig : Comórtas Safetymate, Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.**

Tá na treoirlínte ag cloígh le treoirlínte ACS Foras croí na hÉireann agus ag cloígh le treoirlínte garchabhair ceadaithe in Éirinn.

Nuacht na nÓg

# Scéalta na Réalta

RAIDIÓ Rí-Rá
WWW.RRR.IE

**Hi agus fáilte go PopNuacht Raidió Rí-Rá!**
Mheasamar nach mbeadh gnáthbhainis ag Brand agus a bhean chéile nua Katy Perry nuair a phós siad san Ind le déanaí, ach níor thuigeamar gur tíogair fhíochmhara a bheadh mar chúis leis! Ní hamháin gur cheannaigh Russell bantíogar Beangál ón bPáirc Náisiúnta Ranthambore dá bhrídeach, ach is cosúil gur tháinig tíogar fiáin eile i gcóngar na cóisire a bhí ar siúl i ndiaidh na bainise. Mheall an ceol agus na soilse an tíogar chun teacht chomh cóngarach le beagnach 20 slat ón gcóisir san ionad saoire sócúlach, Aman-i-Khas. Tháinig scaoll faoin bhfoireann oibre ann nuair a thug siad an tíogar faoi ndeara agus cuireadh lucht slándála faoi airm chun na haíonna a chosaint. Deirtear gur mharaigh an tíogar céanna duine cheana - yikes! B'fhéidir gur maith an rud é go ndeachaigh ár gcuireadh chun na bainise ar strae sa phost...

Tá sé cloiste againn anseo i bPopNuacht go bhfuil Rihanna agus Cheryl Cole ag dul i mbun ceoil le chéile! Tá anmheas ag an gceoltóir ó Bharbadós ar an iar-amhránaí Girls Aloud de réir dealraimh, agus mhol Ri-Ri Cheryl le déanaí mar an bhean is áille dá bhfaca sí riamh. Deas na focail mholta ó bhean chomh álainn léi féin, sin cinnte! Is í Rihanna a rinne an deis chomhoibrithe a thairiscint do Cheryl, rud a bhain siar as Cole nuair a chuala sí an deascéala. Tá sí iontach flosctha faoin togra cheana féin agus measann sí go mbeidh díséad á eisiúint acu am éigin an bhliain seo chugainn. Is maith an rud é go bhfuil deanuacht éigin ann do Cheryl an mhí seo ó tá ráflaí ann nach bhfuil na bocanna móra i bhFox ag iarraidh go mbeadh sí ina breitheamh ar an leagan Meiriceánach de X-Factor amach anseo. Cheryl bhocht...ach tá sceitimíní orainn i Raidió Rí-Rá a chloisteáil go mb'fhéidir go mbeidh Mariah Carey ag glacadh suíochán taobh le Simon ina háit!

Tá buntáistí ag baint le ceoltóir cáiliúil a bheith agat mar thuismitheoir - cloiseann tú na hamhráin is déanaí roimh dhuine ar bith eile! Deirtear go bhfuil leanbh nua Serge Pizzorno, giotáraí leis an rac-ghrúpa Kasabian, ag baint sult as cluas a chur le foinn úra ó albam nua an bhanna ó chabhraíonn an ceol leis codladh. Is é príomhamhránaí an bhanna, Tom Meighan, atá mar athair baiste ag an bpáiste agus i gcuideachta chomh ceolmhar leis sin, ní haon ionadh é go bhfuil spéis léirithe ag an ngasúr i ngnó an cheoil cheana féin, in ainneoin nach bhfuil sé ach cúpla mí d'aois! Tá Kasabian ag obair ar shaothar nua faoi láthair, sna sála ar an samhradh a chaitheamh ar chamchuairt le U2 agus ag casadh gigeanna ag leithéidí na féile V mar phríomhbhanna na ceolchoirme. Agus más aon treoir é spéis Ennio beag, is cinnte gur saothar den scoth a bheidh ann!

Tá sé cloiste againn anseo i bPopNuacht go bhfuil Madonna ag iarraidh grá don ghleacaíocht a scaipeadh ar fud an domhain! Tá banríon an phopcheoil ar tí sreang spórtlann a oscailt i dtíortha éagsúla go bhfuil tóir ar a cuid ceoil, agus Hard Candy Fitness Gyms atá mar ainm ar na spórtlanna nua. Hard Candy an t-ainm a bhí ar an albam agus ar an gcamchuairt is déanaí dá cuid agus tá Madge ag súil le daoine leisciúla ar fud na cruinne a spreagadh chun allais agus aclaíochta leis an togra nua s'aici! Is cosúil go bhfuil an-bhaint aici le gach gné den tionscal nua freisin, ó rogha an cheoil go spás agus soilse sna spórtlanna ar fad. Tá cáil ar an amhránaí as a cuid aclaíochta agus is minic go mbíonn trácht ar na matáin iomarcacha s'aici sna meáin ach, in aois 52 di, is iomaí duine go mba bhreá leo a bheith chomh haclaí céanna léi agus iad

chomh haosta sin! Osclóidh an chéad spórtlann Hard Candy Fitness i gcathair Mheicsiceo ag deireadh mhí na Samhna agus osclófar tuilleadh in áiteanna éagsúla de réir a chéile. Beidh deis againn cruth ceart a chur orainn féin roimh an Nollaig mar sin!

Bhí na réaltaí móra ar an gcairpéad dearg do na Gradaim MOBO i Learpholl le déanaí agus bhí an t-amhránaí iontach de cháil X-Factor na bliana seo, Gamu Nhengu, ina measc! D'fháiltigh an slua roimpi le gáir tacaíochta, agus in ainneoin nár éirigh léi áit a fháil ar na seónna beo i dteannta leithéidí Cher agus Katie, is cosúil go bhfuil spéis léirithe ag léiritheoirí ceoil eile san earnáil ina guth iontach agus tá sí dóchasach go dtiocfaidh rud éigin maith as an am gearr a chaith sí ar X-Factor. Bhí iar-iomaitheoirí X-Factoreile i measc na mbuaiteoirí ar an oíche freisin, áit gur bhain JLS gradam don bhanna Briotanach is fearr agus don albam is fearr amach. Thug Tinie Tempah dhá dhuais abhaile leis chomh maith, agus d'éirigh le Plan B, Professor Green, Eminem agus NDubz duais an duine acu a bhuaigh ag an mbronnadh leis.

***Éist leis an bpopnuacht seo mar Audio MP3 ar www.rrr.ie***

# Comórtas Nuacht na nÓg

## I gcomhair le Gael Linn

**TÁ Gaelscéal i gcomhair le Screenway ag tabhairt seans duitse iPod Shuffle a bhuachan. Tá muid ag iarraidh scéalta nuachta ó do cheantar. Is féidir iad a chur chugainn mar alt nuachta, podchraoladh nó físeán. Piocfaidh muid an chuid is fearr le foilsiú ar an nuachtán agus le cur ar ár suíomh gréasán gach seachtain. Buafaidh an ceann is fearr duais gach seachtain agus beidh na buaiteoirí seachtainiúil san áireamh le haghaidh duais mhór a bhuachan ag deireadh na scoilbhliana, scoláireacht do cheann do Choláistí Samhraidh Gael Linn. D'fhéadfá scéal a dhéanamh faoi rud éigin atá ag tarlú i do scoil, i do cheantar, sna clubanna nó cumainn go háitiúil. B'fhéidir go bhfuil nuacht shuimiúil agat faoi imeacht nó ócáid atá ar siúl nó duine a bhfuil rud faoi leith bainte amach, nó ar siúl acu. Cibé ceann acu é, teastaíonn bhur scéalta uainn! Ní mór ailt nuachta a bheith idir 200-300 focal agus físeáin nó podchraoltaí a bheith idir 3-7 nóiméad.**

**Seol iarratas chuig: eolas@gaelsceal.ie agus cur 'Comórtas Nuacht na nÓg' mar cheannt eideal air.
Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig:
'Comórtas Nuacht na nÓg', Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.**

Screenway
Galway's authorised Apple Reseller, Support and Training Centre

GAEL LINN

**Coláistí Samhraidh atá difriúil**

- Béim ar labhairt na Gaeilge
- Cúrsa bunaithe ar **TEG** [Teastas Eorpach na Gaeilge]
- Béim ar ghníomhaíochtaí praiticiúla
- Rogha de chúrsaí coicíse agus 3 seachtaine

**Coláiste Gael Linn Riocaird Bairéid**
Eachléim, Co. Mhaigh Eo.
- modúl scannánaíochta

**Coláiste Gael Linn Bhaile Bhúirne**
Baile Bhúirne, Co. Chorcaí.
- Béim ar na spóirt dhúchasacha

**Coláiste Gael Linn Bhun an Inbhir**
Bun an Inbhir, Co. Dhún na nGall.
- modúl roghnach spórt uisce

Bróisiúir ar fáil anois gach eolas: Teil: 1890 675 675
www.gael-linn.ie

# Spórt

**Do scéal féin** Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil. Má tá ócáidí, imeachtaí nó aon rud mar sin ar siúl agaibh, bí i dteagmháil linn. Cur nuacht , pictiúir agus ábhar eile chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie**

Nuacht na nóg

Isaac Boss ag tabhairt faoi Kahn Fotuailli, ó Shamó, le linn an chluiche idirnáisiúnta i Staid Aviva.

## Bua éasca ag Éirinn

BHÍ an bua ag Éirinn in aghaidh Shamó i Staid Aviva Dé Sathairn seo caite. Bhí sé éasca an ceann is fearr a fháil ar Shamó mar gurb iad ceann de na foirne is laige atá ag imirt an fómhar seo. Bhí súil ag gach duine go mbeadh Brian O' Driscoll ag mothú níos fearr roimh an chluiche. Ní raibh O'Driscoll ag na seisiúin traenála roimh an chluiche mar go raibh veirtige air. Dá mbeadh tuilleadh de sheilbh na liathróide ag Samó agus dá mbainfeadh siad buntáiste níos mó as sin, seans nach mbeadh an bua ag foireann Declan Kidney ar chor ar bith. Thóg sé tamall ar fhoireann na hÉireann smacht a fháil ar an chluiche ach chríochnaigh siad le 10 bpointe d'fharasbarr ar Shamó. Tá feabhas mór le déanamh ag Éirinn roimh a gcluiche leis na 'All Blacks' Dé Sathairn seo chugainn má tá siad chun an ceann is fearr a fháil ar fhoireann na Nua-Shéalainne.

### ! Gluais

**Samó** - Samoa
**Veirtige**-vertigo
**Seilbh**- possession
**Farasbarr** - Surplus
**An ceann is fearr a fháil ar**- To get the better of

## Rooney ar ais ar a shean léim!

TÁ Wayne Rooney ar ais ar a shean léim arís tar éis a bheith amuigh tinn le rúitín gortaithe ó bhí Dheireadh Fómhair ann. Tá Rooney réidh chun a thuarastal de £160,000 sa tseachtain a shaothrú arís!

Bhí neamhchinnteacht ann faoi cé chomh fada eile agus a bheadh Rooney ag fáil a thuarastail ollmhóir. Bhí bagairt ann go n-imeodh Rooney leis agus a chuid buanna a chuir chun sochair foirne eile. Ach mheall Alex Ferguson Wayne Rooney chun conradh eile cúig bliana a shíniú le Manchain Aontaithe.

Cosnóidh an t-ardú tuarastail de £70,000 sa tseachtain atá faighte ag Rooney, £2.4 milliún sa bhreis ar United i dtuarastail ón am a shínigh sé an conradh i mí na Samhna go dtí mí an Mheithimh seo chugainn.

D'admhaigh Alex Ferguson gur goilleadh ar imreoirí na foirne "gortaithe" nuair a sheas Rooney siar ón chonradh. Tá cuid mhaith den mheas agus den chion a bhí ag an lucht tacaíochta ar Rooney imithe le sruth mar gheall ar an tslí ar láimhseáil sé an cás.

## Cuairt ag foireann rugbaí Shamó ar ospidéal Shráid an Teampaill

THUG imreoirí ó fhoireann Shamó cuairt ar othair in ospidéal Shráid an Teampaill ar 11 Samhain. Sa phictiúr ó chlé tá na himreoirí rugbaí Seilala Maspusua agus Cencus Johnston in éineacht le hEimear Mc Glynn, 11, as Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall. Thug na himreoirí cuairt ar an ospidéal roimh a gcluiche in aghaidh fhoireann na hÉireann.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 19 Samhain, 2010

# Scrúdú géar le cur ar Andy Murray

**Gráinne McElwain**

CUIRFEAR tús le Craobhchomórtas an *Barclays ATP World Tour* san O2 i Londain ar an Domhnach beag seo leis an Albanach Andy Murray ag tabhairt aghaidh ar Robin Soderling. D'imir an bheirt seo in aghaidh a chéile an tseachtain seo caite ag an Masters i bPáras agus bhuaigh fear na Sualainne an choimhlint sin. Is é Soderling an ceathrú duine is fearr ar domhan faoi láthair.

Shleamhnaigh Murray go huimhir a cúig ar chlár na bpointí tar éis na cailliúna sin.

Beidh ar Murray cluichí a imirt in aghaidh Roger Federer agus David Ferrer i ngrúpa B ach d'fhéadfadh sé a bheith níos measa mar go bhfuil cuid de na himreoirí is fearr ar domhan faoi láthair ar nós Rafa Nadal, Novok Djokovic, Tomas Berdych agus Andy Roddick sa ghrúpa eile.

Deirtear gurb é sin an grúpa is deacra sa chomórtas.

Bhuaigh Murray dhá chluiche anuraidh sa chomórtas seo ach níor leor é agus chaill sé amach ar áit sna babhtaí leathcheannais. Ní bheidh seaimpín na bliana seo caite Nikolay Davydenko ag imirt mar gheall ar ghortú láimhe agus gheobhaidh buaiteoir an chomórtais seo 1,500 pointe sa chomórtas idirnáisiúnta seo.

# Peileadóir óg Ard Mhacha ag dul go Brasaíl

**Anton Mac Cába**

FAOI DHEIREADH na míosa beidh peileadóir 18 bliain d'aois as Ard Mhacha ag imirt ar son Porto Alegre FC sa Bhrasaíl. Tá Ciarán Ryan anois ag imirt le Loch gCál i Sraith na hÉireann. Sráidbhaile atá i Loch gCál; tá Porto Alegre ar chathracha móra na Brasaíle. Is le dearthair de chúid réalta AC Milan, Ronaldinho, Porto Alegre FC.

Ceithre mhí ó shoin bhí Ryan le Tóin re Gaoith, club sóiséarach. Ta Loch gCál ag ligint dó imeacht gan pingin a éileamh ó Porto Alegre FC. "Tá áthas orainn sin a dhéanamh," arsa Steven Hatfield ón gclub.

Tá neart imreoirí ó thíortha eile ó Mheiriceá Laidineach sa Bhrasaíl. Is beag imreoir Eorpach atá ann. Is é an Seirbeach Dejan Petkovic ó Flamengo an tEorpach aitheanta ann.

Imríonn Porto Alegre i sraith an stáit. Dúirt urlabhraí thar ceann Ambasáid na Brasaíle i Londain nár cheart dó sin dallamullóg a chur ar dhaoine. Níl clubanna móra na Brasaíle chomh maith le clubanna móra na hEorpa, mar gur chun na hEorpa a imíonn na himreoirí is fearr.

"Tá leibhéal iontach ard teicníce (ag na peileadóirí sa tír)," ar seisean. "Má amharcann tú ar an dara nó an tríú roinn, ó thaobh teicníce tá siad i bhfad, i bhfad chun tosaigh ar an Chraobhchomórtas nó an Chéad Roinn."

# Ná Déan Nós agus ná Bris Nós

(PIC. ROSS SETFORD / SPORTSFILE)

**Gráinne McElwain**

Is é an nós atá ag foireann na h*All Blacks* ná an *Haka* nó *Ka Mate Haka* a dhéanamh roimh thús an chluiche. Is siombail láidir, stairiúil, troda é don fhreasúra agus tá deacrachtaí ag foirne ón leathsféar thuaidh go speisialta leis. Níl a fhios acu an bealach is fearr chun plé leis - meas a bheith acu air nó neamhaird a dhéanamh de agus dé ghnáth cuireann an taispeántas seo isteach go mór ar an lucht tacaíochta agus na himreoirí. Cuireann siad an iomarca ama amú ag iarraidh rudaí as an ghnáth a dhéanamh chun teacht salach ar thionchar an Haka, ach in amantaí déanann siad dearmad ar a gcluiche féin.

Dar liom, is mór an náire é nach bhfuair an Haka an t-ómós agus meas ceart in aghaidh Shasana agus na hAlban le coicís anuas. Níl na meáin chumarsáide sa Nua-Shéalainn ró-thógtha leis sin ach an oiread.

Ní thuigeann siad cad chuige go bhfuil an méid sin cainte faoin Haka ar thaobh seo an domhain agus scríobhadh sa New Zealand Herald go gceapann sé go bhfuil an seans ann "go bhfuil fadhb ag na Sasanaigh leis mar go gceapann siad go bhfuil siad ag tabhairt buntáiste síceolaíochta do na hAll Blacks." Ach níl ann ach nós agus tá súil agam go dtabharfar an meas ceart amárach don *Haka* i Staid Aviva.

Is ó chultúr na Maori a shíolraigh an nós seo agus dúradh go ndearna Te Rauparaha, ceannaire ón treabh Ngati Toa, an *Haka* seo nuair a shábháil bean Tuwharetoa é óna namhaid. Tá foireann na h*All Blacks* ag úsáid an *Haka* seo ó 1905.

Faoi láthair, áfach, tá cás dlí ar siúl sa Nua-Shéalainn faoin cóipcheart a bhaineann leis an *Ka Mate*. Tá comhráití ar siúl idir an NZRU agus Ngati Toa le go mbeidh cead ag na h*All Blacks* é a úsáid amach anseo. Tá an dá ghrúpa muinineach go mbeidh comhaontú ann go luath agus tá sé seo tábhachtach go háirithe le Corn Rugbaí an Domhain ag teacht an bhliain seo chugainn. Bhí Ngati Toa sásta i gcónaí leis na foirne á úsáid mar ghné chultúrtha ach cosúil le go leor rudaí eile, tá airgead tagtha isteach sa scéal anois. Bí cinnte go mbeidh an-tóir ar an *Ka Mate* ar earraí éagsúla a dhíolfar agus tá go leor daoine ag iarraidh leas a bhaint as.

Mar sin, bain sult as an *Haka* amárach. Is rud speisialta é nach bhfeiceann muid ró-mhinic.

# Sraith Magners an deireadh seachtaine seo

Tá ceithre chluiche le himirt i mbabhta a hocht den tSraith Magners an deireadh seachtaine seo le go leor de na príomhimreoirí in easnamh mar gheall ar chluichí idirnáisiúnta sa tSraith Guinness.

## Cúige Chonnacht v Ospreys, Sportsground

Anocht @ 7.00in

Faoi láthair, tá ceathrar in easnamh ar Eric Elwood don chluiche seo: Seán Cronin, Gavin Duffy, John Muldoon agus Brett Wilkinson, ach ba chóir go mbeadh gach imreoir ar ais seachas Seán Cronin do Elwood anocht. Níl Adrian Flavin ar fáil mar gheall ar ghortú agus tar éis sárthaispeántais ag na leaids óga in aghaidh Shamó an tseachtain seo caite, ní bheidh faitíos ar Elwood iad a úsáid anocht. Níl ach cluiche amháin as baile buaite ag na hOspreys agus sin in aghaidh na Scarlets 21-8. Ach seo deis mhaith do Chonnachta le 10 imreoir in easnamh ar na hOspreys.

## Cúige Laighean v Newport Gwent Dragons, RDS

Anocht @ 7.05in

Tá rudaí ag dul go maith do Chúige Laighean ó chaill siad in aghaidh Dhún Éideann dhá mhí ó shin. Beidh Leo Cullen agus Isaac Boss ar fáil do Laighin agus seans go bhfeicfimid an frapa nua Clint Newland ag tosnú. Níl an méid sin imreoirí in easnamh ar na Dragons. Cé go raibh bua maith ag na Dragons in aghaidh na hOspreys sa bhabhta deireanach, níl siad tar éis buachaint as baile in aghaidh Chúige Laighean go fóill. Ba chóir go mbeadh go leor ag foireann Joe Schmidt chun an lámh in uachtar a fháil san RDS.

## Cardiff Blues v Ulaidh, Cardiff

Domhnach @ 3.45in

Ní bhíonn Cúige Uladh go maith ag imirt as baile agus go háirithe sa Bhreatain Bheag. Tá na trí chluiche dheireanacha i ngach comórtas caillte acu. Chaill Ulaidh go dona in aghaidh Chúige Mumhan sa bhabhta deireanach 16-6. Ní raibh Brian McLaughlin, cóitseálaí na foirne, sásta leis an dóigh nach raibh Ulaidh in ann seilbh na liathróide a úsáid chun pointí a aimsiú. Ní bheidh na himreoirí móra acu ach an oiread, ina measc Ruan Piennar, Paddy Wallace, Andrew Trimble, Rory Best agus Stephen Ferris, agus ciallaíonn sé sin go mbeidh sé an-deacair ag na hUltaigh as baile.

## Cúige Mumhan v Scarlets, Musgrave

Domhnach @ 5.35in

Beo ar TG4

Seo cluiche an deireadh seachtaine. Tá Cúige Mumhan ar bharr an tábla faoi láthair ar 28 pointe le Scarlets sa dara háit ar 24 pointe. Cé nach raibh an fhoireann is láidre ag na Muimhnigh in aghaidh na hAstráile le linn na seachtaine, thaispeáin siad arís cé chomh maith is atá siad le bua compordach (15-6). Níl na Scarlets tar éis an lámh in uachtar a fháil ar Chúige Mumhan le naoi gcluiche anuas agus ní dóigh liom go n-éireoidh leo ar an Domhnach ach an oiread.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 19 Samhain, 2010

# Leabhair CLG don Nollaig seo

John Allen

Tá an Nollaig ag teacht agus gach a mbaineann leis. Táim cinnte go leor go bhfuil cuid maith daoine i mbliana nach bhfuil ag súil leis an bhféile Chríostúil seo agus iad, b'fhéidir, as obair agus ganntanas mór airgid ag cur isteach orthu. Aimsir na Nollag bíonn brú breise ann maidir le bronntanais a cheannach.

Dar ndóigh tá an fhógraíocht tosaithe cheana féin agus siopaí ag iarraidh daoine a mhealladh isteach chomh luath agus is féidir.

An t-am seo bliana tagann an t-uafás leabhair nua ar an margadh. Le blianta beaga tá borradh mór tagtha ar an méid leabhar a thagann amach a bhaineann le cluichí Gaelacha .

Le mí anuas bhí seoladh leabhair CLG ann gach seachtain agus uaireanta cúpla ceann i seachtain amháin . I mo thuairim, tríd is tríd, tá an caighdeán ag feabhsú gach bliain .

Anuraidh scríobh Damian Lawlor leabhar an-mhaith faoi fhoireann idirchontae peile na Déise '*Working on a Dream*' . Lean sé an fhoireann ar feadh bliain amháin agus chruthaigh sé cuntas an-suimiúil faoi thuras fhoireann a bhíonn ag snámh in aghaidh easa an chuid is mó den am .

I mbliana tá an scéal céanna á insint faoi chlub ó chontae an Chláir.

Sheol an t-iriseoir Christy O'Connor a leabhar nua le déanaí, '*The Club: Hunger, Conflict and Heartbreak*' . Tá an club mar bhunchloch ag an CLG ó bunaíodh é sa bhliain 1884. Sna laethanta sin is iad na clubanna céanna a d'imir ar son na gcontaetha agus Commercials Luimnigh sa pheil agus Dúrlas Éile Thiobraid Árann san iomáint ag crochadh leo craobhacha na hÉireann den chéad uair riamh sa bhliain 1887.

D'athraigh an córas sin sna fichidí agus thosaigh cluichí idirchontae le foirne déanta suas des na himreoirí is fearr sa chontae . I láthair na huaire faigheann na himreoirí seo an t-aitheantas is mó agus na coinníollacha is fearr.

Go dtí seo, gach bliain , is iad na himreoirí idirchontae príomhábhair na leabhar go léir beagnach. Is maith an rud anois go bhfuil leabhair againn a bhaineann go hiomlán leis an gclub.

Is cuntas iomlán an leabhar seo ar an bhliain 2009 lena chlub féinig St Joseph's Doora Barefield . Deir sé féin gur spreag bás a iníne óige Róisín agus bás a sheancharad, agus iar-imreoir de chuid an chlub, Ger Hoey an leabhar úrnua seo.

Is scríbhneoir an-mhaith é O'Connor agus bhain sé mórán cáile amach faoina leabhar deireanach Last Man Standing, leabhar a rinne an-chur síos ar na cúl báirí iomána is fearr sa tír.

Sa leabhar seo tá sé an-soiléir go luath go bhfuil sé ag iarraidh pictiúr macánta de shaol an chlub a chruthú chomh cruinn agus is féidir. Úsáideann sé cuid mhaith de dhroch-theanga an tseomra feistis agus an chlubthí chun an mhacántacht seo a dhéanamh fíor-bheo sa leabhar.

Meallann sé isteach an léitheoir go luath le cur síos iontach faoin gcoimhlint ghéar a bhí idir Patsy Fahey agus Kevin Kennedy chun bheith mar bhainisteoir ar fhoireann sinsir iomána an chlub.

Déanann sé an-chur síos ar an gclub mar aonad agus mar chroí-lár an pharóiste. Déanann se cur síos iontach freisin ar na fadhbanna go léir a chuireann isteach ar gach club, go háirithe ó thaobh easpa cluichí dos na gnáthimreoirí club .

Míníonn sé cé chomh deacair is atá sé a bheith gan cluichí craoibhe i lár an tsamhraidh agus luann sé go raibh 112 lá idir a chéad chluiche craoibhe agus an dara ceann in 2010.




**Tá éacht déanta ag Christy leis an leabhar seo. D'fhéadfadh coiste éigin i bPáirc an Chrócaigh é a úsáid mar pháipéar bán faoi fhadhbanna an chlub CLG i láthair na huaire.**

Déanann sé tagairt freisin don bhliain roimhe sin nuair a thosaigh siad ag traenáil i lár mhí Eanáir agus gan an chéad chluiche craoibhe go dtí lár mhí Lúnasa acu .

Tá éacht déanta ag Christy leis an leabhar seo. D'fhéadfadh coiste éigin i bPáirc an Chrócaigh é a úsáid mar pháipéar bán faoi fhadhbanna an chlub CLG i láthair na huaire.

"Ní haon iontas", a deir sé "go n-éiríonn cuid mhaith imreoirí club as imirt go luath de bharr an méid éiginnteachta a bhaineann le himirt na gcluichí club.

Mar atá cúrsaí faoi láthair ní féidir leo pleananna saoire aon bhliain a dhéanamh mar ní bhíonn fhios acu cathain a bhíonn na cluichí ar siúl . Braitheann gach cluiche ar thoil an bhainisteoir contae. Níl aon mheas tugtha do chúrsaí oibre ná do chúrsaí clainne an imreoir club."

Ta cur síos an-chruinn déanta freisin aige ar na deacrachtaí a bhíonn ag an gclub maidir le láimhseáil imreoirí a bhíonn ag imirt agus ag traenáil d'idir an fhoireann peile agus an fhoireann iomána agus an teannas a bhíonn ann uaireanta idir bainistíocht agus imreoirí .

Tríd is tríd is leabhar iontach é seo agus is fiú go mór é a cheannach d'aon leantóir cluichí Gaelacha ar do liosta.

Scríobhfaidh mé níos mó faoi chuid des na leabhair eile atá ar an mhargadh Nollag seachtain éigin eile .

Beir Bua.

# Stailc as an bhealach don GPA

Gráinne McElwain

**THÁINIG tuairisc amach le déanaí ón GPA ag impí ar an rialtas gan na deontais a fhaigheann imreoirí idirchontae CLG a ghearradh tuilleadh sa bhuiséad an mhí seo chugainn.**

Mar is eol don saol Gaelach, bunaíodh an GPA i 1999 chun cothrom na féinne agus comhstádas a bhaint amach d'imreoirí amaitéaracha mar aon le himreoirí spóirt eile sa tír.

Bhí feachtas mór poiblíochta ann ag an am agus d'éirigh leis an GPA comhaontú polaitiúil a fháil chun deontas a chur ar fáil do na himreoirí idirchontae a bheadh idir €1000 agus €2500 in aghaidh na bliana.

Tháinig na deontais seo isteach i 2008. Tar éis bliana, gearradh siar 70% ar na deontais agus ciallaíonn sin nach raibh imreoirí ach ag fáil idir €300 agus €700.

"D'fhoilsigh muid an tuairisc seo mar bhí muid ag iarraidh prionsabal na scéime a chosaint," a deir Seán Potts, Bainisteoir Cumarsáide an GPA. "Gearradh siar deontais na n-imreoirí 70% ach ní raibh ach 10% de ghearradh ag spóirt eile ar nós lúthchleasaíocht. Tuigeann muid go maith go bhfuil rudaí go hainís anois sa gheilleagar eacnamaíochta ach tá muid ag iarraidh go mbeidh cothrom na féinne ann agus nach mbeidh muid ar an t-aon dream a bheas ag fulaingt tar éis an bhuiséid."

**Dessie Farrell, Príomhfheidhmeannach leis an GPA, atá ag feitheamh ar an Bhuiséad.** (PIC : BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE)

" Dúradh linn tar éis an ghearradh siar a déanadh go mbeadh na deontais sábhailte ach tá muid an-bhuartha faoi agus sin é an chúis gur ndéanadh an tuairisc. Tá muid ag iarraidh é a chur amach ansin, cé chomh luachmhar is atá na cluichí agus na himreoirí a imríonn. Mar shampla, cuireann imreoirí CLG agus na cluichí 192 milliúin isteach in eacnamaíocht na tíre seo gach bliain"

De réir figiúirí na tuairisce a bhí déanta ag Indecon International Economic Consultants anuraidh, bhí 1.6 milliúin duine ag cluichí Sraithe agus Craoibhe an CLG. Chuaigh 899,000 duine chuig 45 cluiche Craoibhe san Iomáint agus sa Pheil agus fuarthas €19.5 milliúin ag na geataí. Ach cé chomh dóchasach is atá an GPA nach gearrfar siar arís orthu?

"Ní féidir linn aon rud a dhéanamh go dtí go mbeidh an buiséad thart. Tá athbhreithniú ag dul ar aghaidh faoi láthair ar an scéal seo ag an Chomhairle Spóirt agus feicfidh muid cé na moltaí a bheas acu sin don scéim," a deir Seán.

"Níl muid chun a rá anois go mbeidh muid ag dul amach ar stailc nó níl muid ag bagairt tada faoi láthair. Bun agus barr an scéil anois ná go gcaithfidh muid fanacht agus feicfimid. Rud nach bhfuil muid ag iarraidh a fheiceáil ná spóirt eile ag teacht amach go breá agus muid an t-aon ghrúpa a bheas ag dul in olcas. Sílim go bhfuil dearcadh amuigh ansin go fóill mar gur amaitéaraigh muid, gur féidir muid a chur síos níos furasta agus nach gcaithfear muid a láimhseáil sa bhealach céanna. Ní aontaím le sin agus is leor 70% den fhulaingt dar liomsa."

Fadhb eile ár ndóigh le baill den GPA agus sa tír seo go ginearálta ná an méid daoine atá ag dul thar lear ar imirce.

"Cinnte tá tionchar aige sin ar ár gCumann. Tá 2,100 duine ina bhall den GPA agus as sin tá 16% acu dífhostaithe. Sin figiúir mór ach níl muid ag iarraidh faitíos a chur ar ár n-imreoirí. Tá an GPA ag iarraidh cuidiú a thabhairt ar aon bhealach gur féidir agus tá maoiniú curtha ar leataobh d'imreoirí le comhairle a chur orthu ar phostanna nó filleadh ar choláiste nó cibé rud a fheileann dóibh."

"Tá imní orainn go méadaíodh an méid daoine a bheas ag iarraidh dul thar lear ach faoi láthair níl imreoirí móra le rá tar éis imeacht go fóill. Athróidh méid na faidhbe nuair a tharlódh sé sin. Cheana féin tá ceathrar imreoirí mór le rá ó Chontae Lú ag caint ar a dhul chun na hAstráile am Nollag, Brian White agus Shane Lennon ina measc. Sin imreoirí a raibh an-bhliain acu agus beidh sé an deacair ag an Lú imirt agus a bheith iomaíocht gan iad don bhliain seo chugainn. Táim buartha go mbeidh níos mó imreoirí mar sin ag imeacht ach tá an GPA ag déanamh a ndícheall chun cuidiú a thabhairt ach níl sé éasca."

Bhí sé ráite ag iriseoir amháin i rith na seachtaine gur chóir don GPA na deontais ar fad a chur isteach sa chiseán agus aire a thabhairt d'imreoirí eile nach bhfuil go maith as faoi láthair. Cad a cheaptar faoi sin?

" Ní aontaím le sin. Níl na himreoirí ach ag fáil idir €300 agus €700 agus iad gan fhostaíocht. Ní hé sin réiteach na faidhbe," a deir Seán.

Cosúil le go leor daoine eile mar sin, beidh an GPA ag iarraidh a bheith dóchasach ag feitheamh ar bhreithiúnas Brian Lenihan an mhí seo chugainn sa bhuiséad.

# Cill Fhir Iarainn ag iarraidh Craobh Chonnacht eile a bhaint

Gráinne McElwain

**FEICFEAR Cill Fhir Iarainn as Gaillimh agus Naomh Bríd ó Ros Comáin ag imirt in aghaidh a chéile an Domhnach beag seo i gCluiche Ceannais Chonnacht na gClub.**

Chaill Pádraig Joyce amach ar an chluiche leathcheannais in aghaidh Bhaile an Tobair mar gheall go raibh sé ar a mhí na meala ach fillfidh sé abhaile amárach agus beidh sé ainmnithe ar an fhoireann Dé Domhnaigh. Bhí bua le pointe amháin ag Seaimpíní na Gaillimhe ar Sheaimpíní Mhaigh Eo ach is é an taispeántas a chuaigh i bhfeidhm go mór ar an bhainisteoir Tommie Joyce.

"Bhí mé an-sásta leis an dóigh a d'obair muid ar an lá. D'imir muid go maith agus ní raibh fadhb ar bith ag éinne obair chrua. Thaitin sin go mór liom faoi thaispeántas," a deir Tommie.

Tá Cill Fhir Iarainn ag iarraidh a tríú Craobh Chonnacht a bhaint agus a gcéad ceann ó 1978. Bhuaigh Naomh Bríd an comórtas i 2006 agus nuair a chas siad le Cill Fhir Iarainn i gCluiche Leathcheannais Chonnacht i 2007, bhí an-bhua acu ar an lá.

An buntáiste é an taithí sin?

"Níl bonn Chonnacht ag éinne ar fhoireann s'againne agus tá ag foireann Naomh Bríd. Tá an-taithí ag Naomh Bríd agus cuideoidh sé sin go mór leo. Ach tá muid an-mhuiníneach don chluiche seo. Níl brú orainn agus chuidigh an cluiche in aghaidh Bhaile an Tobair linn. Chomh maith le sin, beidh an cluiche i dTuaim agus níl sin ach deich nóiméad síos an bóthair uainn. Is buntáiste é sin."

" Tá imreoirí móra ag Naomh Bríd ar nós Frankie Dolan, Karol Mannion agus Senan Kilbride. Ní fhaca mé aon chluiche a d'imir siad go dtí seo ach ag féachaint ar an fhoireann, tá a fhios agat cé chomh cumasach is atá siad ach tá muid ag súil go mór leis an choimhlint," a deir Tommie.

Is é Tommie Joyce bainisteoir na foirne agus bíonn sé ag imirt i lár na páirce ach an gcruthaíonn sé sin aon deacrachtaí dó?

"Cinnte bíonn sé deacair an dá rud a dhéanamh ach tá coiste iontach agam agus ar an lá, déanann siad go leor den eagrúcháin. Is féidir liom mar sin, dírigh isteach ar mo chluiche féin."

Beidh Tommie ag súil go mbeidh an bua ag Cill Fhir Iarainn agus go mbeidh bóthar eile níos faide ag an Chlub sa bhliain úr. Ceapadh ina bhainisteoir Mionúir na Gaillimhe le déanaí ach ní bheidh sé ag tosnú na hoibre sin go dtí mí Eanáir. Tá go leor le smaoineamh aige faoi idir an dá linn.

**Bainisteoir Foirne Chill Fhir Iarainn Tommie Joyce** (PIC. CREDIT: DAVID MAHER / SPORTSFILE)

# SPÓRT

Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**

Gaelscéal
● 19.11.2010

Beidh ar Éire feabhsú amárach in aghaidh na *hAll Blacks*.

# Go ndéantar trócaire orainn!

## Éire v. Nua Shealáin, amárach @ 5.30 ar BBC2 agus RTÉ 2

**Gráinne McElwain**

Má tá tú cosúil liomsa na laethanta seo, seans maith go bhfuil tú go hiomlán dubh dóite as an chaint agus easpa dóchais atá le feiceáil sna meáin agus craoltóirí na tíre seo agus iad ag caint agus ag plé gheilleagar na tíre. Cinnte, tá muid i dtrioblóid ach bheadh sé iontach scéalta beaga dearfacha a chluinstin seachas an bhéim a chuirtear ar na droch-scéalta.

De ghnáth, bheifeá in ann brath ar na scéalta spóirt chun do chroí a ardú, ach ansin cloiseann tú go bhfuil na hAll Blacks ag teacht.

Mhúin an Nua-Shéalainn ceacht rugbaí d'Albain an deireadh seachtaine seo caite nuair a rinne siad slad orthu (49-3). Cé gur bhuaigh Éire in aghaidh Shamó (20-10), bhí an t-ádh orthu agus don dara seachtain as a chéile níor imir siad go maith. Bhí an easpa muiníne san fhoireann rí-fheiceálach agus is cúis mhór imní do Declan Kidney é nár fheabhsaigh siad, go deimhin bhí an chuma orthu go raibh siad ag dul in olcas. Bhí fadhbanna le gluaiseacht sna cúlaithe, leis an dóigh ar láimhseáil siad an liathróid agus rinneadh neart botúin bhunúsacha sa rucáil agus sna gluaiseachtaí imeartha.

Luaigh Ronan O'Gara tar éis an chluiche in aghaidh Shamó, fear a bhíonn ionraic ina chuid agallamh i gcónaí, go bhfuil easpa muiníne ar an fhoireann ach a mhalairt a dúirt Luke Fitzgerald nuair a chuir sé an locht ar na coinníollacha. Cibé rud a bhí i gceist, caithfidh an fhoireann a mojo a fháil ar ais arís amárach nó beidh an toradh céanna againn agus a bhí ag Albain an tseachtain seo caite.

Gan dabht, is iad na hAll Blacks an fhoireann is fearr ar domhan faoi láthair. Níl Éire tar éis an lámh in uachtar a fháil orthu riamh. Ó thosaigh siad ag imirt in aghaidh a chéile in 1905, tá comhscór amháin bainte amach ag na hÉireannaigh ach chaill siad 21 cluiche chomh maith. Is beag locht gur féidir a phiocadh amach mar go bhfuil siad láidir ar fud na páirce. Thosaigh Sonny Bill Williams den chéad uair sa gheansaí dubh in aghaidh Shasana coicís ó shin agus roghnaíodh é mar laoch na himeartha an tseachtain seo caite in aghaidh na hAlban. Bhreathnaigh sé go raibh taithí na mblianta aige. Níl sé ach 25 bliain d'aois agus is ag feabhsú an t-am ar fad a bheidh sé. Ciallaíonn sin go bhfuil an-iomaíocht idir Williams, Conrad Smith agus Ma'a Nonu sa lár agus le Corn Rugbaí an Domhain ag teacht an bhliain seo chugainn, nach é Graham Henry a bheas sásta faoi sin. Mar sin, cad a chaithfidh Éire a dhéanamh chun na hAll Blacks a bhualadh? Ní dóigh liom go mbeidh an bua againn ach bheifeá ag súil le taispeántas ina léireoidh siad muinín agus clisteacht agus leis an Staid Aviva lán go doras, cuideoidh an t-atmaisféar le himreoirí na hÉireann. Níor sheas Seán Cronin ná Seán O'Brien amach an lá cheana agus seans maith go dtabharfar Rory Best agus David Wallace isteach arís. Rinne Devin Toner go maith ina chéad chluiche agus d'fheabhsaigh an síneadh amach mar gheall air. Déarfainn go dtosóidh sé sa dara líne arís le Donncha O'Callaghan.

Caithfidh Éire a bheith cinnte gan seansanna a thabhairt don Nua-Shéalainn dul ar an ionsaí nuair a bhriseann ár n-ionsaí féin síos. Luaigh Les Kiss, Cóitseálaí Cosanta na hÉireann, i rith na seachtaine "Is maith leis na hAll Blacks cluichí scoilte agus de ghnáth, faigheann siad 72% de na scóranna ón imirt nach bhfuil aon struchtúr ag baint leis." Mar sin, muna bhfuil tú láidir i do shíneadh amach agus sa chlibirt, rud nach raibh go maith ag Éirinn go dtí seo, beidh fadhb mhór agat in aghaidh na hAll Blacks. Tá áit speisialta ina chroí ag Captaen na hAll Blacks, Richie McCaw, do Bhaile Átha Cliath mar chuir sé an geansaí dubh air féin den chéad uair sa chathair sin nuair a d'imir sé in aghaidh na hÉireann in 2001. Saothróidh sé a 93ú caipín amárach ach oiread leis an lánchúlaí Mils Muliaina, níos mó ná aon All Black eile riamh. Bhuaigh an Nua-Shéalainn an cluiche sin in 2001 40-29 ach tá muid ag súil nach mbeidh an áit chomh speisialta arís dó an uair seo. Caithfidh muid a bheith dearfach ach tá obair le déanamh ag na hÉireannaigh.